II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/111 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Eanáir 2023

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid shailligh de thionscnamh na hIndinéise

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1] (an bun-Rialachán), agus go háirithe Airteagal 9(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 30 Samhain 2021, thionscain an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún") imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí aigéid shailligh de thionscnamh na hIndinéise ("an tír lena mbaineann") ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* [2] ("an Fógra Tionscnaimh").

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a rinne an Comhlachas i gCoinne Trádáil Éagórach Aigéid Shailligh ("an gearánach" nó "CUTFA") an 18 Deireadh Fómhair 2021. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal aigéid shailligh an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Sa ghearán bhí fianaise maidir le dumpáil agus le díobháil ábhartha dá dheasca sin, rud a bhí leordhóthanach chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

(3) An 13 Bealtaine 2022, thionscain an Coimisiún imscrúdú frith-fhóirdheontais i ndáil le hallmhairí aigéid shailligh de thionscnamh na hIndinéise. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* [3].

1.2. Páirtithe leasmhara

(4) San Fhógra Tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl don ghearánach, do tháirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, do na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta, d'údaráis na hIndinéise, d'allmhaireoirí agus d'úsáideoirí aitheanta, gur tionscnaíodh an t-imscrúdú agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(5) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar thionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh os comhair an Choimisiúin agus/nó an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála.

(6) Tionóladh éisteachtaí le táirgeoir bithdhíosail, Campa Iberia SAU ("Campa") agus a chuideachta chomhlachaithe, IM Biofuel Italy S.r.l. ("Imbi"), (dá ngairtear "Campa/Imbi" le chéile), agus táirgeoir sampláilte de chuid an Aontais, AAK AB ("AAK").

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
[2] Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí aigéid shailligh de thionscnamh na hIndinéise (IO C 482, 30.11.2021, lch. 5).
[3] Fógra tionscnaimh maidir le nós imeachta frith-fhóirdheontais a bhaineann le hallmhairí aigéid shailligh de thionscnamh na hIndinéise (IO C 195, 13.5.2022, lch. 11).

1.3. **Barúlacha tráth an tionscnamh**

(7) Fuair an Coimisiún barúlacha tráth an tionscnaimh ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin P.T Musim Mas ("Musim Mas") agus a onnmhaireoir comhlachaithe P.T. Intibenua Perkasatama ("IBP") (dá ngairtear "Musim Mas group" le chéile), P.T. Wilmar Nabati Indonesia ("Wilmar"), P.T. Nubika Jaya agus P.T. Permata Hijau Palm Oleo (dá ngairtear "Permata group" le chéile), agus Rialtas na hIndinéise.

(8) Mhaígh Musim Mas group, Wilmar agus Rialtas na hIndinéise go raibh an sainmhíniú ar an táirge faoi imscrúdú sa ghearán róleathan toisc gur áirithíodh leis aigéid shailleacha nárbh iad ábhar an ghearáin iad (amhail aigéad sailleach a úsáidtear chun bithdhíosal a tháirgeadh, aigéid phailmíteacha a úsáidtear le haghaidh beatha ainmhithe, aigéid oiléacha glasraí a úsáidtear le haghaidh bia agus aigéid shailleacha a fhaightear ó ola chnó cócó). Mhaígh Rialtas na hIndinéise, toisc nár shainmhínigh an gearánach an an raon táirge i gceart sa ghearán, go mbeadh éifeacht aige ar bhailíocht an ghearáin agus ar bhailíocht an réasúnaithe chun an t-imscrúdú a thionscnamh.

(9) Maíodh freisin, mar gheall ar shainmhíniú leathan an táirge faoi imscrúdú, nárbh iomlán iad na sonraí sa ghearán (amhail táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, fostaíocht, díolacháin, sciar den mhargadh, brabús, cúisíocht agus tionscal an Aontais) toisc gur tiomsaíodh iad le haghaidh na gcineálacha aigéad sailleach a raibh an gearánach dírithe orthu amháin.

(10) Thairis sin, mhaígh Musim Mas group agus Wilmar go ndearnadh áibhéil faoi na hallmhairí ón Indinéis sa ghearán toisc gur áirithíodh leo aigéad sailleach a allmhairíodh isteach san Aontas chun bithdhíosal a tháirgeadh agus aigéid shailleacha eile nach n-úsáidtear i mbia, i gcosmaidí, i gcúram pearsanta ná in úsáid chógaisíochta eile amhail aigéid phailmíteacha. Mar thoradh air sin, ní raibh an tomhaltas ná na sciartha den mhargadh a sonraíodh sa ghearán ceart.

(11) Thairis sin, maíodh gur sonraíodh praghas na n-allmhairí ón Indinéis faoina bhun sa ghearán toisc gur áirithíodh leis aigéad sailleach, a raibh praghas ní b'ísle air, arna tháirgeadh ó dhramhaíl agus seachtháirgí a úsáidtear chun bithdhíosal a tháirgeadh. Dá bhrí sin, ní raibh na corrlaigh shladghearrtha i gceart ach an oiread

(12) Ar deireadh, mhaígh an Musim Mas group agus Rialtas na hIndinéise, mar gheall ar na fadhbanna leis an táirge lena mbaineann agus leis an táirge comhchosúil, go raibh tionscnamh an imscrúdaithe bunaithe ar fhaisnéis neamhiontaofa, neamhiomlán agus mhíchruinn. I ngeall air sin, na fadhbanna a bhaineann leis an ngearán, is fadhbanna iad a bhaineann leis an imscrúdú freisin agus, dá bhrí sin, ba cheart an t-imscrúdú a fhoirceannadh.

(13) Bhí an sainmhíniú ar an táirge sa ghearán agus san Fhógra Tionscnaimh bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil don ghearánach tráth a ullmhaíodh agus a cuireadh an gearán isteach. Ní raibh aon fhaisnéis ar fáil an tráth sin go bhféadfadh an sainmhíniú ar an táirge cineálacha eile aigéad sailleach a chumhdach nach dtáirgeann an tionscal is gearánach iad. Tháinig an t-ábhar seo chun cinn tar éis an tionscnaimh agus pléadh leis go cuí mar a mhínítear thíos in aithrisí (91) go (102) agus (108) go (124). Maidir leis na sonraí díobhála atá sa ghearán, tá na líomhaintí a dtugtar achoimre orthu in aithris (9) mícheart ó thaobh na bhfíoras de, sin nó tá siad bunaithe ar mhíthuiscint. Go deimhin, baineann na sonraí díobhála sa ghearán leis an táirge lena mbaineann. Bhí an sainmhíniú ar an táirge bunaithe ar an táirge arna tháirgeadh ag an ngearánach agus léirigh sé an raon táirge ar ar díríodh. Bhí an anailís díobhála bunaithe ar an raon táirge ar ar díríodh, arbh é an táirge iarbhír ar mhian leis an ngearánach é a chumhdach. Dá bhrí sin, ba iomlán iad na sonraí sa ghearán i ndáil leis an anailís díobhála, rud a deimhníodh leis an imscrúdú.

(14) Bhí figiúirí allmhairiúcháin na hIndinéise a léiríodh sa ghearán bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil don ghearánach an tráth sin. Rinne an Coimisiún scrúdú géar ar chruinneas agus leordhóthanacht na faisnéise a chuir an gearánach ar fáil agus bhain sé de thátal as go raibh na bun-saintréithe céanna ag na cineálacha éagsúla aigéad sailleach, rud a chiallaíonn go mbaineann siad leis an gcatagóir táirge chéanna. An tráth céanna, mar gheall ar bhun-saintréithe an táirge lena mbaineann, bhíothas in ann é a idirdhealú ó na cineálacha eile táirge a mhéid a d'fhéadfaí iad a mheas mar tháirgí difriúla mar chuid de chatagóir eile d'aigéad sailleach. Dá bhrí sin, dhealraigh sé, tráth an tionscnaimh, gur chomhlíonadh na ceanglais reachtúla ábhartha uile leis an sainmhíniú ar an táirge arna mholadh ag an ngearánach.

(15) Ní thugtar é sin faoi cheist toisc gur tháinig soiléiriú ar an raon táirge chun cinn tar éis an tionscnaimh, chomh maith le heisiamh táirge iomchuí mar a shonraítear in aithrisí (94) go (124), de thoradh ar an bhfaisnéis agus ar an bhfianaise a bailíodh tar éis an tionscnaimh. Bhí na sonraí sa ghearán i gcomhréir leis na soiléirithe a sholáthair an Coimisiún in aithris (91). Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(16) Mhaígh Wilmar nach raibh fianaise leordhóthanach sa ghearán chun tacú le toradh díobhála ábhartha nó bagartha díobhála ar tháirgeoirí an Aontais. Sonraíodh, go háirithe, nár léiríodh go ndearnadh díobháil do tháirgeacht ná d'úsáid acmhainneachta, agus gur mhéadaigh fostaíocht agus infheistíochtaí agus nach léirítear aon díobháil ina leith ach an oiread. Thairis sin, maíodh nach raibh na líomhaintí maidir le sladghearradh praghais sa ghearán dochloíte toisc gur mhéadaigh táirgeoirí an Aontais a bpraghsanna díola go suntasach. Sonraíodh freisin nár luadh sonraí brabúsachta an ghearánaigh sa ghearán. Thairis sin, sonraíodh nach raibh aon bhagairt ann i ndáil le díobháil toisc go ndearnadh áibhéil faoi acmhainneachtaí na hIndinéise agus toisc go raibh an t-éileamh inmheánach ag ardú.

(17) Meabhraíonn an Coimisiún go gceanglaítear le hAirteagal 5(2) den bhun-Rialachán go gcuimseoidh an gearán faisnéis faoi na hathruithe ar mhéid na n-allmhairí a líomhnaítear a dumpáladh, éifeacht na n-allmhairí sin ar phraghsanna an táirge chomhchosúil ar mhargadh an Aontais agus tionchar iarmhartach na n-allmhairí ar thionscal an Aontais, mar atá léirithe ag fachtóirí agus innéacsanna ábhartha (ach ní gá acu uile) a bhaineann le staid thionscal an Aontais, amhail iad siúd a liostaítear in Airteagal 3(3) agus Airteagal 3(5), a mhéid atá an fhaisnéis sin ar fáil go réasúnach don ghearánach. Ní gá meathlú a bheith le feiceáil sna fachtóirí uile chun díobháil ábhartha a shuí.

(18) I ndáil leis sin, léirigh an gearánach go raibh treocht dhíobhálach ann ar an iomlán maidir leis na macratháscairí agus na micreatháscairí araon. Léirigh an anailís laghdú ar tháirgeacht agus úsáid acmhainneachta. Maidir leis na méaduithe ar phraghsanna díola tháirgeoirí an Aontais, mheas an Coimisiún nach mbeadh méaduithe den sórt sin leordhóthanach chun ceist a ardú maidir le maíomh na ngearánach i ndáil le sladghearradh, agus go léiríonn siad an méadú ar chostas na n-amhábhar. Maidir leis an bhfaisnéis ar bhrabúsacht an ghearánaigh, bhí maíomh Wilmar mícheart ó thaobh na bhfíoras de. Chuimsigh an gearán faisnéis leordhóthanach, i bhfoirm innéacsanna, ar threocht dhiúltach maidir le corrlaigh bhrabúis thionscal an Aontais. Measadh go raibh an fhaisnéis rúnda mar gheall ar an líon teoranta de tháirgeoirí san Aontas a rinne an gearán agus de na táirgeoirí a thacaigh leis, chomh maith le hard-íogaireacht ghnó sonraí den sórt sin. Thairis sin, leagadh amach leis an ngearán an chúis nach raibh an méadú ar infheistíocht nasctha le forbairt acmhainneachta, ach go raibh sé nasctha le ceanglais chomhshaoil náisiúnta. Cé gur mhéadaigh an fhostaíocht beagán, mheas an Coimisiún nár sholáthair an gearán fianaise leordhóthanach ar an iomlán a thaispeánfadh go raibh tionscal an Aontais i staid dhíobhálach. Ar deireadh, i ndáil le hacmhainneachtaí na hIndinéise agus le héileamh inmheánach, sholáthair an gearánach fianaise go raibh táirgeacht na hIndinéise níos mó ná a héileamh agus a tomhaltas áitiúil. Anuas air sin, ní bheadh leibhéal acmhainneachtaí atá níos ísle agus éileamh inmheánach ardaithe leordhóthanach chun a chruthú nach ann do dhíobháil ábhartha. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(19) Mhaígh Musim Mas group agus Wilmar nach raibh an gearán ionadaíoch i ndáil le táirgeacht aigéid shailligh an Aontais toisc nár chuimsigh sé aon sonraí ó tháirgeoirí bithdhíosail an Aontais a tháirgeann líon substaintiúil aigéad sailleach freisin.

(20) I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún dá aire nár áirithíodh aigéad sailleach arna tháirgeadh mar sheachtháirge ó tháirgeadh bithdhíosail i raon feidhme an imscrúdaithe. Chuir an Coimisiún nóta a shoiléirigh an pointe sin leis an gcomhad an 21 Eanáir 2022. Dá bhrí sin, ní raibh aon fhadhb ann maidir le hionadaíocht thionscal an Aontais sa ghearán. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(21) Chomh maith leis sin, mhaígh Musim Mas group agus Wilmar gur cheart táirgeoirí an Aontais a bhí comhlachaithe le táirgeoirí aigéid shailligh na hIndinéise nó le honnmhaireoirí na Malaeisia a bhí ag onnmhairiú aigéad sailleach chuig an Aontas a eisiamh ón sainmhíniú ar thionscal an Aontais toisc go raibh cuideachtaí den sórt sin faoi réir coinbhleachta leasa agus, sa chás seo, dúradh gur cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh lena fháil amach cé acu a chomhlíonfadh nó nach gcomhlíonfadh na gearánaigh a bhí fágtha an tairseach ba ghá don ghearán.

(22) Tugann an Coimisiún dá aire nár aimsíodh aon chúis le haon cheann de na táirgeoirí san Aontas a eisiaimh san anailís réamhthionscnaimh. A mhéid a bhaineann le táirgeoirí de chuid an Aontais atá comhlachaithe le honnmhaireoirí aigéid shailligh na Malaeisia, níor mhínigh Musim Mas group ná Wilmar cineál na "coinbhleachta leasa" a líomhnaíodh, an fáth ar cheart na táirgeoirí sin a eisiamh ón sainmhíniú ar thionscal an Aontais dá bharr, agus an bunús dlí a bheadh le heisiamh den sórt sin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(23) Mhaígh Musim Mas group chomh maith go raibh beartas comhchosúil maidir leis an dleacht onnmhairiúcháin ar amhola pailme agus amhola eithne pailme glactha ag rialtais na Malaeisia agus na hIndinéise, agus dá mbeadh díobháil á déanamh ag an mbeartas sin do thionscal an Aontais, gur cheart don imscrúdú an Mhalaeisia a chumhdach freisin. Maíodh freisin gurbh é cuspóir an ghearánaigh bac a chur ar allmhairí ón Indinéis chun tairbhe chuideachtaí na Malaeisia atá comhlachaithe le táirgeoirí an Aontais.

(24) Rinneadh measúnú sa ghearán ar na hallmhairí ón Malaeisia. De réir na faisnéise a bhí ar fáil don ghearánach, áfach, bhí an méid allmhairiúcháin ón Malaeisia i bhfad ní b'ísle ón méid ón Indinéis agus bhí laghdú beag ann idir 2018 agus mí an Mhárta 2021. Thairis sin, rinneadh allmhairí na Malaeisia ar phraghas a bhí os cionn spriocphraghas thionscal an Aontais agus níorbh fhéidir leis a bheith ina chúis le haon díobháil. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(25) Mhaígh Musim Mas group agus Wilmar chomh maith go ndúirt an gearánach gurbh iad na hallmhairí ón Indinéis ba chúis leis an díobháil líomhainte ar fad a bhain do thionscal an Aontais, agus go raibh sé sin mícheart. Thairis sin, mhaígh Musim Mas group go ndearna na fadhbanna a luadh in aithris (8) difear d'aon nasc cúisíoch idir an díobháil líomhainte a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí ón Indinéis. Mhaígh Wilmar gur bhris cúiseanna eile díobhála an nasc cúisíoch a rinne an gearán iarracht a shuí, amhail: (1) an méadú ar phríomh-amhábhar tháirgeoirí an Aontais, geir, i dtáirgeadh bithbhreoslaí, (2) tionchar phaindéim COVID-19 ar na hearnálacha mótarfheithiclí, (3) neamhéifeachtúlachtaí i dtionscal an Aontais de thoradh easpa infheistíochtaí i dtrealamh nua níos fearr, (4) feidhmíocht thionscal an Aontais i dtéarmaí poncúlachta agus cáilíochta, (5) costais táirgthe iomarcacha mar geall ar chostais saothair bhoilscithe, (6) suíomh geografach míbhuntáisteach na saoráidí táirgthe, rud a mhéadaigh an costas ar rochtain ar amhábhair agus a rinne difear do dheiseanna onnmhairiúcháin; agus (7) forbairt rialála lena n-áirítear teacht i bhfeidhm cheanglais dhlíthiúla 3-MCPD.

(26) Cuimsíodh sa ghearán anailís ar fhachtóirí eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte líomhainte ón Indinéis agus cás díobhálach thionscal an Aontais, i.e. allmhairí eile, costas na n-amhábhar, agus onnmhairí ó thionscal an Aontais. Níor mhaolaigh aon cheann de na fachtóirí an nasc cúisíoch sa ghearán, áfach. B'fhianaise leordhóthanach é sin a bhí ar fáil go réasúnach don ghearánach a thaispeáin nárbh iad fachtóirí eile ba chúis leis an díobháil ábhartha dealraitheach. Le linn an imscrúdaithe, tugtar an deis do pháirtithe leasmhara maímh níos mionsonraithe a chur chun cinn maidir le fachtóirí eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don nasc cúisíoch agus déanann an Coimisiún measúnú orthu sin.

(27) Dúirt Musim Mas group freisin, mar gheall ar an sainmhíniú mícheart ar an táirge lena mbaineann agus ar an táirge comhchosúil comhfhreagrach, nár mheas an gearán leas an Aontais i ndáil le táirgeoirí, le húsáideoirí agus le hallmhaireoirí aigéad sailleach nach bhfuil in iomaíocht le haigéid shailleacha a mhonaraíonn an gearánach (amhail tionscal bithdhíosail an Aontais agus tomhaltóirí aigéad sailleach allmhairithe nach n-úsáidtear i mbia, i gcosmaidí, i gcúram pearsanta ná in úsáid chógaisíochta amhail aigéid phailmíteacha agus aigéid shailleacha arna dtáirgeadh ó ola chnó cócó).

(28) Ní cheanglaítear ar an ngearánach le hAirteagal 5(2) den bhun-Rialachán faisnéis maidir le leas an Aontais a chuimsiú sa ghearán, agus níl tástáil leas an Aontais ábhartha i ndáil le tionscnamh an imscrúdaithe. Ar aon chor, mar a shonraítear in aithris (20), níor chumhdaigh an gearán/imscrúdú aigéad sailleach arna tháirgeadh mar sheachtháirge ó tháirgeadh bithdhíosail.

(29) Mhaígh Wilmar nach raibh fianaise leordhóthanach sa ghearán a thabharfadh údar cuí le cur i bhfeidhm Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Go háirithe, dúirt sé maidir leis an tobhach onnmhairiúcháin, arna thabhairt isteach chun an Ciste um Plandáil Pailmeacha Ola a mhaoiniú, go raibh sé ina cháin dhlisteanach um ghiniúint ioncaim ar thráchtearraí iomaíocha, agus maidir le líomhain an ghearánaigh, is é sin go raibh éifeacht saofa praghsanna ag an tobhach onnmhairiúcháin ar phraghsanna amhola pailme agus amhola eithne pailme, bhí an líomhain sin gan bhunús. Thairis sin, mhaígh sé nár shuigh an gearán go n-oibríonn an cháin onnmhairiúcháin agus an tobhach onnmhairiúcháin mar dhéchóras a d'fheidhmigh mar shrian ar onnmhairí, agus maidir le praghas uasta líomhainte amhola pailme agus amhola eithne pailme agus an córas tairiscintí arna eagrú ag na cuideachtaí faoi úinéireacht an Stáit faoi ainm P.T. Perkebunan Nusantara (dá ngairtear "PTPN" le chéile), níor mhaolaigh sé praghsanna intíre ar amhola pailme. Tháinig na praghsanna ar ghlac PTPN leo as tairiscintí iomaíocha agus as an gcóras tairiscintí tháinig sásra praghsanna trédhearcacha a bhí cosúil le margaí eile a thrádáiltear ar an malartán. Ní raibh aon fhianaise ann gur shocraigh PTPN na praghsanna ar leibhéal íseal saorga, dar leo. Díolann PTPN leis an tairgeoir a thugann an tairiscint is airde agus braithfidh na praghsanna is féidir le PTPN a fháil i dtairiscintí poiblí ar an bpraghas is mian le PTPN a fháil as an díol agus ar an bpraghas a bheidh na ceannaitheoirí toilteanach a íoc. Dá bhrí sin, mhaígh Wilmar gur praghas margaidh a bhí sa phraghas, ar ghlac PTPN leis ar deireadh, praghas a léirigh soláthar agus éileamh san Indinéis. Thairis sin, cé go raibh praghsanna ar amhola pailme san Indinéis ní b'ísle ná na praghsanna i margaí idirnáisiúnta eile, níor léirigh sé sin go raibh na praghsanna íseal ar bhealach saorga toisc gurb í an Indinéis an táirgeoir amhola pailme is mó sa domhan. Ar deireadh, dúradh go raibh na difríochtaí líomhainte idir na praghsanna intíre ar amhola pailme agus ar amhola eithne pailme agus na praghsanna idirnáisiúnta iomrallach toisc gur úsáid an gearánach dhá thagarmharc dhifriúla neamhréireacha, i.e. i gcás amhola pailme, úsáideadh praghsanna intíre na Malaeisia agus i gcás amhola eithne pailme, úsáideadh praghsanna CAL chalafort Rotterdam. Dúirt Wilmar agus Musim Mas

group gur cheart don ghearánach tagarmharc amháin a úsáid le haghaidh amhola pailme agus amhola eithne pailme araon. Dúirt Wilmar gur lú na difríochtaí líomhainte sa phraghas, is é sin 14 % le haghaidh amhola pailme agus 11 % le haghaidh amhola eithne pailme, ná an tairseach "i bhfad níos ísle" a éilítear le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

(30) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Níor ceanglaíodh ar an ngearánach a shuí go n-oibríonn an cháin onnmhairiúcháin agus an tobhach onnmhairiúcháin mar dhéchóras a fheidhmíonn mar shrian ar onnmhairí. Is saobhadh ar na hamhábhair a luaitear in Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán é an cháin onnmhairiúcháin. Maidir leis na tagarmharcanna, d'úsáid an gearánach an tagarmharc ab ionadaí a bhí ar fáil dó, agus mheas an Coimisiún go raibh sé iomchuí tráth an ghearáin. Thairis sin, shuigh an Coimisiún go raibh an difríocht sa praghas sa chás seo, mar a chuirtear i láthair é sa ghearán, "i bhfad níos ísle" de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(31) Mhaígh Permata group go raibh an gearánach mícheart nuair a dúradh gurbh é sprioc na cánach onnmhairiúcháin cur le beartas na hIndinéise a bhí dírithe ar gheilleagar na hIndinéise a aistriú i dtreo tháirgeadh na n-earraí a bhfuil luach ard orthu, amhail táirgí oilécheimiceacha. Dar le Permata group, tugadh an cháin onnmhairiúcháin isteach agus ba é ba shainchuspóir dó éileamh áitiúil ar ola chócaireachta a chinntiú, agus cobhsaíocht praghsanna na hola sin a áirithiú. Dá bhrí sin, dúirt Permata group nárbh ann d'aon saobhadh amhábhair de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán toisc nár ceapadh an cháin onnmhairiúcháin ná níor tugadh isteach é chun praghsanna amhola pailme agus amhola eithne pailme a choimeád ar leibhéal a bhí íseal go saorga chun tairbhe na dtáirgí oilécheimiceacha.

(32) Luaigh an Coimisiún go gcuirtear san áireamh leis an anailís ar shaobhadh amhábhair éifeachtaí an tsaofa ar phraghas na n-amhábhar, gan beann ar chuspóir na mbeart as ar eascair an saobhadh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(33) Mar chríoch, mheabhraigh an Coimisiún, mar gheall ar chaighdeán dlíthiúil na fianaise a éilítear le haghaidh gearáin, gur léir nach ionann méid agus cáilíocht na faisnéise sa ghearán agus méid agus cáilíocht na faisnéise a éilítear le haghaidh cinneadh cinntitheach ag deireadh imscrúdaithe. Mar a mhínítear in aithris (13), tráth an tionscnaimh measadh gur chomhlíonadh na ceanglais reachtúla ábhartha uile leis an sainmhíniú ar an táirge arna mholadh ag an ngearánach. Deimhnítear de réir a chéile mar a théann an t-imscrúdú ar aghaidh go bhfuil na heilimintí is gá chun beart a ghlacadh nó nós imeachta a fhoirceannadh ann. Níl sé curtha as an áireamh, dá bhrí sin, go dtiocfadh athruithe ar an scéal idir céim an ghearáin agus deireadh an imscrúdaithe. I bhfianaise an mhéid sin, d'easaontaigh an Coimisiún go raibh aon fhadhb ann a bhain leis an bhfaisnéis a soláthraíodh sa ghearán, aon fhadhb a thabharfadh údar cuí le foirceannadh an imscrúdaithe.

(34) Ar an iomlán, deimhníodh le hanailís an Choimisiúin nár leordhóthanach aon cheann de na heilimintí a luadh thuas, cibé acu a bhí siad ceart ó thaobh na bhfíoras de nó nach raibh, chun an chonclúid a thabhairt faoi cheist, is é sin, go raibh fianaise leordhóthanach ann a d'fhéadfadh a thaispeáint gur dumpáladh aigéad sailleach a allmhairíodh ón Indinéis agus go ndearna sé sin díobháil do thionscal an Aontais. Suíodh na gnéithe sin ar bhonn na fianaise ab fhearr a bhí ar fáil don ghearánach tráth a cuireadh an gearán isteach, agus suíodh go raibh siad ionadaíoch agus iontaofa go leor chun an t-imscrúdú a thionscnamh.

1.4. **Sampláil**

(35) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé sampláil ar na páirtithe leasmhara i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.4.1. *Táirgeoirí de chuid an Aontais a shampláil*

(36) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn Airteagal 17 den bhun-Rialachán, lena suitear na príomhchritéir, is iad sin ionadaíocht, i dtéarmaí tháirgeacht agus mhéid díolachán an táirge chomhchosúil san Aontas sa tréimhse idir 1 Deireadh Fómhair 2020 agus 30 Meán Fómhair 2021. Bhí ceithre tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla seo, a bhí cothrom le 61 % de mhéid iomlán measta na táirgeachta agus 63 % de na díolacháin. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt maidir leis an sampla sealadach agus ní bhfuair sé aon bharúil uathu. Deimhníodh an sampla agus measadh go raibh sé ionadaíoch ar thionscal an Aontais.

1.4.2. *Allmhaireoirí a shampláil*

(37) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamh-chomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.

(38) Níor sholáthair aon cheann de na hallmhaireoirí neamh-chomhlachaithe an fhaisnéis a iarradh ná níor thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. Ó tharla nach bhfuarthas aon fhreagra, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil.

1.4.3. *Táirgeoirí onnmhairiúcháin san Indinéis a shampláil*

(39) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, más amhlaidh go bhfuil, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin san Indinéis an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean na hIndinéise táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(40) Sholáthair 16 táirgeoir onnmhairiúchán sa tír lena mbaineann, agus iad ag baint le hocht ngrúpa, an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de thrí tháirgeoir onnmhairiúcháin, as dhá ghrúpa, ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla. Ní bhfuarthas aon bharúil.

1.5. **Scrúdú aonair**

(41) D'iarr naoi dtáirgeoir onnmhairiúcháin, a bhaineann le seacht ngrúpa, san Indinéis go ndéanfaí scrúdú aonair orthu faoi Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún in iúl do na táirgeoirí onnmhairiúcháin nár sampláladh go raibh sé de cheangal orthu freagra ar an gceistneoir a chur ar fáil dá mba mhian leo go ndéanfaí iad a scrúdú ar bhonn aonair. Chuir dhá ghrúpa neamhshampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin freagra ceistneora ar fáil.

(42) Mar gheall ar chastacht an imscrúdaithe agus struchtúr casta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ([4]) (chuimsigh ceann den dá ghrúpa de tháirgeoirí onnmhairiúcháin dhá tháirgeoir san Indinéis agus trádálaí amháin i Singeapór, agus bhí an ceann eile mar chuid de chorparáid ilnáisiúnta ag a bhfuil slabhra dáileacháin casta), chinn an Coimisiún nárbh fhéidir scrúdú aonair a dheonú agus an t-imscrúdú a thabhairt chun críche laistigh de na sprioc-amanna reachtúla.

(43) Sna barúlacha uaidh tar éis an nochta deiridh (mar a shainmhínítear in aithris (57)), mhaígh Permata group gur sháraigh an Coimisiún forálacha Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán agus Airteagal 6.10.2 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT. Go háirithe, mhaígh Permata group gur dhiúltaigh an Coimisiún dá iarraidh ar scrúdú aonair bunaithe ar chastacht an imscrúdaithe agus ar struchtúr casta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, agus ní ar an líon onnmhaireoirí nó táirgeoirí a d'iarr an scrúdú aonair, rud a d'fhágfadh go mbeadh ualach rómhór ag baint le scrúduithe aonair agus a chuirfeadh cosc ar thabhairt chun críche an imscrúdaithe in am trátha. Thairis sin, d'áitigh Permata group nach mbeadh ualach rómhór ag baint le scrúdú aonair a dhéanamh air agus nach gcuirfeadh an scrúdú sin cosc ar thabhairt chun críche tráthúil an imscrúdaithe toisc go raibh 5 mhí fós ag an gCoimisiún go dtí an spriocdháta chun bearta cinntitheacha a fhorchur. Thairis sin, dúirt Permata group freisin nach é Permata group ba chúis leis an moill tosaigh ar an imscrúdú mar gheall ar an sainmhíniú ar raon feidhme an táirge agus nach bhféadfadh cearta nós imeachta Permata group a bhaint mar thoradh uirthi.

(44) Luaigh an Coimisiún gur dhiúltaigh sé don dá iarraidh ar scrúdú aonair toisc go mbeadh ualach rómhór ag baint leis na scrúduithe aonair sin. Go deimhin, in ainneoin na tagartha iomrallaí do "tháirgeoirí onnmhairiúcháin *sampláilte*" in aithris (42), ba léir ón gcomhthéacs agus na habairtí díreach roimhe agus ina diaidh go raibh an tagairt cheart ag tagairt don dá "tháirgeoir onnmhairiúcháin *neamhshampláilte*" a d'iarr scrúdú aonair, agus is mar sin nach mór aithris (42) a léamh. Soiléiríodh san abairt idir lúibíní san aithris chéanna gurbh iad Permata group ("cuimsíodh le ceann den dá ghrúpa de tháirgeoirí onnmhairiúcháin dhá tháirgeoir san Indinéis agus trádálaí i Singeapór") agus P.T. Unilever Oleochemical Indonesia ("Unilever Indonesia" — "bhí an ceann eile mar chuid de chorparáid ilnáisiúnta ag a bhfuil slabhra dáilte casta") na táirgeoirí onnmhairiúcháin a luadh, agus d'iarr an dá cheann acu scrúdú aonair. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún an tástáil dhlíthiúil cheart i bhfeidhm ina mheasúnú agus dheimhnigh sé nárbh fhéidir scrúdú aonair a dheonú mar gheall ar chastacht an imscrúdaithe agus struchtúr casta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte a d'iarr scrúdú aonair, rud a d'fhágfadh go mbeadh ualach rómhór ag baint leis an scrúdú aonair, sa chaoi go bhféadfaí cur i gcrích tráthúil an imscrúdaithe a chur i mbaol.

(45) Go deimhin, luaigh an Coimisiún freisin, cé nach raibh ach dhá ghrúpa de tháirgeoirí i gceist a chuir isteach an freagra ar an gceistneoir le haghaidh scrúdú aonair, go mbeadh fíorú le déanamh ar roinnt eintiteas mar gheall ar a struchtúr casta. Chun scrúdú aonair a dheonú, bheadh ar an gCoimisiún na táirgeoirí, na trádálaithe agus na hallmhaireoirí comhlachaithe uile a bhí páirteach i ndíol an táirge lena mbaineann leis an Aontas a fhíorú, agus

([4]) Ba cheart an fhoclaíocht "táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte" a léamh mar "táirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte a d'iarr scrúdú aonair", mar a mhínítear in aithris (44).

anailís a dhéanamh ar a mbealaí dáileacháin uile, mar a rinneadh le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. Beag beann ar an moill tosaigh ar an imscrúdú mar gheall ar an sainmhíniú ar an raon táirge, bheadh ualach rómhór ag baint leis an bhfíorú agus leis an anailís sin, go háirithe dá mbeadh níos mó ná grúpa amháin a bhfuil struchtúr casta aige i gceist. Go deimhin, níl na 5 mhí a luaigh Permata group in aithris (43) tiomanta go hiomlán do chéim an imscrúdaithe agus do chéim thorthaí an nós imeachta, toisc go n-áirítear leis na nósanna imeachta sin roinnt míonna d'imeachtaí riaracháin (barúlacha a phróiseáil, éisteachtaí a reáchtáil, formheasanna inmheánacha, comhairliúcháin le seirbhísí eile de chuid an Choimisiúin, aistriúchán, etc). Ní mór na fachtóirí sin go léir chomh maith le castacht na gcuideachtaí lena mbaineann (lena leagfar síos an t-am is gá chun anailís chuí a dhéanamh ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin) a chur san áireamh le chéile. Ina theannta sin, ní mór a mheas go raibh struchtúir an-chasta ag an dá chuideachta sampláilte, rud a d'fhág go raibh gá le hacmhainní suntasacha imscrúdúcháin agus riaracháin a thiomnú chun iad a shampláil agus torthaí cruinne a fháil. Dá bhrí sin, ní féidir locht a chur ar an gCoimisiún toisc gur chinn sé gan dhá ghrúpa breise a thabhairt ar bord agus as an mbaol a bheith ann nach mbeadh sé in ann torthaí na n-imscrúduithe a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú in am. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(46) Sna barúlacha uaidh tar éis an nochta deiridh breise (mar a shainmhínítear in aithris (58)), d'athdhearbhaigh Permata group na barúlacha a thug sé roimhe seo agus mhaígh sé gur cosúil nach raibh an Indinéis ag leanúint dá iarraidh ar scrúdú aonair a thuilleadh. Dá bhrí sin, bheadh ualach oibre an Choimisiúin ní ba theoranta fós.

(47) Luaigh an Coimisiún go raibh an maíomh sin mícheart ó thaobh na bhfíoras de agus gur diúltaíodh dó dá bhrí sin, ós rud é gur athdhearbhaigh Unilever Indonesia a iarraidh suas go dtí an éisteacht tar éis an nochta deiridh, mar a meabhraíodh san aithris seo a leanas.

(48) Le linn na héisteachta tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Unilever Indonesia agus Unilever Europe BV ("Unilever") nach bhféadfadh uainiú an imscrúdaithe a bheith ina chúis le diúltú d'iarraidh Unilever Indonesia ar scrúdú aonair, i bhfianaise na n-éifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag bearta frithdhumpála ar ghnó Unilever san Eoraip.

(49) Luaigh an Coimisiún go bhfuil sé de cheart aige diúltú d'iarrataí aonair ar scrúdú i gcás ina mbeadh ualach rómhór ag baint leo agus go gcuirfidís cosc ar an imscrúdú a thabhairt chun críche in am trátha. Mar a mhínítear thuas, bheadh ualach ró-throm ag baint leis an scrúdú aonair a dheonú do Permata group agus Unilever Indonesia, agus chuirfí cur i gcrích tráthúil an imscrúdaithe i mbaol.

1.6. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(50) Sholáthair an gearánach fianaise leordhóthanach sa ghearán go bhfuil saobhadh amhábhair san Indinéis maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, mar a fógraíodh san Fhógra Tionscnaimh, chumhdaigh an t-imscrúdú an saobhadh amhábhair sin chun a chinneadh an gcuirfí Airteagal 7(2a) agus 7(2b) den bhun-Rialachán i bhfeidhm maidir leis an Indinéis. Ar an gcúis sin, sheol an Coimisiún ceistneoirí breise chuig Rialtas na hIndinéise.

(51) Chuir an Coimisiún ceistneoirí le haghaidh táirgeoirí, allmhaireoirí, úsáideoirí, agus táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid an Aontais ar fáil ar líne ([5]) ar lá an tionscnaimh. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún ceistneoir chuig CUTFA.

(52) Fuair an Coimisiún freagraí ar an gceistneoir ó CUTFA, Rialtas na hIndinéise, ceithre tháirgeoir de chuid an Aontais: Oleon N.V. ("Oleon"), KLK Emmerich GmbH ("KLK"), AAK, Cailà & Parés S.A. ("Cailà & Parés"), ceithre úsáideoir: Peter Greven Nederlands C.V., Peter Greven GmbH & Co. KG (dá ngairtear "Greven group" le chéile), Schill + Seilacher "Struktol" GmbH agus Schill + Seilacher GmbH (dá ngairtear "Schill + Seilacher group" le chéile), trí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte: Musim Mas, IBP agus Wilmar, a dtrádálaithe comhlachaithe: Inter-Continental Oils & Fats Pte. Ltd. ("ICOF Singapore"), Wilmar Trading Pte. Ltd., Volac Wilmar Feed Ingredients Ltd., agus a n-allmhaireoirí comhlachaithe: ICOF Europe GmbH, IMBI, agus Wilmar Europe Trading B.V. ("WETBV").

(53) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dumpáil, leis an díobháil de thoradh na dumpála agus maidir le leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí/na n-eagraíochtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Comhlachas tháirgeoirí an Aontais

— Coalition against Unfair Trade in Fatty Acid

([5]) https://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?id=2564

Táirgeoirí ón Aontas

— Oleon N.V., Ertvelde, an Bheilg

— KLK Emmerich GmbH, Emmerich am Rhein, an Ghearmáin

— AAK AB, Malmö, an tSualainn

— Cailà & Parés S.A., Barcelona, an Spáinn

Táirgeoirí onnmhairiúcháin san Indinéis

— P.T. Musim Mas agus P.T. Intibenua Perkasatama, Medan agus Dumai

— P.T. Wilmar Nabati Indonesia, Medan

Trádálaithe comhlachaithe i Singeapór

— Inter-Continental Oils & Fats Pte. Ltd., Singeapór

— Wilmar Trading Pte. Ltd., Singeapór

Trádálaí comhlachaithe sa Ríocht Aontaithe

— Volac Wilmar Feed Ingredients Ltd., Royston

Allmhairí comhlachaithe san Aontas

— ICOF Europe GmbH, Hamburg, an Ghearmáin

— Wilmar Europe Trading B.V., Rotterdam, an Ísiltír.

1.7. **Tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(54) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 ("an tréimhse imscrúdúcháin"). An scrúdú ar na treochtaí a bhí ábhartha chun an díobháil a mheas, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ("an tréimhse faoi bhreathnú").

1.8. **Neamh-fhorchur na mbeart sealadach**

(55) I bhfianaise chastacht theicniúil an cháis, chinn an Coimisiún gan bearta sealadacha a fhorchur agus leanúint leis an imscrúdú.

(56) An 1 Iúil 2022, i gcomhréir le hAirteagal 19a(2) den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na Ballstáit agus gach páirtí leasmhar ar an eolas nach ndéanfaí aon dleacht shealadach a fhorchur ar allmhairí aigéid shailligh de thionscnamh na hIndinéise agus go leanfaí leis an imscrúdú.

1.9. **Nochtadh**

(57) An 1 Lúnasa 2022, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara go léir ar an eolas maidir leis na fíorais agus na breithnithe riachtanacha ar ar a mbonn a raibh sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí aigéid shailligh de thionscnamh na hIndinéise ("an nochtadh deiridh"). Ceadaíodh tréimhse do na páirtithe uile ina raibh siad in ann a mbarúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh. Fuair an Coimisiún barúlacha ó Rialtas na hIndinéise, na táirgeoirí onnmhairiúcháin Musim Mas group, Wilmar, P.T. Ecogreen Oleochemicals ("Ecogreen"), Unilever Indonesia, na húsáideoirí IMBI, Procter & Gamble International Operations SA ("P&G"), Greven group, Schill + Seilacher group, Henkel Global Supply Chain B.V. ("Henkel"), Kapachim S.A. ("Kapachim"), Evonik Industries AG ("Evonik"), Quaker Chemical Corporation ("Quaker Houghton"), Omya GmbH ("Omya"), Stéarinerie Dubois Fils ("Stéarinerie Dubois"), NYCO Group ("NYCO"), DHW Deutsche Hydrierwerke GmbH Rodleben ("DHW"), E&S Chemie SAS ("E&S") agus Unilever.

(58) Ar bhonn na mbarúlacha sin, mhodhnaigh an Coimisiún roinnt de na breithnithe a raibh sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar a mbonn agus chuir sé gach páirtí leasmhar ar an eolas faoin méid sin ("nochtadh deiridh breise" agus "an dara nochtadh deiridh breise") an 4 Deireadh Fómhair 2022 agus an 28 Samhain 2022 faoi seach.

(59) Fuarthas barúlacha ó Wilmar, Musim Mas, Permata group, Stéarinerie Dubois agus Henkel maidir leis an nochtadh deiridh breise agus ó Wilmar, Musim Mas agus Permata group maidir leis an dara nochtadh deiridh breise. Cé gur iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt faoi na nochtaí deiridh breise amháin, d'athdhearbhaigh Musim Mas, Permata group, Wilmar, Henkel agus Stéarinerie Dubois na maímh a chuir siad isteach tar éis an nochta deiridh.

(60) Tar éis an nochta deiridh, tugadh deis éisteachta do pháirtithe leasmhara de réir na bhforálacha a leagtar síos faoi phointe 5.7 den Fhógra Tionscnaimh. Tharla éisteachtaí maidir leis an nochtadh deiridh le Musim Mas group, Wilmar, Ecogreen, Unilever, Greven Group, Schill + Seilacher Group agus AAK. Ina theannta sin, mar thoradh ar an iarraidh ó ghrúpa Greven, reáchtáladh éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála. Rinne an tOifigeach Éisteachta amach gur urramaíodh cearta cosanta na bpáirtithe leasmhara san imeacht seo.

1.10. **Aistarraingt an ghearáin**

(61) Tharraing CUTFA an gearán siar an 24 Lúnasa 2022.

(62) Fuarthas tuairimí maidir le haistarraingt an ghearáin ó Rialtas na hIndinéise, Musim Mas, Wilmar, P.T. Soci Mas agus P.T. Energi Sejahtera Mas (dá ngairtear "SOCI/ESM" le chéile), Ecogreen, P&G, Omya agus Stéarinerie Dubois.

(63) Dhearbhaigh Rialtas na hIndinéise gur cheart don Choimisiún deireadh a chur láithreach leis an imscrúdú mar gheall ar aistarraingt an ghearáin toisc nach bhfuil seasamh dlíthiúil aige. I ndáil leis sin, rinne Rialtas na hIndinéise tagairt d'Airteagal 5.4 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT ina líomhnaítear gur gá an seasamh dlíthiúil a chomhlíonadh chun údar a thabhairt leis an imscrúdú. Thairis sin, dar le Rialtas na hIndinéise, ní thacódh táirgeoirí a bhfuil níos mó ná 50 % d'aschur táirgeachta an táirge chomhchosúil a tháirgeann tionscal an Aontais acu leis an imscrúdú, agus ní thacódh 25 % fiú de líon iomlán táirgeoirí an Aontais a tháirgeann an táirge comhchosúil leis, i bhfianaise aistarraingt an ghearáin agus ós rud é gur mheas KLK, ceann de na táirgeoirí is mó san Aontas, sa chéad litir dar dáta an 15 Lúnasa 2022 go bhféadfadh na dleachtanna frithdhumpála atá beartaithe suaiteachtaí a chruthú i soláthar aigéid shailligh ón Áise, agus ansin chuir siad i gcoinne bearta frithdhumpála a fhorchur ar fad sa dara litir dar dáta an 19 Lúnasa 2022.

(64) Ar dtús, cuireann an Coimisiún in iúl go dtagraíonn Airteagal 5.4 de EDT ADA do thionscnamh an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, ní gá don Choimisiún seasamh dlíthiúil a bheith aige ach amháin nuair a thionscnaítear an t-imscrúdú. Thairis sin, tagraíonn an tairseach 50 % agus an tairseach 25 % in Airteagal 5.4 de EDT ADA do ghrúpaí éagsúla táirgeoirí de chuid an Aontais. Murab ionann agus an méid a luaigh Rialtas na hIndinéise ina aighneacht, ní bhaineann an tairseach 50 % ach le hualach coibhneasta tháirgeoirí an Aontais a thacaíonn leis an ngearán laistigh den ghrúpa de tháirgeoirí de chuid an Aontais a thacaíonn leis nó atá ina choinne. Ina ionad sin, tagraíonn an tairseach 25 % do "tháirgeacht iomlán an táirge chomhchosúil a tháirgeann an tionscal intíre" agus baineann sí leis an gcéatadán de tháirgeoirí de chuid an Aontais a thacaíonn leis an ngearán as an táirgeacht iomlán sin san Aontas. Thairis sin, mheabhraigh an Coimisiún, de réir an chásdlí bhunaithe ([6]), nach gcuireann Airteagal 5.4 den Chomhaontú Frithdhumpála EDT aon oibleagáid ar údaráis imeachta Comhalta, sa chás seo an Coimisiún, imscrúdú frithdhumpála atá ar siúl a fhoirceannadh nuair a thiteann leibhéal na tacaíochta don ghearán faoi bhun íostairseach 25 % den táirgeacht intíre. Go deimhin, ní bhaineann an t-airteagal sin ach leis an méid tacaíochta don ghearán is gá chun go mbeidh an Coimisiún in ann tús a chur le himeacht. *A fortiori*, tá feidhm aige sin freisin maidir leis an tairseach 50 %. Dearbhaítear an léiriú sin le foclaíocht Airteagal 9(1) den bhun-Rialachán, a bhaineann leis an ngearán a aistarraingt, ina n-úsáidtear an briathar "is féidir". Dá bhrí sin, fiú má dhéanann tionscal an Aontais an gearán a aistarraingt, ní chuirtear oibleagáid ar an gCoimisiún an t-imeacht a fhoirceannadh, cé go bhfuil an rogha aige é sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(65) Thairis sin, mhaígh Rialtas na hIndinéise, de bharr gur aistarraingíodh an gearán agus gur cuireadh i gcoinne bhearta KLK, nár cumhdaíodh tionscal an Aontais san anailís ar dhíobháil a rinne an Coimisiún, tionscal a thuigtear mar "an tionscal intíre" ar cheart dó, de bhun Airteagal 4(1) de Chomhaontú Frithdhumpála EDT, tagairt a dhéanamh do tháirgeoirí intíre an táirge chomhchosúil ina n-iomláine nó don mhórchion de tháirgeacht intíre iomlán an táirge chomhchosúil.

([6]) Tuarascáil an Phainéil, *Mexico – Steel Pipes and Tubes*, WT/DS331/R, glactha an 24 Iúil 2007, DSR 2007:IV, p. 1207, mír 7.347. I gcomhréir le cásdlí EDT, ghlac Cúirteanna an Aontais an seasamh céanna i ndáil leis an bhforáil chomhthreomhar a chumhdaítear in Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán, go háirithe i mbreithiúnas an 10 Márta 2009, *Interpipe Niko Tube and Interpipe NTRP v Council*, T-249/06, AE:T:2009:62, mír 139.

(66) Luaigh an Coimisiún nach gá go gcuimseodh an coincheap "tionscal intíre" a úsáidtear chun díobháil a chinneadh na táirgeoirí intíre céanna a chomhdhéanann an tionscal intíre a chuirtear san áireamh nuair atá cinneadh á dhéanamh cé acu a bhí nó nach raibh tacaíocht leordhóthanach ag an ngearán i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Chomhaontú Frithdhumpála EDT. Go deimhin, baineann Airteagal 5(4) de Chomhaontú Frithdhumpála EDT leis an tsaincheist maidir le seasamh agus ní thugtar aghaidh ann ar an gceist ar leithligh maidir le cad is mórchion ann faoi Airteagal 4(1) de Chomhaontú Frithdhumpála EDT ([7]). Ina theannta sin, le hAirteagal 4(1) de Chomhaontú Frithdhumpála EDT, ní chuirtear cosc ar tháirgeoirí nár thacaigh leis an ngearán nó nár chomhoibrigh san imscrúdú a bheith san áireamh sa sainmhíniú ar an tionscal intíre ([8]). Thairis sin, san anailís ar dhíobháil a rinne an Coimisiún, cumhdaíodh tionscal iomlán an Aontais gan beann ar thacaíocht nó comhoibriú gach táirgeora aonair de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(67) D'áitigh Rialtas na hIndinéise, Wilmar, Musim Mas, SOCI/ESM, Stéarinerie Dubois, P&G, agus Omya gur léirigh litreacha KLK agus aistarraingt an ghearáin go mbeadh forchur na ndleachtanna frithdhumpála i gcoinne leas an Aontais. Go háirithe, d'áitigh Wilmar, P&G agus Stéarinerie Dubois gur cheart don Choimisiún deireadh a chur leis an imscrúdú, tar éis aistarraingt an ghearáin, bunaithe ar Airteagal 9(1) den bhun-Rialachán ós rud é go mbeadh forchur na mbeart i gcoinne leas an Aontais. Thairis sin, thagair Wilmar do dhá imscrúdú ([9]) a d'fhoirceann an Coimisiún tar éis an gearán a bheith aistarraingthe, chomh maith leis an gcás ([10]) *Polyester staple fibres (PSF)*, áit a ndearna an Coimisiún anailís ar chúig thoisc sular chinn sé nár chun leasa an Aontais é leanúint leis an imscrúdú. Luaigh Ecogreen gur léirigh aistarraingt an ghearáin go mbeadh foirceannadh an imscrúdaithe chun leas an Aontais. Dúirt Musim Mas gur deimhníodh le haistarraingt an ghearáin agus leis an dá litir ó KLK a luaitear in aithris (63) inar deimhníodh nach ndearnadh díobháil do KLK de bharr allmhairí ón Indinéis, nach ndearnadh díobháil do thionscal an Aontais de bharr allmhairí ón Indinéis.

(68) Mheabhraigh an Coimisiún go bhfuil aistarraingt an ghearáin frithdhumpála faoi rialú Airteagal 9(1) den bhun-Rialachán, lena bhforáiltear an méid seo a leanas: "i gcás ina ndéantar an gearán a aistarraingt, is féidir an t-imeacht a fhoirceannadh ach amháin mura mbeadh foirceannadh den chineál sin chun leasa an Aontais" (béim curtha leis). Léirmhínigh an Chúirt Ghinearálta forálacha Airteagal 9(1) den bhun-Rialachán, *inter alia*, sa bhreithiúnas in *Philips Lighting Poland and Philips Lighting v Council*, nach ndearnadh agóid ina choinne le hachomharc ([11]). D'admhaigh an Chúirt Ghinearálta go raibh lánrogha leathan ag institiúidí an Aontais leanúint le himscrúdú nó é a fhoirceannadh tar éis aistarraingt agus shoiléirigh sí nach gá aird a thabhairt ar leas an Aontais ach amháin má tá foirceannadh á bhreithniú ag an gCoimisiún; sa chás sin, ní mór don Choimisiún a sheiceáil nach bhfuil foirceannadh i gcoinne leas an Aontais. Sa chomhthéacs sin, níl aon luach ginearálta ó thaobh fasach ceangailteach ag baint leis na himscrúduithe a rinneadh le déanaí ar chinn an Coimisiún deireadh a chur leo tar éis aistarraingt an ghearáin agus freagraíonn siad d'anailís cás ar chás ina áit sin. Thairis sin, níor bhain an anailís ar leas an Aontais a rinne an Coimisiún san imscrúdú *PSF* le leanúint ar aghaidh leis an gcás ach lena fhoirceannadh. Thairis sin, san imscrúdú reatha, rinne an Coimisiún anailís díobhála ar thionscal iomlán an Aontais agus léirigh an t-imscrúdú go raibh díobháil ábhartha á déanamh do thionscal an Aontais arbh iad na hallmhairí ón Indinéis ar phraghsanna dumpáilte ba chúis léi mar a luaitear in aithrisí (180) go (372). Ní thagann ráiteas simplí i litir ó tháirgeoir amháin de chuid an Aontais, gan aon fhianaise thacaíochta, salach ar thorthaí an imscrúdaithe ón gCoimisiún. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(69) Ar bhonn na mbreithnithe thuas, chinn an Coimisiún leanúint leis an imscrúdú in ainneoin aistarraingt an ghearáin agus a scrúdú an ndéanfadh na barúlacha a rinneadh de thoradh an nochta deiridh a thorthaí gur comhlíonadh na coinníollacha lena dtugtar bonn cirt d'fhorchur na mbeart a chur ó bhail. Mar a mhínítear níos déanaí sa rialachán seo, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil na coinníollacha maidir le bearta cinntitheacha a fhorchur á gcomhlíonadh i gcónaí.

([7]) Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc, *EC – Fasteners (China)*, WT/DS397/AB/R, glactha an 28 Iúil 2011, DSR 2011:VII, p. 3995, mír 425.

([8]) *Idem*, míreanna 430 agus 454.

([9]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1146 ón gCoimisiún an 4 Iúil 2019 lena bhfoirceanntar na himeachtaí frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí carn leathán cruach teorollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 181, 5.7.2019, lch. 89) agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/266 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2019 lena bhfoirceanntar na himeachtaí frithdhumpála maidir le hallmhairí gloine gréine de thionscnamh na Malaeisia (IO L 44, 15.2.2019, lch. 31).

([10]) Cinneadh ón gCoimisiún an 19 Meitheamh 2007 lena bhfoirceanntar na himeachtaí frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí snáithíní stáplacha sintéiseacha poileistir (PSF) de thionscnamh na Malaeisia agus na Téaváine agus lena scaoiltear na méideanna arna n-urrú trí bhíthin na ndleachtanna sealadacha arna bhforchur IO L 160, 21.6.2007, lch. 30 ("Cinneadh *PSF*").

([11]) Breithiúnas an 11 Iúil 2013, *Philips Lighting Poland and Philips Lighting v Council*, T-469/07, AE:T:2013:370, mír 87. Sa chás sin, níor aistarraingíodh an t-iarratas. Ina ionad sin, chinn roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais a thacaigh leis an iarratas nuair a chuathas i dteagmháil leo roimh an tionscnamh ("an t-imeacht atá i gceist") ina dhiaidh sin a seasamh a athrú agus a chur in iúl go raibh siad ag cur i gcoinne na mbeart le linn an imscrúdaithe féin. Mar thoradh air sin, ba mhó a bhíothas i gcoinne an cháis ná ag tacú leis ó thaobh táirgeachta san Aontas de. Chinn an Coimisiún sa deireadh go raibh sé i dteideal leanúint leis an imscrúdú agus bearta a fhorchur sna himthosca sin de réir analaí le haistarraingt ghearáin de bhun Airteagal 9(1) den bhun-Rialachán.

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA MBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi imscrúdú

(70) Is é an táirge atá faoi réir an imscrúdaithe seo aigéid shailleacha dar fad slabhra carbóin C6, C8, C10, C12, C14, C16 nó C18, dar luach iaidín faoi bhun 105g/100g agus dar cóimheas idir saoraigéid shailleacha agus tríghlicrídí (méid scoilte – DoS) 97 % ar a laghad, lena n-áirítear:

— aigéad sailleach singil (dá ngairtear "gearradh glan" freisin); agus

— cumaisc ina bhfuil meascán de dhá cheann nó níos mó d'fhaid slabhra carbóin

seachas aigéad sailleach arna dheimhniú ag scéim dheonach ([12]) le haghaidh tháirgeadh na mbithbhreoslaí, na mbithleachtanna agus na mbreoslaí bithmhaise inbhuanaithe arna sainaithint ag an gCoimisiún Eorpach de bhun Airteagal 30(4), nó scéim deimhniúcháin náisiúnta a bunaíodh de bhun Airteagal 30(6) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]), atá faoi láthair faoi chóid AC ex 2915 70 40, ex 2915 70 50, ex 2915 90 30, ex 2915 90 70, ex 2916 15 00, ex 3823 11 00, ex 3823 12 00, ex 3823 19 10 agus ex 3823 19 90 (cóid TARIC: 2915 70 40 95, 2915 70 50 10, 2915 90 30 95, 2915 90 70 95, 2916 15 00 10, 3823 11 00 20, 3823 11 00 70, 3823 12 00 20, 3823 12 00 70, 3823 19 10 30, 3823 19 10 70, 3823 19 90 70 agus 3823 19 90 95)

(71) San fhógra tionscnaimh, níor cuireadh an téarma DoS san áireamh sa sainmhíniú ar an táirge faoi imscrúdú. Tar éis dó na barúlacha a fháil ó na páirtithe, áfach, mar a mhínítear in aithrisí (80) go (90), an 21 Eanáir 2022, le Nóta a ghabhann leis an gcomhad, dheimhnigh an Coimisiún an raon táirge mar a shainmhínítear san Fhógra Tionscnaimh, lenar soiléiríodh nár chuimsigh an t-imscrúdú ach aigéid shailleacha ag a bhfuil DoS 97 % ar a laghad.

(72) Tagann aigéid shailleacha as claochlú ceimiceach aon ola ghlasraí, lena n-áirítear ola eithne pailme agus ola pailme, nó saill ainmhíoch. Dá bharr sin, is annamh a bhíonn siad ina móilíní saora sa nádúr, agus ina ionad sin faightear iad nuair a dhriogtar agus nuair a chodánaítear olaí agus saill.

(73) Úsáidtear aigéad sailleach ar réimse leathan bealaí, agus faightear é in go leor táirgí comónta, mar shampla go leor táirgí bia, beatha ainmhithe, gallúnach, glantach, cógaisíocht, cosmaidí agus táirgí eile cúraim phearsanta agus táirgí eile tís.

2.2. An táirge lena mbaineann

(74) Is é an táirge lena mbaineann an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na hIndinéise, ("an táirge lena mbaineann").

2.3. An táirge comhchosúil

(75) Leis an imscrúdú léiríodh go bhfuil na saintréithe bunúsacha, fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann;

— an táirge faoi imscrúdú a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh intíre na tíre lena mbaineann; agus

— an táirge faoi imscrúdú a tháirgeann agus a dhíolann tionscal an Aontais san Aontas.

(76) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin dá bhrí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

(77) Sna barúlacha uaidh tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Stéarinerie Dubois nach táirgí comhchosúla iad an táirge lena mbaineann agus an táirge a tháirgeann agus a dhíolann tionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais, go háirithe, toisc nach ann do mhargadh an Aontais don táirge faoi imscrúdú a tháirgeann tionscal an Aontais agus atá i gcomhréir le ceanglais REACH ([14]), Kosher agus Halal.

([12]) Tá an liosta de scéimeanna deonacha agus scéimeanna deimhniúcháin náisiúnta arna n-aithint ag an gCoimisiún ar fáil ag: https://energy.ec.europa.eu/topics/renewable-energy/bioenergy/voluntary-schemes_en

([13]) Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (athmhúnlú) (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82), atá le fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02018L2001-20220607&qid=1657211934884

([14]) Reachtaíocht REACH. Sa leagan comhdhlúite de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), ionchorpraítear na leasuithe agus na ceartúcháin uile ar REACH go dtí an dáta atá marcáilte ar an gcéad leathanach den rialachán.

(78) Sonraítear in Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán go gciallaíonn "táirge comhchosúil" táirge atá mar a chéile leis an táirge atá i gceist nó táirge a bhfuil a shaintréithe an-chosúil le saintréithe an táirge atá i gceist. Rinne an Coimisiún amach go bhfuil na príomh-shaintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna ag an táirge a tháirgtear agus a dhíoltar sa tír lena mbaineann, agus an táirge a tháirgeann agus a dhíolann tionscal an Aontais san Aontas. Thairis sin, tá cainníochtaí móra aigéid shailligh á dtáirgeadh ag tionscal an Aontais atá i gcomhréir le reachtaíocht REACH agus/nó ceanglais Kosher agus/nó Halal, mar a shonraítear in aithris (337). Dá bhrí sin, deimhníonn an Coimisiún gur táirgí comhchosúla iad an táirge lena mbaineann agus na táirgí a tháirgeann agus a dhíolann tionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais.

2.4. **Éilimh maidir le raon táirge**

(79) Fuair an Coimisiún barúlacha ar an raon táirge ó Musim Mas group, Wilmar, AAK, Campa/IMBI, EBB (Bord Bithdhíosail na hEorpa), ASSITOL (Comhlachas na hIodáile um tháirgeoirí bithdhíosail), APPA Biocarburantes (Comhlachas na Spáinne um tháirgeoirí bithbhreoslaí), Neste (táirgeoir bithdhíosail in-athnuaite) agus dhá chuideachta chomhlachaithe de chuid Ecogreen, táirgeoir alcóil shailligh ón Indinéis: DHW, táirgeoir polóil, eistear sailleach, aimíní sailleacha agus alcóil shailleacha neamhsháithithe) agus E&S, táirgeoir eistear sailleach, eatocsaláití agus sulfónáití. Thug an gearánach barúlacha ina leith sin freisin.

2.4.1. *Driogáit aigéid shailligh pailme, eisilteach muilte ola pailme, ola aigéid pailme agus aigéad sailleach mar sheachtháirge*

(80) D'iarr Neste deimhniú ón gCoimisiún nár tháinig driogáit aigéid shailligh pailme faoi raon feidhme an imscrúdaithe. Is é is driogáit aigéid shailligh pailme ann dramhaíl bhithbhunaithe agus amhábhar iarmharach a dhíorthaíonn ó scagadh ola pailme de ghrád bia a úsáidtear chun díosal in-athnuaite agus táirgí in-athnuaite eile a tháirgeadh.

(81) D'iarr Wilmar soiléiriú maidir le heisilteach muilte ola pailme agus cé acu a thagann nó nach dtagann sé faoi raon feidhme an imscrúdaithe. Is sreabhadh fuíolluisce é eisilteach muilte ola pailme a thagann ó phróiseas muilte fhisiciúil táirgthe ola pailme agus is bunábhar é a úsáidtear i dtáirgeadh bithbhreoslaí. Is é atá in eisilteach muilte ola pailme den chuid is mó uisce agus céatadán beag d'ola agus ábhar soladach.

(82) D'iarr AAK eisiamh ola aigéid pailme ó raon feidhme an imscrúdaithe nuair a rinneadh tagairt do chód AC 3823 19 90. Go háirithe, mhaígh an chuideachta nárbh ionann ola aigéid pailme, a thagann faoin gcód AC sin, agus aigéad sailleach, agus go bhfuil sciar shuntasach ola ann rud a fhágann nach féidir é a úsáid mar aigéad sailleach. Míníodh gur seachtháirge d'oibríochtaí scagtha réamhtheachtacha é ola aigéid pailme agus go n-úsáidtear é mar ionchur chun aigéid stéaracha a tháirgeadh, rud a bhí cumhdaithe faoin imscrúdú.

(83) Dúirt Campa/IMBI agus EBB gur táirgeoirí aigéid shailligh iad táirgeoirí bithdhíosail freisin toisc go dtáirgeann siad aigéad sailleach mar sheachtháirge le linn phróiseas táirgthe an bhithdhíosail. Go háirithe, dúradh go ngintear le próiseas scagtha na hamhola dramhaíl darb ainm "driogáit aigéid shailligh". Thairis sin, faightear aigéad sailleach mar iarmhar nuair a mhonaraítear bithdhíosal le traseistearúchán ola scagtha agus meatánóil.

(84) I bhfreagairt ar an maíomh sin, dheimhnigh an gearánach nach raibh sé beartaithe go dtiocfadh na cineálacha aigéid shailligh a úsáidtear i dtáirgeadh bithdhíosail faoi raon feidhme an imscrúdaithe. I ndáil leis sin, dúirt an gearánach gurbh fhéidir na haigéid shailleacha sin a idirdhealú mar gheall ar dhifríochtaí sna próisis táirgthe (cuspóirí oilécheimiceacha agus ní na cinn sin a bhaineann le táirgeadh bithdhíosail). Dar leis an ngearánach, is táirgí éagsúla iad an dá chineál aigéad sailleach agus níl siad in iomaíocht lena chéile agus ní féidir leo a bheidh mar chuid den táirge aonair lena mbaineann.

(85) Thairis sin, mhínigh an gearánach, maidir le táirgeadh aigéad sailleach oilécheimiceach, go raibh gá le príomhphróiseas chun tríghlicrídí a bhriseadh síos chun na haigéid shailleacha agus na glicríní a scaoileadh agus a dheighilt ó chéile chun táirge ard- íonaithe de 97 % d'aigéid shailleacha agus méid uasta de 3 % de shaill neamhscoilte a bhaint amach. Tugtar "scoilteadh" ar an bpróiseas sin. Chun táirge atá go hiomlán íonghlan a bhaint amach, bíonn aigéad sailleach faoi réir próisis driogtha nó codánúcháin, a bhfuil sé mar aidhm aige an tsaill neamhscoilte agus aon eisíontas atá fágtha a bhaint. Tagann aigéad sailleach driogtha agus codánaithe faoin raon táirge ar choinníoll go gcomhlíonann na táirgí sin an tairseach luacha iaidín, is é sin 105 g/100 g.

(86) Mhínigh an gearánach freisin, mar chuid den phróiseas chun bithdhíosal a tháirgeadh, go ndéantar an ola a scagadh chun eisíontais a bhaint di ach nach ndéantar aon oibríocht scoilteacháin. Gintear roinnt táirgí driogáite aigéid shailligh amhail driogáit aigéid shailligh, driogáit aigéid shailligh pailme, agus driogáit aigéid shailligh eithne pailme sa phróiseas táirgthe bithdhíosail mar sheachtháirgí.

(87) Dá bhrí sin, d'áitigh an gearánach gurbh ea a bhí in DoS nó an luach scoilteacháin, a léiríonn an céatadán d'aigéad sailleach scoilte san ola, líne shoiléir oibiachtúil chun idirdhealú a dhéanamh idir an táirge faoi imscrúdú agus cineálacha aigéad sailleach eile nach mbaineann leis an imscrúdú. Ríomhtar DoS nuair a roinntear an luach aigéid ar an luach gallúnúcháin. Sainmhíníodh an luach aigéid (nó an luach dí-aigéadúcháin) agus an luach gallúnúcháin sa ghearán. Mhínigh an gearánach, cé go ndearnadh machnamh ar chritéar DoS tráth an ghearáin, níor coimeádadh é mar a bhí (i.e. luach arna shloinneadh mar luach aigéid os cionn luach gallúnúcháin) toisc go raibh toilleadh aigéid shailligh de 97 % ar a laghad ag gach aigéad sailleach oilécheimiceach faoin raon táirgí.

(88) Dar leis an ngearánach, tá luachanna DoS i bhfad níos ísle ag aigéid shailleacha a úsáidtear i dtáirgeadh bithdhíosail (idir 81 % agus 97 %). Bunaithe ar an méid thuas, d'áitigh an gearánach gur cheart an luach de 97 % DoS a mheas mar chritéar scoite chun idirdhealú a dhéanamh idir aigéid shailleacha.

(89) Thacaigh AAK le cur chuige an ghearánaigh.

(90) D'áitigh Wilmar gurbh é an luach aigéid a úsáidtear i ríomh DoS an bealach is iomchuí chun idirdhealú a dhéanamh idir aigéid shailleacha. Mhaígh sé nach raibh DoS chomh beacht céanna le teorainn shocraithe bunaithe ar an luach aigéid. D'iarr Wilmar ar an gCoimisiún an luach aigéid a chur san áireamh san uimhir rialaithe táirge ("PCN").

(91) Mar a deirtear in aithris (71), luaigh an Coimisiún na barúlacha arna soláthar ag na páirtithe leasmhara maidir leis an raon táirge agus shoiléirigh sé, le Nóta a ghabhann leis an gcomhad, nár cumhdaíodh ach aigéid shailleacha ag a bhfuil DoS 97 % ar a laghad faoin imscrúdú. Dá bhrí sin, maidir le driogáit aigéid shailligh pailme, eisilteach muilte ola pailme, ola aigéid pailme a thagann faoi chód AC 3823 19 90, agus aigéad sailleach a fhaightear mar sheachtháirge i bpróiseas monaraíochta bithdhíosail, níor cumhdaíodh iad faoin imscrúdú toisc go raibh DoS ní b'ísle ná 97 %. Chomh maith leis sin, d'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara aon mhéid d'aigéad sailleach, ag a raibh DoS de 97 % ar a laghad, a allmhairíodh le haghaidh táirgeadh bithdhíosail, a shainaithint agus aon saintréith fhisiciúil, cheimiceach agus/nó theicniúil den chineál seo aigéid shailligh, seachas aigéad sailleach le haghaidh úsáid eile, a shonrú.

(92) D'áitigh Wilmar, toisc gur athraigh teacht isteach tairseach DoS de 97 % an raon táirgí go suntasach, gur cheart an gearán a dhiúltú toisc nach raibh fianaise leordhóthanach ann maidir le dumpáil ná díobháil. Thairis sin, mhaígh sé go raibh na sonraí sa ghearán bunaithe ar shainmhíniú ar an táirge a bhí difriúil leis an sainmhíniú a úsáideadh chun críoch an imscrúdaithe reatha.

(93) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Maidir leis an soiléiriú a soláthraíodh le DoS 97 % a chur leis an sainmhíniú ar an raon táirge, mar a mhínítear in aithris (71), níor athraíodh an raon táirge ná an gearán toisc nach raibh i gceist ach soiléiriú agus tuairisc ní b'fhearr ar an táirge a bhaineann leis an ngearán. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

2.4.2. *Aigéad sailleach a tháirgtear ó dhramhaíl phailme agus a úsáidtear le haghaidh táirgeadh bithdhíosail*

(94) Dúirt EBB, Musim Mas group agus Campa/IMBI gur úsáid táirgeoirí bithdhíosail aigéad sailleach arna tháirgeadh ó dhramhaíl chun bithdhíosal a tháirgeadh. Dúirt Campa/IMBI agus Musim Mas group go mbíonn gá le haigéid shailleacha le luachanna DoS 97 % ar a laghad mar amhábhair le haghaidh aigéad sailleach a úsáidtear chun bithdhíosal a tháirgeadh i monarcha táirgthe eistearúcháin ([15]) agus, dá bhrí sin, bheadh an t-aigéad sailleach a úsáideann Campa/IMBI chun bithdhíosal a tháirgeadh cumhdaithe faoin imscrúdú tar éis shoiléiriú an Choimisiúin in aithris (91). Dúirt Campa/IMBI, Musim Mas group agus EBB gurbh é an úsáid deiridh an t-aon chritéar ábhartha chun idirdhealú a dhéanamh idir aigéid shailleacha a chumhdaítear faoin imscrúdú agus aigéid shailleacha a úsáidtear chun bithdhíosal a tháirgeadh. Thairis sin, dúradh go raibh an doiciméad deimhniúcháin ríthábhachtach chun úsáid deiridh an táirge a thuiscint. Go háirithe, an t-aigéad sailleach a éilíonn an tionscal cosmaidí, an tionscal cógaisíochta, an tionscal ceimiceach nó an tionscal bia, deartar é chun ceanglais éagsúla deimhniúcháin a chomhlíonadh (amhail Kosher, Halal, GMP+, FSSC 22000, deimhniú RSPO, ISO 9001, ISO 14001, ISO 45001), fad nach gceanglaítear ar tháirgeoirí bithdhíosail ach deimhniú chun an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ("RED II") a chomhlíonadh (scéim dheonach a aithníonn an Coimisiún Eorpach de bhun RED II, amhail ISCC AE nó 2BSVS, nó scéim deimhniúcháin náisiúnta arna bhunú de bhun RED II). Dúradh freisin nár tháirg tionscal an Aontais aigéad sailleach le luach ard DoS, nó nach raibh sé in ann an t-aigéad sin a tháirgeadh, aigéad a bhí beartaithe do tháirgeadh bithdhíosail a thagann faoi raon RED II, a spreag úsáid an bhunábhair aibithe i ndáil leis sin. Dúirt Campa/IMBI freisin gur allmhairigh sé an cineál aigéid shailligh sin trí chód TARIC 3823 19 30 89, rud nár cuireadh san áireamh sa ghearán ná san Fhógra Tionscnaimh.

([15]) Próiseas lena gceadaítear trí chatalaíoch aigéid shailleacha (in ionad olaí) agus meatánól a úsáid chun bithdhíosal a mhonarú.

(95) D'iarr Campa/IMBI agus EBB deimhniú ón gCoimisiún nach gcumhdaítear aigéid shailleacha a úsáidtear chun bithdhíosal a tháirgeadh faoin imscrúdú. Go háirithe, dúradh gur cumhdaíodh leis an sainmhíniú ar an raon táirgí an t-aigéad sailleach arna úsáid ag Campa/IMBI chun bithdhíosal a tháirgeadh. Thairis sin, dúradh nár liostaigh an gearán táirgeoirí bithdhíosail an Aontais mar allmhaireoirí nó úsáideoirí aigéid shailligh, agus nach raibh bithdhíosal i measc úsáidí an táirge lena mbaineann a liostaítear sa ghearán.

(96) Mar an gcéanna, chuir ASSITOL agus APPA Biocarburantes in aghaidh úsáid luach DoS chun an t-aigéad sailleach a chumhdaítear faoin imscrúdú a shainiú toisc nár cuireadh gach aigéad sailleach a úsáidtear chun bithdhíosal a tháirgeadh as an áireamh. D'áitigh siad gur ceart sásra eile a ghlacadh, is é sin ceann bunaithe ar úsáid deiridh an táirge de réir Airteagal 254 de Chód Custaim an Aontais.

(97) I ndáil leis sin, d'iarr ASSITOL agus Campa/IMBI ar an gCoimisiún Fógra lena leasófaí an Fógra Tionscnaimh a fhoilsiú.

(98) Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún a dheimhniú ar aigéad sailleadh le DoS de 97 % ar a laghad arna tháirgeadh ó dhramhaíl an táirge lena mbaineann gan measúnú a dhéanamh ar cibé an raibh nó nach raibh na bun-saintréithe fisiciúla, teicniúla agus ceimiceacha céanna agus an úsáid chéanna aige agus a bhí ag an táirge comhchosúil agus cibé acu an raibh nó nach raibh sé in iomaíocht leis an táirge comhchosúil. Thairis sin, ní fachtóir cinntitheach iad na hamhábhair chun an cineál táirge a eisiamh ó raon táirgí an imscrúdaithe má bhíonn na táirgí críochnaitheacha mar an gcéanna agus má bhíonn na bun-saintréithe fisiciúla, teicniúla agus ceimiceacha céanna acu.

(99) Maidir leis an gcuairt fíorúcháin a rinneadh in áitreabh an táirgeora onnmhairiúcháin san Indinéis, nocht sé gur táirgeadh na haigéid shailleacha driogtha a onnmhairíonn IMBI ó sheachtháirgí amhail driogáit aigéid shailligh pailme nó ó amhábhair dramhaíola pailme éagsúla.

(100) Le linn na cuairte fíorúcháin san Indinéis, rinne an Coimisiún measúnú ar shaintréithe fisiciúla an táirge (amhail cuma, boladh, títear, dath), ar shaintréithe teicniúla (amhail cineál agus grád, cáilíocht, cruth ábhartha, cobhsaíocht dathanna) agus ar shaintréithe ceimiceacha (amhail luach aigéid, luach gallúnúcháin, luach iaidín agus comhdhéanamh aigéid shailligh) an aigéid shailligh dhriogtha arna tháirgeadh ón dramhaíl i gcomparáid leis an gcineál aigéid shailligh eile. Nochtadh leis an imscrúdú, áfach, go bhfuil saintréithe fisiciúla, teicniúla agus ceimiceacha ag na haigéid shailleacha driogtha atá an-chosúil leis na tréithe céanna sna haigéid shailleacha a tháirgtear ó amhola pailme agus amhola eithne pailme. Dá, níor nocht an t-imscrúdú aon bhun-saintréith fhisiciúil, theicniúil nó cheimiceach a dhéanfadh idirdhealú idir an t-aigéad sailleach driogtha a mhonaraítear ó dhramhaíl agus an cineál eile aigéid shailligh.

(101) Thairis sin, nocht an t-imscrúdú go gcumhdaítear an t-aigéad sailleach driogtha a tháirgtear ó dhramhaíl faoi reachtaíocht an Aontais maidir le cur chun cinn úsáid an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite (RED II ([16])), rud a shuigh go bhféadfaidh Ballstáit den Aontas bithdhíosal a tháirgtear ó aigéad sailleach ag úsáid ábhar dramhaíola nó seachtháirgí a chur san áireamh le haghaidh na spriocanna a shuitear le RED II ([17]). De bhun RED II ([18]), ionas go bhféadfadh Ballstáit den Aontas bithdhíosal a chur san áireamh le haghaidh a spriocanna inbhuanaithe, ní mór a mbunábhair, aigéid shailleacha dhriogtha sa chás seo, a dheimhniú chun a áirithiú go n-urramaítear caighdeáin inbhuanaitheachta agus cheimiceacha.

(102) Ar an mbonn sin, shuigh an Coimisiún, maidir le haigéid shailleacha ag a bhfuil DoS 97 % ar a laghad agus a tháirgtear ó dhramhaíl agus a dheimhnítear le scéim dheonach a aithníonn an Coimisiún de bhun Airteagal 30(4) de RED II ([19]) nó scéim deimhniúcháin náisiúnta arna bhunú de bhun Airteagal 30(6) de RED II ([20]), fad atá na saintréithe céanna acu atá ag aigéid shailleacha eile, go bhfuil úsáidí éagsúla ag na haigéid shailleacha ag a bhfuil DoS 97 % ar a laghad agus nach bhfuil siad in iomaíocht leis an táirge comhchosúil. Dheimhnigh an Coimisiún chomh maith nár cuimsíodh na haigéid shailleacha sin a tháirgtear ó dhramhaíl sa ghearán. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh na haigéid shailleacha sin mar chuid den táirge lena mbaineann agus, dá bhrí sin, níor cuireadh san áireamh iad san imscrúdú. Mar iarmhairt air sin, fuarthas nach raibh baint ag an imscrúdú seo le hallmhairí aigéad sailleach den sórt sin ón *inter alia* táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte, IBP, cuid de Musim Mas group, na haigéid shailleacha a d'allmhairigh IMBI.

(103) Léirítear na soiléirithe breise seo ar an raon táirgí, chomh maith leo siúd a fhoilsítear sa Nóta a ghabhann leis an gcomhad dá dtagraítear in aithris (71), sa sainmhíniú ar an táirge faoi imscrúdú mar a leagtar amach in aithris (70).

([16]) Féach fonóta 16.
([17]) Féach fonóta 16.
([18]) Féach fonóta 16.
([19]) Féach fonóta 16.
([20]) Féach fonóta 16.

2.4.3. *Cineálacha eile aigéad sailleach*

(104) D'iarr cleamhnaithe de chuid Ecogreen, DHW agus E&S, go n-eisiafaí aigéad sailleach C6 (Ainm trádála: Ecoric 6), C8-C10 (Ainm trádála: Ecoric 80), C16-C18, C18 neamhsháithithe (Ainm trádála: Ecoric.68 TA) agus C18:1 (Ainm trádála: Ecoric 18W) ón raon táirge. Mhaígh siad gur tháirg a dtáirgeoir onnmhairiúcháin comhlachaithe, Ecogreen, na cineálacha aigéad sailleach sin le linn phróiseas monaraíochta an alcóil shailligh, agus go raibh saintréithe uathúla áirithe acu nárbh fhéidir le táirgeoirí an Aontais iad a tháirgeadh ar an gcáilíocht chéanna. Dúirt DHW agus E&S, maidir leis na chéad thrí aigéad shailleacha, go háirithe, nár onnmhairigh Ecogreen iad chuig a chleamhnaithe san Eoraip chun iad a phróiseáil a thuilleadh go hinmheánach de bharr cobhsaíochta cáilíochta, leanúnachas an tsoláthair agus an tslabhra deimhniúcháin sheanbhunaithe. Dúirt DHW agus E&S, go háirithe, nárbh fhéidir Ecoric 6 a tháirgeadh ach ó amhola eithne pailme agus ola íonghlan chnó cócó ar mhéid an-bheag. Thairis sin, dúirt DHW agus E&S go raibh aigéid C6 eile ar fáil san Aontas ach go dtáirgtear iad le coipeadh, rud nárbh fhéidir le Ecogreen a úsáid. Anuas air sin, mhaígh siad gur táirgeadh Ecoric 80 ó amhola eithne pailme agus ola chnó cócó den chuid is mó, agus gur úsáideadh é chun eistir shailleacha a tháirgeadh, agus tar éis do DHW é a chóireáil le paitinn áirithe, go mbeadh eistear ann ag a mbeadh cáilíocht ard i dtéarmaí blais, bolaidh agus cobhsaíocht dathanna. Díorthaíodh Ecoric 68 TA ó amhola eithne pailme, bhí an dáileadh slabhra carbóin cosúil leis an aigéad sailleach ó gheir, agus úsáideadh é chun aimíní sailleacha a bhí saor ó gheir a tháirgeadh. Úsáideadh Ecoric 18W chun eistir a tháirgeadh, eistir a d'fhulaing teocht fuar go maith, a raibh dath ní b'fhearr acu le haghaidh an táirge deiridh agus níos lú seachtháirgí ag dul leo. Ar deireadh, dúirt siad go raibh cosc ar an aigéad oiléach ainmhíbhunaithe ina monarchana eistear de bharr rialacha diana kosher.

(105) Mar fhreagairt air sin, chuir an gearánach in aghaidh eisiamh na gcineálacha aigéad sailleach seo, agus é ag áitiú go ndéanfadh sé difear do raon táirgí iomlán an táirge faoi imscrúdú toisc gur cumhdaíodh faoin eisiamh táirge arna iarraidh ag cleamhnaithe Ecogreen fad slabhra iomlán na n-aigéad sailleach lena mbaineann, ó C6 go C18. Thairis sin, d'áitigh an gearánach, contrártha do mhaíomh DHW agus E&S, go raibh táirgeoirí an Aontais in ann a bheith ag táirgeadh agus go raibh na cineálacha aigéad sailleach sin á soláthar acu do chleamhnaithe Ecogreen toisc nach raibh na táirgí sin "uathúil" don Ecogreen group agus toisc go raibh siad inmhalartaithe leis na haigéid shailleacha arna dtáirgeadh ag tionscal an Aontais.

(106) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur tháirg tionscal an Aontais aigéid shailleacha chomhchosúla agus, dá bhrí sin, go raibh na táirgí, ar iarr DHW agus E&S iad a eisiamh ón raon táirge, in iomaíocht le tionscal an Aontais agus go ndearna siad díobháil. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh ar eisiamh sin.

(107) Sna barúlacha uaidh tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Ecogreen a iarraidh ar eisiamh a luaitear in aithris (104). D'áitigh Ecogreen, murab ionann agus maíomh an ghearánaigh, nár cumhdaíodh ina iarraidh ar eisiamh fad slabhra iomlán na n-aigéad sailleach a chumhdaítear leis an imscrúdú, toisc nach raibh C12 (aigéad lárach), C14 (aigéad Miristeach), C16 (aigéad Pailmíteach), C18 sáithithe (aigéad Stéarach) ná a dtáirgí cumaisc mar chuid dá n-iarratas ar eisiamh. Thairis sin, maidir leis na táirgí a áirítear san iarraidh ar eisiamh, mhaígh Ecogreen nach dtáirgeann tionscal an Aontais aon táirgí comhchosúla. Go háirithe, d'áitigh Ecogreen go n-áirítear ina tháirgí Éicearacha 6 comhdhúil orgánacha ar leith nach féidir a fháil sna haigéid C6 a tháirgeann tionscal an Aontais. Thairis sin, d'áitigh Ecogreen gur bhain tionscal an Aontais úsáid as próiseas táirgthe iomlán difriúil le haghaidh táirgí C6, C8-C10, C16-C18 agus C18 (neamhsháithithe). Go háirithe i gcás C6, d'áitigh Ecogreen gur úsáid tionscal an Aontais coipeadh agus nár fhormheas an grúpa Ecogreen ná a chustaiméirí riamh an próiseas coipthe mar phróiseas monaraíochta d'aigéad sailleach, toisc go bhféadfadh sé sin difear a dhéanamh do bhuntréithe na n-aigéad sailleach a tháirgtear. Maidir lena táirge C18:1, d'áitigh Ecogreen go bhfuil sé ar chaighdeán an-ard, agus go bhfuil comhaontuithe cáilíochta i bhfeidhm ag daoine a úsáideann an táirge seo san Aontas, rud a chuireann oibleagáid orthu eistir a tháirgtear le haigéad sailleach C18:1 a chomhlíonann sonraíochtaí diana a sholáthar dá gcustaiméirí.

(108) D'aontaigh an Coimisiún nár chumhdaigh an iarraidh ar eisiamh táirgí ó Ecogreen gach saghas fad slabhra carbóin a d'fhéadfadh a bheith ann d'aigéid shailleacha lena mbaineann, ach, mar sin féin, cumhdaíodh fo-thacar suntasach díobh. In aon chás, i gcás na dtáirgí a áiríodh san iarraidh ar eisiamh, níor thug Ecogreen bunús lena mhaíomh nach dtáirgeann tionscal an Aontais aon "táirgí comhchosúla". Maidir leis an gcomhdhúil orgánach a líomhnaítear a idirdhealaíonn a tháirge C6 ó na táirgí faoi seach a tháirgeann tionscal an Aontais, níor chuir Ecogreen fianaise ar fáil chun a ábharthacht a léiriú, lena n-áirítear maidir le tiúchan na substainte sin sa táirge agus maidir leis an gcaoi a ndéanann sé difear dá shaintréithe agus dá úsáidí bunúsacha. Thairis sin, ós rud é nár nochtadh aon fhaisnéis faoin tsubstaint sin, lena n-áirítear a hainm, sa leagan oscailte den aighneacht, ní raibh páirtithe leasmhara eile in ann barúlacha a thabhairt maidir leis na gnéithe sin. Maidir leis na difríochtaí líomhainte sa phróiseas táirgthe, meabhraíonn an Coimisiún nach bhfuil próisis táirgthe ábhartha, i bprionsabal, agus measúnú á dhéanamh an bhfuil táirgí "cosúil" lena chéile nó nach bhfuil. Sa chás áirithe sin, níor chuir Ecogreen fianaise nithiúil ar fáil maidir leis an tionchar a bheadh acu ar shaintréithe bunúsacha an táirge deiridh. Go háirithe maidir

le coipeadh, na difríochtaí líomhainte ó thaobh saintréithe bunúsacha an táirge is toradh ar an bpróiseas sin, tugann Ecogreen féin le fios gur féidearthacht iad, seachas fíoras seanbhunaithe a dtacaíonn fianaise léi. I bhfianaise an mhéid thuas, dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh sin ar eisiamh.

(109) D'iarr AAK ar an gCoimisiún aigéad oiléach de ghrád bia ó raon táirgí an imscrúdaithe. Mhaígh AAK, cé go raibh aigéad oiléach cumhdaithe faoin imscrúdú, gurbh fhéidir dhá chineál aigéad oiléach a shonrú: aigéad oiléach de ghrád tionsclaíoch agus aigéad oiléach de ghrád bia. Dúirt AAK cé go bhfuil na bun-airíonna ceimiceacha ag an dá ghrád, toisc go n-úsáidtear an grád bia i dtáirgeadh táirgí bia, ní mór dá phróiseas táirgthe caighdeáin níos déine a chomhlíonadh, i.e. níor cheart don leibhéal éilleán san aigéad a bheith níos mó ná leibhéal áirithe arna leagan amach le Rialachán an Aontais um Earraí Bia ([21]). Mhaígh AAK chomh maith go raibh aigéad oiléach de ghrád bia i bhfad níos costasaí ná an t-aigéad oiléach de ghrád tionsclaíoch, sin agus nárbh fhéidir aigéad oiléach de ghrád tionsclaíoch a úsáid in ionad aigéad oiléach de ghrád bia agus nárbh fhéidir le tionscal an Aontais na méideanna méadaithe a sholáthar. Dúirt AAK nach raibh ann ach allmhairí imeallacha d'aigéad oiléach de ghrád bia ón Indinéis agus, dá bhrí sin, nárbh fhéidir leo díobháil a dhéanamh do thionscal an Aontais. Dúirt AAK gur dócha gurbh é an t-aon allmhaireoir de mhéideanna suntasacha aigéad oiléach de ghrád bia ó thíortha eile san Aontas. Dúirt AAK chomh maith, de réir an fhaisnéis a bhí acu, nach raibh aon mhonarcha san Indinéis a bhí ag táirgeadh aigéad oiléach a chomhlíon ceanglais dhiana an leibhéil uasta d'éilleáin in earraí bia. Dúirt AAK, maidir le praghsanna méadaithe allmhairí féideartha d'aigéad oiléach de ghrád bia ón Indinéis, go dtiocfadh méadú, dá réir sin, ar phraghsanna úsáideoirí an Aontais i ngach catagóir d'aigéad oiléach, ón Malaeisia chomh maith, rud a dhéanfadh dochar do ghníomhaíocht AAK. Mhol AAK go bhféadfaí an t-aigéad oiléach de ghrád bia má thagraítear do leibhéil uasta de bheinsi[a]piréin agus d'ábhair aigéid thras-sailligh, ar thairseacha a údaraíodh go hoifigiúil mar a leagadh amach i Rialachán an Aontais um Earraí Bia.

(110) Mar fhreagairt ar an maíomh thuas, chuir an gearánach in aghaidh eisiamh an aigéid oiléigh de ghrád bia ó raon feidhme an imscrúdaithe. I ndáil leis sin, mhaígh an gearánach go raibh na bun-saintréithe fisiciúla, ceimiceacha agus teicniúla céanna ag aigéad oiléach de ghrád bia agus a bhí ag táirgí eile faoi raon feidhme an imscrúdaithe agus, dá bhrí sin, bheadh riosca ard ann i ndáil le himchéimniú na mbeart dá n-eiseofaí an grúpa táirgí sin. Anuas air sin, d'áitigh an gearánach gur úsáideoirí aigéid oiléigh de ghrád teicniúil a bhí sna táirgeoirí a úsáideann aigéad oiléach de ghrád bia agus, dá bhrí sin, ní sheachnódh idirdhealú bunaithe ar úsáid deiridh an riosca i ndáil le himchéimniú. Chomh maith leis sin, d'áitigh an gearánach go raibh aigéad oiléach de ghrád bia ar fáil ó fhoinsí eile allmhairí nach raibh faoi raon feidhme an imscrúdaithe agus, dá bhrí sin, ní raibh aon riosca ann maidir le heaspa soláthair.

(111) I ndáil leis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh na bun-saintréithe fisiciúla, teicniúla agus ceimiceacha atá ag aigéid oiléacha de ghrád bia cosúil leis na bun-saintréithe céanna atá ag aigéad oiléach de ghrád tionsclaíoch. Cé go raibh aigéad oiléach de ghrád bia faoi réir ceanglas cáilíochta agus íonachta níos déine, bhí an fad slabhra carbóin céanna aige agus atá ag aigéad oiléach a úsáidtear chun críocha tionsclaíochta. Ní príomhchúis le haghaidh eisiaimh é an difríocht sa phraghas idir an dá ghrád *per se*. Thairis sin, táirgeann tionscal an Aontais aigéad oiléach de ghrád bia agus tá foinsí soláthair eile ann amhail an Mhalaeisia. Mar gheall air sin, dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh ar eisiamh.

(112) Sna barúlacha ó AAK tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh sé a iarraidh chun aigéad oiléach de ghrád bia a eisiamh ó raon táirge an imscrúdaithe. Cháin AAK an Coimisiún toisc nár thug sé aghaidh mar is ceart ar a mhaímh agus mhaígh sé gur bhain sé úsáid as critéir neamhréireacha ina chinneadh aigéad sailleach atá beartaithe le haghaidh táirgeadh bithdhíosail a eisiamh i gcomparáid le haigéad oiléach de ghrád bia. Go háirithe, mhaígh AAK in aithris (102) go raibh conclúid an Choimisiúin maidir le haigéad sailleach a tháirgtear ó dhramhaíl a eisiamh bunaithe ar an gcaoi go raibh úsáidí éagsúla ag an aigéad sailleach áirithe sin agus nach raibh sé in iomaíocht leis an táirge comhchosúil agus na saintréithe céanna á roinnt aige le haigéid shailleacha eile. Ar an taobh eile, chun nach n-eiseofaí aigéad oiléach de ghrád bia ó raon táirge an imscrúdaithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (111) go bhfuil buntréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha ag aigéid oiléacha de ghrád bia agus atá cosúil leis an aigéad oiléach de ghrád tionsclaíoch a bhfuil an fad slabhra carbóin céanna aige. Ina theannta sin, dúirt AAK go bhfuil úsáidí éagsúla ag aigéad oiléach de ghrád bia agus ag aigéad oiléach de ghrád tionsclaíoch agus nach bhfuil siad in iomaíocht lena chéile, agus nár thacaigh na fíorais leis an ráiteas ón gCoimisiún go bhfuil saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla comhchosúla ag an dá chineál agus nár tacaíodh leis an ráiteas sin sa rialachán. Ar deireadh, mhaígh AAK go mbeadh difríochtaí cineáil, gráid agus cáilíochta aimsithe ag an gCoimisiún idir an dá chineál dá ndéanfadh sé anailís den chineál céanna ar aigéad oiléach de ghrád bia agus de ghrád tionsclaíoch.

([21]) Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear leibhéil uasta le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia, IO L 364 an 20.12.2006, lch. 5.

(113) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Ar an gcéad dul síos, maidir le haigéad sailleach atá déanta as dramhaíl, mar a luaitear in aithris (102), ní raibh sé ceaptha go gcumhdódh an t-imscrúdú aigéad sailleach a rinneadh as dramhaíl. Mar sin féin, toisc go raibh na saintréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha céanna aige le haigéid shailleacha eile, airíodh é de thaisme i sainmhíniú an táirge. Chun a áirithiú go ndearnadh an t-imscrúdú agus na bearta féideartha a a chur i bhfeidhm i gceart, rinne an Coimisiún imscrúdú domhain ar an táirge áirithe sin sular dheimhnigh sé nár cheart go ndéanfaí é a imscrúdú/a chumhdach le bearta, mar a mhínítear in aithrisí (98) go (102). Tá sé sin i gcodarsnacht le haigéid shailleacha le haghaidh feidhmeanna bia (amhail aigéad oiléach de ghrád bia), a cumhdaíodh sa ghearán agus ar chuir na gearánaigh fianaise ar fáil ina leith maidir le dumpáil, díobháil agus nasc cúisíoch, rud a deimhníodh le linn an imscrúdaithe. Ar an dara dul síos, tá an cáineadh a chuir AAK in iúl bunaithe ar mhíthuiscint ar an staid fhíorasach agus dhlíthiúil maidir leis an iarraidh chun aigéad oiléach de ghrád bia a eisiamh. Fiú dá measfaí gur dhá chineál éagsúla aigéid shailligh iad an grád tionsclaíoch agus an grád bia, mar a mhaígh AAK, ní bheadh aon tionchar ag an méid sin ar thorthaí an Choimisiúin. Táirgeann agus díolann tionscal an Aontais aigéad oiléach de ghrád bia, d'fhéadfadh sé go mbeadh allmhairí aigéid oiléaigh de ghrád bia ón Indinéis ann ([22]), rud a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht dhíreach leis an táirge a dhíolann tionscal an Aontais agus, dá thoradh sin, a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh. Dá bhrí sin, níl aon chúis ann go gcinnfeadh an Coimisiún go bhfuil údar maith le haigéad oiléach de ghrád bia a eisiamh. Go deimhin, ní mór gur a mhalairt ar fad a bheidh sa chonclúid loighciúil: ní féidir aigéad oiléach de ghrád bia a eisiamh gan an bonn a bhaint d'éifeachtaí ceartaitheacha na mbeart atá le forchur.

(114) Luaigh AAK freisin nár thacaigh táirgeacht imeallach an Aontais d'aigéad oiléach de ghrád bia agus tríú tír amháin eile a bheith ag soláthar an táirge le haigéad oiléach de ghrád bia a áireamh i raon táirge an imscrúdaithe. Go háirithe, chuir AAK in iúl gur chuir an Coimisiún san áireamh é san am a chuaigh thart, i gcinntí maidir le raon táirge, más rud é gur bheag táirgeadh a bhí ar siúl san Aontas i gcás cineál áirithe táirge. I ndáil leis sin, rinne AAK tagairt don imscrúdú frithdhumpála ar allmhairí snáithíní stáplacha sintéiseacha poileistir ("PSF") de thionscnamh na Malaeisia agus na Téaváine ([23]). Thagair AAK freisin d'athbhreithniú ar raon feidhme táirge a bhaineann leis na bearta frithdhumpála ar allmhairí táirgí cothromrollta de chruach sileacain-leictreach ("GOES") atá dírithe ar ghráin ar de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus na Rúise iad, á mhaíomh gur cuireadh athraitheach tanaí den táirge sin as an áireamh toisc nár leas díreach d'aon táirgeoir é a tháirgeadh.

(115) Sa bhreis ar an dá chuideachta a luaigh AAK san aighneacht, tairgeann tríú táirgeoir de chuid an Aontais aigéad oiléach de ghrád bia do mhargadh an Aontais ([24]). Ina theannta sin, luaigh an Coimisiún, i ndáil leis an táirge seo, gur féidir soláthar a fháil freisin ó sholáthróirí ón Malaeisia. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(116) D'iarr AAK agus Musim Mas group eisiamh aigéid phailmítigh a úsáidtear le haghaidh beatha ainmhithe ón raon táirgí. Is táirgeoir d'aigéad pailmíteach san Aontas é AAK. Tá an t-éileamh iomlán níos mó ná a acmhainneacht táirgeachta, áfach. Dúradh gur táirgeadh aigéad íonghlan pailmíteach, d'fhad slabhra carbóin C16, ó amhola pailme agus amhola eithne pailme. Dar leosan, níorbh fhéidir geir a úsáid mar amhábhar chun an t-aigéad pailmíteach a tháirgeadh chun beatha ainmhithe a tháirgeadh, toisc gur toirmisceadh le reachtaíocht an Aontais i ndáil le beatha ainmhithe úsáid geire ainmhithe i mbeatha le haghaidh na n-athchogantach ([25]). Dúradh freisin go raibh táirgeadh aigéid phailmítigh na hEorpa diomaibhseach agus nach raibh ann ach dhá tháirgeoir eile a dhéanann aigéad pailmíteach san Aontas, is iad sin KLK agus IOI Oleo GmbH. Mheas AAK gurbh é 45 000 tona in aghaidh na bliana an t-éileamh ar aigéad pailmíteach san Aontas. Dúirt AAK nach raibh aigéad íonghlan pailmíteach oiriúnach in éineacht le haigéid shailleacha eile, agus nárbh fhéidir aigéid shailleacha eile a úsáid in ionad aigéad pailmíteach. Thairis sin, dúradh, i ndáil le haigéid shailleacha a dhéantar as síol ráibe/canóil, arb é an príomh-amhábhar atá ar fáil san Aontas é de réir mar a líomhnaítear, nach raibh na haigéid sin a dhéantar as síol ráibe/canóil oiriúnach do bheatha ainmhithe toisc nár thacaigh sé le táirgeadh bainne bó, ach tacaíonn aigéad pailmíteach leis. Dar le AAK, níl na dreasachtaí ar fáil do tháirgeoirí de chuid an Aontais aigéad pailmíteach a tháirgeadh i méideanna suntasacha de bharr an éilimh ísil ar aigéad stéarach, toisc go dtáirgtear na táirgí sin ag an am céanna. Mhol AAK go bhféadfaí an t-eisiamh seo a chur chun feidhme má bhaintear C16 ón sainmhíniú ar an táirge.

(117) Mar fhreagairt ar an maíomh sin, dúirt Cailà & Parés gurbh fhéidir leis 17 000 tona d'aigéad pailmíteach a tháirgeadh in aghaidh na bliana nuair a bheadh cothroime iomaíochta le fáil ar mhargadh an Aontais arís agus dúirt Cailà & Parés gur sciar shuntasach d'éileamh an Aontais a bhí sa 17 000 tona seo.

([22]) Ní dhéanann an cód Taric le haghaidh aigéad oiléach idirdhealú de réir gráid, agus tá allmhairí aigéid oiléaigh san Aontas ón Indinéis.

([23]) Cinneadh 2007/430/CE, aithris 40.

([24]) https://www.ioioleo.de/wp-content/uploads/2021/01/IOI_BASIC_OLEO.pdf

([25]) Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) IO L 300, 14.11.2009, lch. 1).

(118) Mar gheall ar an méid thuas, ghlac an Coimisiún leis an argóint go mbaineann brabúsacht tháirgeadh an aigéid phailmítigh leis an éileamh le haghaidh aigéad stéarach. Bhí sé den tuairim, áfach, dá gcuirfí cothroime iomaíochta ar fáil san Aontas arís le haghaidh na n-aigéad sailleach uile, lena n-áirítear aigéid phailmíteacha agus aigéid stéaracha, go mbeadh na dreasachtaí ann do tháirgeoirí an Aontais arís chun aigéad pailmíteach a tháirgeadh ar mhéideanna suntasacha, lena n-áirítear aigéad pailmíteach a bheadh oiriúnach do bheatha ainmhithe. Thairis sin, tá foinsí eile soláthair ar fáil le haghaidh aigéad pailmíteach, amhail an Mhalaeisia. Ar an mbonn sin, agus an fhaisnéis uile arna soláthar ag Cailà & Parés maidir lena acmhainneacht táirgeachta, atá níos airde ná méid na n-allmhairí ón Indinéis agus níos airde ná éileamh AAK, á cur san áireamh, dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh ar aigéid phailmítigh a eisiamh.

(119) Ina gcuid barúlacha tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Musim Mas group agus AAK a n-iarratas chun aigéad pailmíteach a eisiamh ón raon táirge. Cheistigh an dá chuideachta cumas Cailà & Parés a tháirgeacht aigéid phailmítigh a mhéadú tar éis na bearta frithdhumpála a fhorchur. Go háirithe, dúirt Musim Mas group gur éileamh amhantrach a bhí ann, gan aon tacaíocht fianaise. D'athdhearbhaigh AAK go raibh táirgeadh aigéid phailmítigh cúpláilte le táirgeadh aigéid stéaraigh íona agus nach raibh aon mhargadh ann don aigéad stéarach íon san Aontas toisc gurbh é táirgeadh céir AKD (Ailcil-Ceitéin-Déimhéir) an phríomhúsáid a bhí le haigéad stéarach íon, rud nach raibh á tháirgeadh san Aontas a thuilleadh.

(120) Níor ghlac an Coimisiún leis na hargóintí sin, maidir le hacmhainneacht theicniúil ná maidir le dreasachtaí chun aigéad pailmíteach a tháirgeadh. Maidir le hacmhainneacht theicniúil, dheimhnigh an Coimisiún le linn na cuairte fíorúcháin ar áitreabh Cailà & Parés go raibh acmhainneacht fhoriomlán na cuideachta chun aigéad sailleach a tháirgeadh i bhfad níos airde ná an acmhainneacht sonraithe atá aige chun aigéad pailmíteach a tháirgeadh (lena n-áirítear na comhtháirgí nó na seachtháirgí faoi seach) agus níor léirigh sé aon scrogaill fhollasacha a d'fhéadfadh a bheith sonrach ó thaobh tháirgeacht méadaithe aigéid phailmítigh. Maidir le dreasachtaí, agus mar a luaitear in aithris (118), deimhníodh san imscrúdú go bhfuil táirgeadh aigéid phailmítigh cúpláilte le táirgeadh aigéid stéaraigh. Mar sin féin, murab ionann agus an méid a mhol AAK, níl an dara ceann teoranta d'aigéad stéarach íon. I gcás Cailà & Parés go háirithe, is cineálacha eile aigéid stéaraigh iad na comhtháirgí ó tháirgeadh aigéid phailmítigh a dhíoltar i gcainníochtaí suntasacha san Aontas. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur dócha, dá bhforchuirfí bearta ar aigéid shailleacha, lena n-áirítear aigéid phailmíteacha agus aigéid stéaracha, go n-athbhunófaí dreasachtaí chun aigéad pailmíteach a tháirgeadh san Aontas freisin.

(121) D'áitigh Musim Mas group freisin nach raibh sé i gceist go gcumhdófaí aigéad pailmíteach sa ghearán mar gheall go raibh sé beartaithe leis an ngearán aghaidh a thabhairt ar aigéid shailleacha lena gcaitheamh ag an duine, seachas mar bhia d'ainmhithe. Thairis sin, de réir Musim Mas group, ní raibh táirgeadh aigéid phailmítigh an Aontais oiriúnach le haghaidh feidhmeanna beatha ainmhithe toisc gur úsáid sé geir mar bhunábhar, agus dá bhrí sin ní fhéadfadh sé ceanglais áirithe a chomhlíonadh, amhail Kosher agus Halal. Tháinig Musim Mas group ar an gconclúid gur dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh ar eisiamh mar gheall go bhféadfaí an soláthar aigéid phailmítigh a aistriú go dtí an Mhalaeisia.

(122) Níor ghlac an Coimisiún leis na hargóintí sin. Chomh maith le "bia", déantar tagairt shainráite sa ghearán do "bheatha" ([26]), mar cheann de na feidhmeanna atá ag na táirgí faoina raon feidhme. Thairis sin, léirigh an t-imscrúdú go n-úsáideann táirgeoirí an Aontais olaí glasraí, lena n-áirítear ola pailme, chun aigéad pailmíteach a tháirgeadh. Ar deireadh, tugann an Coimisiún dá aire, mar a léirítear thuas, seachas bheith ag brath ar tháirgeoirí eile neamh-AE amháin, go bhfuil measúnú déanta aige freisin ar chumas agus ar dhreasachtaí thionscal an Aontais a tháirgeacht aigéid pailme a mhéadú.

(123) Dúirt Musim Mas group nach raibh aon dleacht onnmhairiúcháin nó tobhach onnmhairí ar ola chnó cócó, agus nár cheart don aigéad sailleach a tháirgtear ó ola chnó cócó a bheith mar sprioc an ghearáin.

(124) Tugann an Coimisiún dá aire, cé go líomhnaítear leis an ngearán saobhadh ar amhola pailme agus amhola eithne pailme de bharr dleachta onnmhairiúcháin agus tobhaigh onnmhairí chun críocha Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, go gcumhdaítear leis an ngearán gach cineál aigéad sailleach a chumhdaítear faoin sainmhíniú ar an táirge, agus ní hamháin na cineálacha a tháirgtear ó amhola pailme agus amhola eithne pailme. Ar aon chor, níor nocht an t-imscrúdú aon chineál aigéid shailligh a bhí á onnmhairiú ón Indinéis leis an Aontas a táirgeadh ó ola chnó cócó amháin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(125) Ina gcuid barúlacha tar éis an nochta deiridh, d'iarr NYCO ar an gCoimisiún aigéid shailleacha C8-C10 a eisiamh ón raon táirge. Maidir leis sin, dúirt NYCO gur foirm an-sonrach d'aigéad sailleach iad aigéid shailleacha C8-C10 a tháirgtear i gcainníochtaí teoranta san Aontas. Allmhairíodh an t-aigéad sailleach sin ón Indinéis agus ón Malaeisia freisin. Chuir NYCO in iúl go raibh ganntanas domhanda aigéid shailligh C8-C10 ar an margadh ó mhí Mheán Fómhair 2021 i leith, rud a d'fhág go raibh méadú suntasach ar phraghsanna an aigéid shailligh sin. Mhaígh NYCO go mbeadh iarmhairtí an-diúltach ar an táirge sin ó thaobh a iomaíochais dhomhanda agus a bhrabúsachta má fhorchuirtear dleachtanna frithdhumpála air, agus d'iarr sé ar an gCoimisiún an t-aigéad sailleach sin a eisiamh ón raon táirge.

([26]) Gearán, mír 41.

(126) Luaigh an Coimisiún gur cheart barúlacha maidir leis an raon táirge a bheith curtha isteach ag céimeanna luatha an imscrúdaithe, chun a dhóthain ama a thabhairt chun a bhfiúntas a mheas agus chun deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara eile freagairt dóibh. Ina theannta sin, níor chuir NYCO aon saintréith bhunúsach fisiceach, ceimiceacha ná theicniúil in iúl a d'fhéadfadh idirdhealú a dhéanamh idir an cineál seo aigéid shailligh agus na cineálacha eile aigéid shailligh a chumhdaítear leis an imscrúdú. Maidir le pointí substainteacha na hiarrata, agus go háirithe maidir le leas an Aontais, tugtar aghaidh orthu sin in aithris (470). I bhfianaise na mbreithnithe sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(127) Ina mbarúlacha tar éis an nochta deiridh, luaigh Wilmar gur cheart don táirge a chumhdaítear leis na bearta aon táirge a chumhdaítear le cóid TARIC atá eisiata ó ríomh na n-allmhairí a eisiamh go sainráite.

(128) Dheimhnigh an Coimisiún go raibh an tuairisc ar an táirge lena mbaineann thuas comhoiriúnach le ríomh na n-allmhairí. Na cóid TARIC a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an táirge, is le haghaidh faisnéise amháin a thugtar iad.

3. DUMPÁIL

3.1. Gnáthluach

(129) De réir Airteagal 2(1) den bhun-Rialachán, "beidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir".

(130) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús féachaint an raibh méid iomlán na ndíolachán baile i gcás gach táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch a sampláladh ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Ar an mbonn sin, fuarthas go raibh na díolacháin iomlána a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin a sampláladh maidir leis an táirge comhchosúil sa mhargadh intíre ionadaíoch.

(131) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirgí a díoladh ar bhonn intíre agus a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirgí a díoladh lena n-onnmhairiú leis an Aontas do na táirgeoirí onnmhairiúcháin le díolacháin intíre ionadaíocha i gcás an dá tháirgeoir.

(132) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin le fáil amach an raibh na díolacháin intíre a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte ar an margadh intíre le haghaidh gach cineáil táirge atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Shuigh an Coimisiún nach raibh díolacháin intíre cineálacha áirithe táirgí ionadaíoch i gcás an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte.

(133) Ina dhiaidh sin, shainigh an Coimisiún an cion de dhíolacháin bhrabúsacha le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre le haghaidh gach cineáil táirge le linn na tréimhse imscrúdúcháin chun a chinneadh ar cheart díolacháin intíre iarbhír a úsáid chun an gnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.

(134) Tá an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge, beag beann ar cibé acu atá na díolacháin sin brabúsach nó nach bhfuil, má:

(a) bhí méid díolachán an chineáil táirge, arna dhíol ar ghlanphraghas díola a bhí comhionann leis an gcostas táirgthe a ríomhadh nó os a chionn, comhionann le breis agus 80 % de mhéid díolachán iomlán an chineáil táirge sin; agus

(b) tá meánphraghas díola ualaithe an chineáil táirge sin comhionann le costas aonaid an táirgthe nó níos airde ná sin.

(135) Sa chás sin, is é an gnáthluach meánphraghsanna ualaithe ar dhíolacháin intíre uile an chineáil táirge sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(136) Is é an gnáthluach an praghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge a bhaineann le díolacháin intíre bhrabúsacha na gcineálacha táirgí sin, agus an méid sin amháin, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, má:

(a) tá méid díolachán brabúsach an chineáil táirge comhionann le 80 %, nó níos lú de mhéid díolachán iomlán an chineáil sin: nó

(b) tá meánphraghas ualaithe an chineáil táirge sin faoi bhun chostas aonaid na táirgeachta.

(137) De réir na hanailíse a rinneadh ar dhíolacháin intíre, bhí 80 % ar a laghad de dhíolacháin intíre gach cineáil táirge brabúsach, agus bhí an meánphraghas díolacháin ualaithe níos airde ná an costas táirgthe. Dá réir sin, ríomhadh an gnáthluach mar mheán ualaithe phraghsanna na ndíolachán intíre uile i gcomhair na gcineálacha táirgí sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(138) I gcás cineálacha áirithe táirgí, nárbh ann d'aon díolachán le haghaidh cineál táirge ar táirge comhchosúil é ina leith sa ghnáthchúrsa trádála, ná nár leor na díolacháin sin, nó i gcás nár díoladh cineál táirge i gcainníochtaí ionadaíocha ar an margadh intíre é, ríomh an Coimisiún an gnáthluach i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus (6) den bhun-Rialachán, mura measadh go mbeadh sé níos iomchuí praghas cineáil táirge a bhí inchomparáide go leor a dhíoltar ar an margadh intíre a úsáid, a d'fhéadfaí a choigeartú maidir leis na difríochtaí i saintréithe fisiceacha chun comparáid chothrom a áirithiú leis an bpraghas onnmhairiúcháin ábhartha, mar a thugtar le fios in aithris (145).

(139) I gcás cineálacha áirithe táirgí, ríomhadh an gnáthluach tríd an méid seo a leanas a chur leis an meánchostas táirgeachta ar tháirge comhchosúil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte comhoibríocha le linn na tréimhse imscrúdúcháin:

(a) na meánchostais díola, ghinearálta agus riaracháin ("SGA") ualaithe a thabhaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte ar dhíolacháin bhaile an táirge chomhchosúil, sa ghnáthchúrsa trádála, le linn na tréimhse imscrúdúcháin; agus

(b) an meánbhrabús ualaithe a rinne na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha a sampláladh ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, i ngnáthchúrsa trádála, le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(140) Maidir leis na cineálacha táirge nár díoladh i gcainníochtaí ionadaíocha ar an margadh intíre, cuireadh na meánchostais SGA agus an meánbhrabús idirbheart a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála ar an margadh intíre le haghaidh na gcineálacha sin leis sin. Maidir leis na cineálacha táirge nár díoladh in aon chor ar an margadh intíre, cuireadh na meánchostais SGA agus an meánbhrabús a bhain le gach idirbheart a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála ar an margadh intíre leis sin.

3.2. **An praghas onnmhairiúcháin**

(141) D'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte isteach san Aontas trí chuideachtaí comhlachaithe a ghníomhaigh mar allmhaireoir san Aontas.

(142) Dá réir sin, rinneadh amach an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas maidir le gach costas a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear costais SGA, agus brabúis a fabhraíodh.

(143) Maidir leis an gcorrlach brabúis, de bharr neamh-chomhoibriú aon cheann de na hallmhaireoirí neamh-chomhlachaithe mar a deirtear in aithris (38), chinn an Coimisiún dul i muinín an chorrlaigh brabúis a úsáideadh in imeachtaí a bhí ann roimhe sin a bhain le táirge ceimiceach eile a mhonaraigh tionscal den chineál céanna agus a allmhairíodh faoi dhálaí den chineál céanna, mar atá corrlach brabúis de 6,89 % ([27]) a suíodh san imscrúdú PVA a rinneadh le déanaí.

3.3. **Comparáid**

(144) Rinne an Coimisiún comparáid idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha.

(145) I gcás ina raibh údar leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, choigeartaigh an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin le haghaidh difríochtaí lena ndéantar difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Rinneadh coigeartuithe le haghaidh difríochtaí i saintréithe fisiciúla, i gcostais láimhseála, lódála agus i gcostais choimhdeacha, lasta sa tír lena mbaineann, árachas intíre, lasta aigéin intíre, lasta san Aontas, costais chreidmheasa, costais bainc, lasta farraige, árachas farraige, costais phacáistíochta, costais a bhaineann le baránta agus ráthaíocht, agus coimisiúin.

(146) Rinneadh coigeartú faoi Airteagal 2(10)(i) le haghaidh díolachán trí chuideachtaí trádála comhlachaithe. Fuarthas go raibh feidhmeanna na dtrádálaithe i Singeapór agus sa Ríocht Aontaithe cosúil le feidhmeanna gníomhaire. Bhí na trádálaithe sin ag lorg custaiméirí, ag bunú cumarsáid leo, ag glacadh fhreagracht an phróisis díolacháin chucu féin agus fuair siad corrlach brabúis as a gcuid seirbhísí agus thrádáil siad réimse leathan earraí chomh maith leis an táirge lena mbaineann. Is é a bhí sa choigeartú costais SGA na gcuideachtaí trádála agus an bhrabúis a luaitear in aithris (143).

([27]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1336 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2020, lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí chineálacha áirithe alcóil polaivinile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 315, 29.9.2020, lch. 1), aithris (352).

(147) Sna barúlacha a thug siad tar éis an nochta deiridh, mhaígh Wilmar gur bhunaigh sé eintiteas eacnamaíoch aonair lena thrádálaí comhlachaithe i Singeapór, WTPL, agus dá bhrí sin níor cheart aon choigeartú a dhéanamh ar bhonn Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán maidir le díolacháin arna ndéanamh ag WTPL. Sa leagan rúnda dá aighneacht, d'fhorbair Wilmar an maíomh sin le tuilleadh sonraí. Thairis sin, mhaígh Wilmar, fiú mura raibh Wilmar agus WTPL ina n-eintiteas eacnamaíoch aonair, nár comhlíonadh na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán i gcás díolacháin Wilmar trí WETBV agus Volac Wilmar Feed Ingredients Ltd ("VWFI"). Dúirt Wilmar gurbh é WETBV agus VWFI — seachas WTPL — a lorg custaiméirí, a bhunaigh teagmháil leo, a bhí freagrach as an bpróiseas díola agus a fuair corrlach brabúis as a gcuid seirbhísí. Thagair Wilmar do na conarthaí díolacháin, orduithe ceannaigh, sonraisc, billí luchta, doiciméid imréitigh, dearbhuithe imréitigh agus ráitis bhainc atá dírithe ar WETBV agus VWFI, agus ní ar WTPL. Dá bhrí sin, ní raibh aon bhaint ag WTPL le páirtithe neamh-chomhlachaithe san Aontas i ndíolacháin a rinne WETBV agus VWFI le páirtithe neamh-chomhlachaithe agus, dá bhrí sin, níor chomhlíon sé aon fheidhmeanna atá cosúil le feidhmeanna gníomhaire. Dá bhrí sin, níor cheart aon choigeartú a dhéanamh ar chostais SGA ná brabús WTPL do dhíolacháin san Aontas a rinne Wilmar trí WETBV agus VWFI. Thagair Wilmar freisin don imscrúdú frithdhumpála ar allmhairí meascán úiré agus níotráite amóiniam de thionscnamh na Rúise ([28]). San imscrúdú sin, dhíol onnmhaireoir Rúiseach an táirge faoi imscrúdú ar dtús le trádálaí comhlachaithe san Eilvéis a rinne é a athdhíol ina dhiaidh sin leis an allmhaireoir comhlachaithe san Aontas, agus rinne an Coimisiún na praghsanna díola le custaiméir neamhghaolmhar san Aontas a choigeartú de bharr chostais SGA agus bhrabús an allmhaireora chomhlachaithe san Aontas amháin faoi Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán, ach ní de bharr bhrabús an trádálaí chomhlachaithe san Eilvéis. Sna barúlacha a thug sé tar éis an nochta breise, mhaígh Wilman gur ós rud é gur úsáid an Coimisiún an mhodheolaíocht ón imscrúdú *Biodiesel* (dá dtagraítear in aithris (163)) le haghaidh P.T. Musim Mas chun an praghas onnmhairiúcháin a ríomh, ba cheart don Choimisiún, de réir phrionsabal an neamh-idirdhealaithe, modheolaíocht an imscrúdaithe Bithdhíosail a úsáid le haghaidh WINA freisin agus go háirithe an praghas onnmhairiúcháin a ríomh gan costais SGA agus brabús WTPL a asbhaint.

(148) Rinne an Coimisiún grinnscrúdú ar na barúlacha ó Wilmar a fuarthas tar éis an nochta deiridh agus na nochtaí breise, agus ar bhonn na dtosca ábhartha go léir, mheas sé go raibh údar le caitheamh le Wilmar agus WTPL mar eintiteas eacnamaíoch aonair mar gheall ar an bhfaisnéis a chuir Wilmar ar fáil.

(149) Thairis sin, chuir Wilmar in aghaidh úsáid an chorrlaigh brabúis 6,89 % a luadh in aithris (143) agus é ag maíomh go raibh sé as dáta, nár chuir sé san áireamh an fhorbairt margaidh a rinneadh le déanaí amhail luaineachtaí suntasacha ar phraghsanna amhábhar agus ar chostais iompair agus nach raibh feidhm aige maidir leis an táirge lena mbaineann.

(150) Mar a mhínítear in aithris (38), níor chomhoibrigh aon allmhaireoir neamhghaolmhar san imscrúdú reatha. Dá bhrí sin, in éagmais aon sonraí malartacha ar comhad a d'fhéadfaí a úsáid, chinn an Coimisiún úsáid a bhaint as an gcorrlach brabúis arna shuí san imscrúdú PVA a rinneadh le déanaí. Is é an corrlach brabúis sin an bonn is oibiachtúla atá ar fáil chun teacht ar mheastachán sásúil ar neamhthuilleamaí agus, dá bhrí sin, ar phraghas réasúnta onnmhairiúcháin, bunaithe ar shonraí mionsonraithe díolacháin do tháirge comhchosúil. Thug an Coimisiún faoi deara nár mhol Wilmar roghanna malartacha eile. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(151) Luaigh Wilmar freisin gur le haghaidh allmhaireoir neamhghaolmhar san Aontas a bhí an corrlach brabúis a suíodh san imscrúdú PVA agus dá bhrí sin mhaígh sé go raibh sé neamh-infheidhme sa chás seo maidir le coigeartú brabús trádálaí i dtríú tír, trádálaí a bhfuil a ghníomhaíocht éagsúil le gníomhaíocht allmhaireora san Aontas.

(152) Is é cleachtas an Choimisiúin brabús allmhaireora neamh-chomhlachaithe san Aontas a úsáid mar ionadaí le haghaidh brabúis trádálaí i dtríú tír in éagmais aon sonraí malartacha ar comhad a d'fhéadfaí a úsáid. Thug an Coimisiún faoi deara nár mhol Wilmar roghanna malartacha eile. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(153) Maidir le ríomh an ghnáthluacha don uimhir rialaithe táirge (PCN) ar measadh nach ndearnadh a chuid díolachán sa ghnáthchúrsa trádála mar gheall ar an bpraghas, mhaígh Wilmar gur cheart don Choimisiún an corrlach brabúis a ríomh ar bhonn na ndíolachán intíre uile lena n-áirítear na díolacháin a bhaineann leis an uimhir rialaithe táirge ar ghá an gnáthluach a ríomh ina leith. De réir Wilmar, ós rud é gurb ionann díolacháin intíre bhrabúsacha na PCNanna uile le chéile agus níos mó ná 80 % de na díolacháin intíre iomlána, ní mór na díolacháin intíre go léir a mheas mar dhíolacháin a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála.

([28]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1688 ón gCoimisiún an 08 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí meascán úiré agus níotráite amóiniam de thionscnamh na Rúise, Oileán na Tríonóide agus Tobága agus Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 258, 9.10.2019, lch. 21).

(154) Luaigh an Coimisiún go bhfuil contrárthacht intreach in argóint Wilmar agus, i gcás ar bith, go meascann sé dhá fhoráil den bhun-Rialachán. Ar dtús, maidir leis an gcontrárthacht intreach, ní choinnítear aird in argóint Wilmar ar an gcaoi go ndéantar an tástáil i leith an ghnáthchúrsa trádála ag leibhéal gach PCN. Is é an chuspóir, do gach PCN, a chinneadh an bhfuil na díolacháin ábhartha déanta sa ghnáthchúrsa trádála i ndáil leis na costais ábhartha. Sa chás atá ar láimh, is mar gheall go meastar nach raibh díolacháin an PCN sin déanta sa ghnáthchúrsa trádála gur ghá an gnáthluach don PCN sin a ríomh. Cé nach gcuireann Wilmar in aghaidh na conclúide sin a baineadh amach ar bhonn Airteagal 2(4), an tríú fomhír, áitíonn sé gur cheart na díolacháin chéanna a úsáid mar sin féin chun corrlach brabúis a ríomh sa ghnáthchúrsa trádála de bhun Airteagal 2(6). Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Díolacháin ar measadh go dleathach nach ndearnadh iad sa ghnáthchúrsa trádála agus a d'fhéadfaí, dá bhrí sin, a eisiamh ó chinneadh an ghnáthluach a(nach bhfuil Wilmar ag cur ina aghaidh) ní féidir iad a úsáid ina dhiaidh sin chun corrlach brabúis a ríomh sa ghnáthchúrsa trádála. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(155) Mhaígh Wilmar freisin, maidir leis na cineálacha táirgí a dhíoltar ar an margadh intíre agus ar an margadh onnmhairiúcháin araon, agus an gnáthluach á ríomh, gur cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as sonraí an chostais táirgthe le haghaidh onnmhairiú (tábla EUCOP seachas DMCOP). Maidir leis sin, thagair Wilmar don bhreithiúnas sna cásanna uamtha C273/85 agus C-107/86 ([29]) inar sonraíodh i mír 16 gurb é "cuspóir an ghnáthluacha a ríomh, praghas díola an táirge a chinneadh, faoi mar a bheadh sé dá ndíolfaí an táirge sin ina thír thionscnaimh nó sa tír is onnmhaireoir".

(156) Chuir an Coimisiún in iúl go luaitear sa bhreithiúnas céanna sa mhír chéanna "Mar thoradh air sin, is iad na costais a bhaineann le díolacháin ar an margadh intíre nach mór a chur san áireamh", agus dá bhrí sin an costas táirgthe ar an margadh intíre. Thairis sin, meabhraítear gurb é an gnáthluach an praghas a íocadh nó atá iníoctha, sa ghnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir agus, dá bhrí sin, chun an gnáthluach a ríomh, ní mór don Choimisiún úsáid a bhaint as an gcostas táirgthe i gcás an táirge a dhíoltar ar an margadh intíre seachas i gcás na dtáirgí a onnmhairítear. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(157) Mhaígh Wilmar freisin gur cheart díolacháin ghaolmhara a allmhaireora san Aontas a eisiamh ó ríomh an chorrlaigh dumpála, agus d'áitigh sé gurbh é cleachtas caighdeánach an Choimisiúin díolacháin a rinneadh le páirtithe comhlachaithe le haghaidh úsáid faoi chuing a eisiamh ó ríomh an chorrlaigh dumpála, ós rud é nach féidir sna cásanna sin praghas onnmhairiúcháin a shuí ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán.

(158) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Níl cleachtas den sórt sin ag an gCoimisiún. Go deimhin, de bhun thuarascáil ar chomhlíonadh an Bhuanchomhlachta Achomhairc in *EC — Fasteners* (DS397) ([30]), ní mór 100 % de na hidirbhearta onnmhairiúcháin a chumhdach sna ríomhanna dumpála. Thairis sin, mar a shonraítear in Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán, mura n-athdhíoltar na táirgí le ceannaitheoir neamhspleách, féadfar an praghas a shuí ar aon bhonn réasúnach. Dá bhrí sin, i bhfianaise gurb ionann méid na ndíolachán sin agus thart ar 1 % d'iomlán na n-onnmhairí chuig an Aontas, agus ós rud é go bhfuil an praghas gaolmhar beagán níos ísle ná an praghas neamhghaolmhar, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar ríomh an phraghais onnmhairiúcháin trí úsáid a bhaint as an bpraghas do chustaiméirí neamh-chomhlachaithe mar ionadaí don phraghas do chustaiméirí comhlachaithe le haghaidh na gcineálacha táirgí céanna.

(159) Mhaígh Wilmar freisin gur cheart costais SGA an allmhaireora chomhlachaithe san Aontas a chinneadh gan na costais airgeadais. Sa leagan rúnda dá aighneacht, d'fhorbair Wilmar an maíomh sin le tuilleadh sonraí.

(160) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Cuireadh tuilleadh sonraí maidir le measúnú an Choimisiúin ar fáil do Wilmar ina nochtadh sonrach toisc gur airíodh faisnéis rúnda gnó ann.

(161) Mhaígh Wilmar freisin gur asbhain an Coimisiún faoi dhó costais áirithe WETBV, uair amháin mar liúntas chun an praghas onnmhairiúcháin a ríomh agus ansin mar a áirítear sna costais SGA. Sa leagan rúnda dá aighneacht, d'fhorbair Wilmar an maíomh sin le tuilleadh sonraí.

(162) Fuarthas go raibh bonn cirt leis an maíomh sin agus, dá bhrí sin, chomhaontaigh an Coimisiún ríomh an phraghais onnmhairiúcháin a athbhreithniú dá réir sin.

([29]) Breithiúnas an 5 Deireadh Fómhair 1988, Silver Seiko Limited agus eile v Comhairle na gComhphobal Eorpach, cásanna uamtha C-273/85 agus C-107/86, EU:C:1988:466, mír. 16.

([30]) Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc, *EC – Fasteners (China)*, WT/DS397/AB/RW agus Aguisín 1, arna ghlacadh an 12 Feabhra 2016, DSR 2016:I, lch. 7, míreanna 5.260-5.282.

(163) Sna barúlacha ó Musim Mas group tar éis an nochta deiridh, mhaígh siad, i bhfianaise gur chinn an Coimisiún in aithrisí (388) go (400) go raibh costas táirgthe na ndíolachán intíre saofa ag dleachtanna onnmhairiúcháin agus tobhaigh rialtas na hIndinéise arna bhforchur ar amhola pailme agus amhola eithne pailme mar aon le huasphraghas, rud a chiallaigh freisin go raibh an corrlach brabúis a d'eascair as comparáid a dhéanamh idir costas táirgthe na ndíolachán intíre agus na díolacháin intíre saofa agus nach bhféadfaí é a úsáid mar chorrlach brabúis le haghaidh gnáthluach ríofa. I ndáil leis an méid sin, thagair Musim Mas group don imscrúdú Bithdhíosail ([31]) nár bhain an Coimisiún úsáid as brabús iarbhír na ndíolachán intíre. Thairis sin, luaigh Musim Mas group gur bhain an Coimisiún úsáid as brabús 6 % mar thagarmharc dá anailís ar thionscal an Aontais, agus d'úsáid sé corrlach brabúis naoi n-uaire níos airde chun an gnáthluach a ríomh. Dá bhrí sin, dúirt Musim Mas group gur úsáid an Coimisiún corrlach brabúis míréasúnta chun an gnáthluach a ríomh. Thairis sin, dúirt Musim Mas group, ós rud é gur bhain an Coimisiún úsáid as costais shaofa chun brabús saofa a ríomh, go raibh corrlach dumpála saofa níos airde ná an corrlach díobhála mar thoradh air sin, rud a chruthaigh staid ina bhféadfadh an Coimisiún Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán a agairt chun na costais chéanna sin a imscrúdú agus teacht ar an gconclúid go ndearnadh na costais sin a shaobhadh. Dá bhrí sin, luaigh Musim Mas group gur cheart don Choimisiún ráta brabúis neamhshaofa a úsáid chun an gnáthluach a ríomh ina ríomh dumpála sula gcuirfí Airteagal 7(2a) i bhfeidhm, nó nár cheart dó Airteagal 7(2a) a chur i bhfeidhm ar chor ar bith.

(164) Ní aontaíonn an Coimisiún leis an maíomh sin. Tá forálacha éagsúla den bhun-Rialachán á meascadh ag Musim Mas, i.e. Airteagal 2(1) go (7) chun an gnáthluach a chinneadh, agus Airteagal 7(2a) chun leibhéal na mbeart a shocrú. De ghnáth ní féidir leis an gCoimisiún neamhaird a thabhairt ar bhrabús iarbhír onnmhaireoirí díolachán intíre chun an gnáthluach a ríomh i dtír, ach amháin más féidir é a dhiúltú de bhun Airteagail 2(6) nó 2(6a) den bhun-Rialachán. Thairis sin, ní chumhdaítear ríomh an ghnáthluacha le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Le hAirteagal 7(2a) ceadaítear don Choimisiún na bearta a shocrú ar leibhéal an chorrlaigh dumpála i gcásanna inar mhaígh an gearánach go raibh saobhadh amhábhar ann agus ina ndearbhaítear líomhaintí den sórt sin san imscrúdú. Déantar an gnáthluach a ríomh gan an fhoráil sin a chur san áireamh. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gCoimisiún neamhaird a dhéanamh de chorrlach brabúis na ndíolachán intíre a dhéantar sa ghnáthchúrsa trádála. A mhéid a bhaineann leis an modheolaíocht a d'úsáid an Coimisiún san imscrúdú *Biodiesel* a luaigh Musim Mas group, cuirtear i dtábhacht gur dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta in *Musim Mas v Council* ([32]), *Pelita Agung Agrindustri v Council* ([33]) agus *Wilmar Bioenergi Indonesia and Wilmar Nabati Indonesia v Council* ([34]) agus Painéal EDT in *EU – Biodiesel (Indonesia)* ([35]) dó araon. Maidir leis an gcorrlach brabúis 6 % dá dtagraíonn Musim Mas group, is é sin spriocbhrabús thionscal an Aontais atá éagsúil le corrlach brabúis na ndíolachán intíre a dhéantar sa ghnáthchúrsa trádála na n-onnmhaireoirí. Is é an spriocbhrabús an brabús íosta dá bhforáiltear sa bhun-Rialachán chun an spriocphraghas agus an corrlach díobhála a ríomh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(165) Luaigh Musim Mas group freisin go bhfeidhmíonn ICOF Singapore mar aonad margaíochta Musim Mas Holdings ("MMH") agus a fhochuideachtaí. Is é MMH máthairghnóthas corparáideach deiridh na n-eintiteas éagsúil. Dá bhrí sin, de réir Musim Mas group, is eintiteas dlíthiúil corparáideach comhdhlúite é MMH ar eintiteas eacnamaíoch aonair é. Ina theannta sin, dúradh go raibh Musim Mas 95 % faoi úinéireacht Musim Mas Resources atá 99,95 % faoi úinéireacht MMH é féin. Is fochuideachta 100 % de chuid ICOF Singapore í ICOF Europe. Ina theannta sin, dúirt Musim Mas group go ndearnadh na cuntais go léir, lena n-áirítear faisnéis faoi bhrabús agus faoi chaillteanas, a chomhdhlúthú i MMH. Dá bhrí sin, toisc gur eintiteas eacnamaíoch aonair é MMH, ba cheart an brabús a úsáideann an Coimisiún agus an ráta dumpála á ríomh do Musim Mas group a bheith san áireamh leis an mbrabús uile le haghaidh MMH agus a fhochuideachta toisc go bhfuil Musim Mas, ICOF Singapore agus ICOF Europe go léir ina bhfochuideachtaí de chuid MMH. Dá bhrí sin, níor cheart don Choimisiún an brabús 6,9 % a asbhaint as díolacháin a dhéantar trí ICOF Europe toisc go mbeadh coigeartú dúblach ar bhrabús mar thoradh air sin de bharr an bhrabúis sa ghnáthluach ríofa, nó de bharr an bhrabúis a ghintear ó dhíolacháin a dhéantar ar an margadh intíre. Thairis sin, maidir le ICOF Singapore, sonraíodh nár cheart don Choimisiún an brabús hipitéiseach 6,9 % agus costais SGA iarbhír ICOF Singapore a asbhaint. I ndáil leis an méid sin, thagair Musim Mas group don imscrúdú *Bithdhíosail* inar asbhain an Coimisiún corrlach brabúis iarbhír ICOF Singapore don bhithdhíosal.

([31]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 1194/2013 ón gComhairle an 19 Samhain 2013 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne agus na hIndinéise (IO L 315/2, 26.11.2013, lch. 11).

([32]) Breithiúnas an 15 Meán Fómhair 2016, *Musim Mas v Council*, T-80/14, AE:T:2016:504, mír 94.

([33]) Breithiúnas an 15 Meán Fómhair 2016, *Pelita Agung Agrindustri v Council*, T-121/14, AE:T:2016:500, mír 74.

([34]) Breithiúnas an 15 Meán Fómhair 2016, *Wilmar Bioenergi Indonesia and Wilmar Nabati Indonesia v Council*, T-139/14, AE:T:2016:499, mír 101.

([35]) Tuarascáil an Phainéil, *Mexico – Steel Pipes and Tubes*, WT/DS480/R, glactha an 28 Feabhra 2018, DSR 2018:II, p. 605, mír 8.1.(a) go (d).

(166) Níor aontaigh an Coimisiún leis an maíomh a rinne Musim Mas group gur eintiteas eacnamaíoch aonair iad Musim Mas agus ICOF. Níor mheas an Coimisiún gur léirigh Musim Mas, ar bhonn na tosca ábhartha go léir, gur eintiteas eacnamaíoch aonair iad Musim Mas agus ICOF Singapore. Go deimhin, léirigh an t-imscrúdú go raibh na díolacháin idir Musim Mas agus ICOF Singapore á rialú le creat-chomhaontú. Thairis sin, mar a mheabhraítear in aithris (146), thrádáil ICOF Singeapór réimse mór earraí seachas an táirge lena mbaineann agus ní raibh sé ina pháirtí in aon cheann de na díolacháin intíre a rinne Musim Mas. Cuireadh tuilleadh sonraí maidir le measúnú an Choimisiúin ar fáil do Musim Mas ina nochtadh sonrach toisc gur chuimsigh sé faisnéis ghnó rúnda.

(167) Mar sin féin, i bhfianaise an chreat-chomhaontaithe sin, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar ríomh phraghas onnmhairiúcháin na ndíolachán trí ICOF Singapore tríd an gcorrlach brabúis iarbhír a asbhaint ón bpraghas onnmhairiúcháin in ionad bhrabús an allmhaireora neamh-chomhlachaithe agus chostais SGA ICOF Singapore.

(168) Maidir leis na díolacháin onnmhairiúcháin tríd an allmhaireoir comhlachaithe ICOF Europe, ní aontaíonn an Coimisiún leis an maíomh nár cheart aon bhrabús ón allmhaireoir neamhghaolmhar ná costais SGA a asbhaint. Ós rud é gur allmhaireoir san Aontas é ICOF Europe, ba cheart praghas onnmhairiúcháin a dhíolachán san Aontas a shuí de bhun Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán.

3.4. **Corrlaigh dhumpála**

(169) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha a sampláladh, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe ar chineál comhfhreagrach an táirge lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(170) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe chinntitheacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, agus an dleacht neamhíoctha:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach
P.T. Musim Mas	46,4 %
P.T. Wilmar Nabati Indonesia	15,2 %

(171) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, suíodh an corrlach ar bhonn chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

(172) Ar an mbonn sin, is é 2,6 % corrlach dumpála cinntitheach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla.

(173) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile san Indinéis, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is é an leibhéal comhair méid onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh ina chion den mhéid allmhairí iomlán ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin a suíodh ar bhonn na modhanna a mhínítear in aithris (195).

(174) Bhí an leibhéal comhair sa chás sin ard toisc gur cumhdaíodh le honnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha iomlán na n-onnmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála a shuí le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta sampláilte a ndearnadh scrúdú aonair uirthi agus a bhfuil an corrlach dumpála is airde aici.

(175) Is mar a leanas atá na corrlaigh dumpála chinntitheacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach
P.T. Musim Mas	46,4 %
P.T. Wilmar Nabati Indonesia	15,2 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	26,6 %
Gach cuideachta eile	46,4 %

(176) Sna barúlacha uathu tar éis an nochta deiridh, mhaígh Greven group nach raibh an Coimisiún trédhearcach go leor le ríomh na gcorrlach dumpála agus gur cheart dó tuilleadh faisnéise faoi sin a nochtadh.

(177) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Mínítear an mhodheolaíocht ríofa go hiomlán in aithrisí (129) go (175). Mar sin féin, ní féidir leis an gCoimisiún ríomhanna chorrlaigh dumpála aonair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a nochtadh do pháirtithe leasmhara eile toisc go n-áirítear faisnéis rúnda sna ríomhanna sin. Nocht an Coimisiún mionsonraí na ríomhanna do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus bhí siad in ann barúlacha a thabhairt ina leith sin. Thug an Coimisiún aghaidh ar na barúlacha sin in aithrisí (147) go (168) agus rinne sé athbhreithniú ar na ríomhanna nuair ab iomchuí. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(178) D'áitigh Greven group freisin gur cosúil nach raibh cuma réasúnta ar an difríocht mhór idir corrlaigh dumpála an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte.

(179) Ríomhadh corrlaigh dumpála an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte ar bhonn a gcuid sonraí féin maidir le díolacháin agus costais, rud a fíoraíodh le linn na cuairte fíorúcháin ar an láthair ar a n-áitreabh. Ní bhaineann sé le hábhar i gcás táirgeoir onnmhairiúcháin amháin go raibh an corrlach dumpála níos airde ná an corrlach dumpála don táirgeoir onnmhairiúcháin eile. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

4. DÍOBHÁIL

4.1. Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

(180) Léirigh an t-imscrúdú go raibh 15 táirgeoir san Aontas ag monarú an táirge chomhchosúil le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is ionann na táirgeoirí sin agus 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(181) Maidir le táirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, suíodh gur thart ar 872 000 tona a bhí inti. Shuigh an Coimisiún an figiúr sin ar bhonn na macrashonraí a bhí sa cheistneoir arna sholáthar ag CUTFA. Bhí thart ar 61 % de tháirgeacht iomlán an táirge chomhchosúil san Aontas ag táirgeoirí sampláilte an Aontais

(182) Mhaígh Wilmar agus Musim Mas group gur cheart táirgeoirí áirithe de chuid an Aontais a eisiamh ón sainmhíniú ar thionscal an Aontais mar gheall ar an ngaol atá acu le táirgeoirí an táirge chomhchosúil ón Indinéis agus ón Malaeisia. Go háirithe, dúirt Wilmar agus Musim Mas group go raibh KLK, táirgeoir sampláilte de chuid an Aontais, mar chuid de ghrúpa Malaeisiach a bhí comhlachaithe le táirgeoir aigéid shailligh san Indinéis. Chomh maith leis sin, dúirt Wilmar agus Musim Mas group go raibh Oleon comhlachaithe le táirgeoir aigéid shailligh sa Mhalaeisia, Oleon Asia-Pacific Sdn Bhd agus Oleon Port Klang Sdn Bhd, a d'onnmhairigh leis an Aontas agus a bhí in iomaíocht le hallmhairí na hIndinéise. D'iarr Rialtas na hIndinéise ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar an maíomh seo chomh maith.

(183) Thaispeáin an scrúdú ar an maíomh thuas gur allmhairigh KLK méideanna teoranta den aigéad sailleach ón Indinéis agus gur athdhíolacháin táirgí allmhairithe a bhí i 5 % dá dhíolachán san Aontas. Thairis sin, níl sé ábhartha don imscrúdú reatha go raibh Oleon comhlachaithe le cuideachta sa Mhalaeisia toisc gurb iad allmhairí ón Indinéis is ábhar don imscrúdú reatha. Dá bhrí sin, ní bhfuair an Coimisiún aon fhoras chun an chuideachta sin a eisiamh ón sainmhíniú ar thionscal an Aontais, ar an bhforas gur allmhaireoir aigéid shailligh a bhí ann, sin nó ar an bhforas go bhfuil gaol aige le cuideachtaí san Indinéis nó sa Mhalaeisia.

(184) Mhaígh Wilmar chomh maith go raibh Temix International - Temix Oleo mar chuid den ghrúpa céanna cuideachtaí agus atá P.T. Sinar Mas Agro Resources agus Technology TbK ar táirgeoir onnmhairiúcháin Indinéiseach é. Bhí bun 92 % ag Golden Agri Resources Ltd i P.T. Sinar Mas agus bun 25 % aige in Temix Oleo S.r.l. Dá bhrí sin, mhaígh Wilmar, ar bhonn an ghaoil sin, gur cheart Temix Oleo S.r.l a bhaint den sainmhíniú ar thionscal an Aontais.

(185) Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, nár tháirgeoir sampláilte a bhí in Temix International – Temix Oleo agus nár úsáideadh sonraí maidir leis an gcuideachtaí sin ach amháin chun treochtaí maicreacnamaíocha a shuí, amhail díolacháin agus méideanna táirgeachta. Toisc nárbh fhéidir sonraí den sórt sin a shaobhadh mar gheall ar ghaol le táirgeoir onnmhairiúcháin, níor measadh go raibh sé iomchuí scrúdú a dhéanamh ar an ábhar seo.

4.2. Tomhaltas an Aontais

(186) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn na sonraí fíoraithe maidir le tionscal an Aontais arna soláthar ag CUTFA i ndáil leis na díolacháin i saormhargadh an Aontais agus na haistrithe le haghaidh úsáid faoi chuing a rinne na 15 táirgeoir uile a cuimsíodh faoin sainmhíniú ar thionscal an Aontais. Fuarthas méideanna allmhairiúcháin ó gach tír ó Eurostat.

(187) Díoltar aigéid shailleacha ar an saormhargadh de ghnáth ach is féidir iad a úsáid mar ábhar idirmheánach chun táirgí iartheachtacha a mhonarú. Chinn an Coimisiún go raibh thart ar 11 % de tháirgeacht tháirgeoirí an táirge chomhchosúil san Aontas dírithe ar úsáid faoi chuing. Aistríodh na cainníochtaí seo (gan sonraisc), agus/nó cuireadh ar fáil iad ar phraghsanna aistrithe, laistigh den chuideachta chéanna nó laistigh de na grúpaí cuideachtaí le haghaidh próiseála iartheachtaí.

(188) Chun léargas a bhí chomh hiomlán agus arbh féidir a sholáthar ar thionscal an Aontais, fuair an Coimisiún sonraí le haghaidh ghníomhaíocht iomlán an táirge agus chinn sé go raibh an táirgeacht dírithe ar úsáid faoi chuing agus ar an saormhargadh.

(189) Taispeántar i dTábla 1 thíos nach raibh ach chuid bheag de tháirgeacht iomlán thionscal an Aontais dírithe ar úsáid faoi chuing le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Taispeántar ann freisin go raibh an margadh faoi chuing cobhsaí ar thart ar 8 % de thomhaltas sa tréimhse sin. Ar mhaithe le comhláine, agus i gcás inarb iomchuí, taispeántar na figiúirí le haghaidh an mhargaidh bhig faoi chuing, agus déantar anailís orthu ar leithligh mar chuid den mheasúnú foriomlán ar an táscaire díobhála ábhartha. I gcás táscairí eile, amhail táirgeacht, acmhainneacht, táirgiúlacht, fostaíocht agus pá, baineann na figiúirí a thugtar thíos leis an ngníomhaíocht iomlán agus níor measadh go raibh gá le haon leithlisiú ar fhigiúirí.

(190) Tháinig forbairt ar thomhaltas an Aontais mar a leanas:

Tábla 1

Tomhaltas an Aontais i dtonaí

	2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais	1 278 072	1 295 034	1 240 681	1 219 265
Innéacs	*100*	*101*	*97*	*95*
Margadh faoi chuing	92 607	92 409	87 133	94 575
Innéacs	*100*	*100*	*94*	*102*
Tomhaltas an tsaormhargaidh	1 185 465	1 202 625	1 153 549	1 124 691
Innéacs	*100*	*101*	*97*	*95*

Foinse: CUTFA agus Eurostat

(191) Tháinig laghdú 5 % ar an tomhaltas saormhargaidh san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Léiríonn anailís mhionsonraithe gur tháinig méadú 1 % ar mhargadh an Aontais idir 2018 agus 2019 ó thart ar 1,19 milliún tona go 1,20 milliún tona, agus gur thit sé 4 % in 2020 go thart ar 1,15 mhilliún tona. Sa tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú breise 2,5 % ar thomhaltas an tsaormhargaidh, go 1,12 mhilliún tona.

(192) Tharla an luaineacht agus an laghdú foriomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar gheall ar an bhforbairt in earnálacha áirithe úsáideoirí, amhail cúram baile, go minic mar gheall ar thosca a bhaineann le paindéim COVID-19 go háirithe in 2020 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Seachas an feiniméan sealadach sin, mheas táirgeoirí an Aontais go raibh an t-éileamh ar aigéid shailleacha i margadh an Aontais cobhsaí ar an iomlán.

(193) Bhí na treochtaí agus an fhorbairt sa mhargadh iomlán (mar atá úsáid faoi chuing a chur san áireamh) an-chosúil leo siúd a chonacthas sa saormhargadh.

(194) Taispeántar forbairtí sa mhargadh faoi chuing i dTábla 5 thíos, agus déantar anailís orthu ann.

4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.3.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(195) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn figiúirí ó Eurostat arna mbailiú le haghaidh na gcód CN agus Taric a luaitear san Fhógra Tionscnaimh. Chun sonraí allmhairiúcháin iontaofa a fháil le haghaidh an táirge lena mbaineann, rinneadh na figiúirí allmhairiúcháin a choigeartú toisc nár bhain gach cód leis an táirge lena mbaineann go hiomlán. Maidir leis na cóid allmhairiúcháin a bhaineann go páirteach leis an táirge lena mbaineann, fuarthas céatadán ó na cóid Taric a cuireadh ar bun ar dháta an Fhógra Tionscnaimh. Chumhdaigh an dáta an tréimhse idir mí na Nollag 2021 agus mí Aibreáin 2022. Maidir le cóid den sórt sin, ríomhadh céatadán le haghaidh allmhairiúcháin ón Indinéis agus allmhairiúcháin ó thríú tíortha. I gcás gach tír, cuireadh asbhaint 2 % eile i bhfeidhm ar an méid onnmhairiúcháin chun onnmhairí a taifeadadh faoi na cóid ábhartha ach a bhí faoi bhun 97 % i dtéarmaí DoS a chumhdach. Ríomhadh an figiúr de 2 % ar bhonn fhreagraí samplála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha, rud a d'fhág gur leasaíodh na freagraí ar an bhfoirm shamplála tar éis don Choimisiún an raon táirge a shoiléiriú mar a luaitear in aithris (71).

(196) Tugadh tuairisc ar na modhanna thuas chun allmhairí a ríomh i Nóta a ghabhann leis an gcomhad, dar dáta an 2 Meitheamh 2022, agus tugadh an deis do pháirtithe leasmhara barúil a thabhairt ina leith. Ní áirítear i méid na n-allmhairí an t-aigéad sailleach a eisiadh ó raon táirge an imscrúdaithe.

(197) Thug roinnt páirtithe leasmhara barúil ar an Nóta ach níor chuir siad in aghaidh na modhanna, agus níor mhol siad modhanna eile chun méideanna allmhairiúcháin aigéad sailleach is ábhar don imscrúdú a shuí go hiontaofa.

(198) Dúirt CUTFA nach raibh an coigeartú de 2 % iomchuí, agus d'áitigh sé go gcuirtear san áireamh le modhanna an Choimisiúin a bhraitheann ar chéatadáin aigéid shailleacha aga bhfuil luach DoS de 97 % ar a laghad cheana féin.

(199) Tugann an Coimisiún dá aire nár chuimsigh an tuairisc ar na cóid a liostaítear sa ghearán critéar DoS go dtí deireadh mhí Aibreáin 2022 ar a laghad. Dá bhrí sin, ní raibh údar cuí leis an moladh chun fáil réidh leis an gcoigeartú 2 % agus níorbh fhéidir glacadh leis.

(200) Suíodh sciar margaidh na n-allmhairí ó na tríú tíortha uile ar bhonn mhéid iomlán na n-allmhairí a suíodh in aghaidh tíre agus cuireadh i gcomparáid é leis an tomhaltas saormhargaidh a thaispeántar i dTábla 1 thuas.

(201) Tháinig forbairt ar allmhairí chuig an Aontas ón tír lena mbaineann mar a leanas:

Tábla 2

Méid (tonaí) na n-allmhairí agus an sciar den mhargadh

	2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid na n-allmhairí ón tír lena mbaineann (tonaí)	202 755	228 139	231 243	228 156
Innéacs	*100*	*113*	*114*	*113*
An sciar den mhargadh ag an margadh saor (%)	17,1	19,0	20,0	20,3
Innéacs	*100*	*111*	*117*	*119*

Foinse: Eurostat agus CUTFA

(202) Tháinig méadú ar mhéid na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann ó thart ar 203 000 tona go dtí thart ar 228 000 tona thar an tréimhse faoi bhreathnú, sin méadú foriomlán de 13 %. Mhéadaigh cainníochtaí allmhairiúcháin faoi 11 % in 2019, ach d'fhan siad cobhsaí ina dhiaidh sin ag thart ar 230 000 tona. Thug an fhaisnéis a bailíodh le linn an imscrúdaithe le fios go raibh fadhbanna ag roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin de bharr phaindéim COVID-19, lena n-áirítear fadhbanna leis an slabhra soláthair (féach go háirithe aithris (266)).

(203) Mar sin féin, tháinig méadú ar an sciar den mhargadh de na hallmhairí sin ó 17,1 % go 20,3 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú, méadú foriomlán de 3,2 pointe céatadáin nó méadú de 19 %.

4.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais/ísliú praghsanna*

(204) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn fhigiúirí Eurostat. Sainaithníodh na hallmhairí ábhartha trí úsáid a bhaint as na modhanna a mhínítear in aithris (195). Rinneadh na figiúirí sin a chros-seiceáil le figiúirí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, agus deimhníodh na treochtaí céanna.

(205) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghas na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 3

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)

	2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdúcháin
An Indinéis	912	765	805	1 023
Innéacs	*100*	*84*	*88*	*112*

Foinse: Eurostat

(206) Mhéadaigh praghsanna allmhairiúcháin ón Indinéis ó 912 go 1 023 EUR/tona le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mar atá méadú 12 %. Tháinig laghdú 12 % ar phraghsanna idir 2018 agus 2020 ach mhéadaigh siad 27 % arís idir 2020 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Ba cheart breathnú ar na forbairtí sin i bhfianaise an mhéadaithe a tháinig ar phraghas an amhábhair ar fud an domhain le linn na tréimhse sin, arb é an phríomhchúis é leis an méadú ar chostais. Mar a léirítear i dTábla 7, ba é an méadú ar phraghsanna an amhábhair an phríomhchúis leis na méaduithe ar phraghsanna an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, tháinig méadú freisin ar chostais aonaid táirgthe onnmhaireoirí na hIndinéise le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2020 mar gheall ar mhéadú ar phraghsanna a n-amhábhar.

(207) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin tríd an méid seo a leanas a chur i gcomparáid:

(i) na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh an chineáil táirge a bhí ag táirgeoirí sampláilte an Aontais, rud a gearradh ar chustaiméirí neamh-chomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú don leibhéal díreach ón monarcha;

(ii) agus na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin Indinéiseacha a sampláladh chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn chostais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí ar dhleachtanna custaim agus ar chostais iar-allmhairiúcháin.

(208) I gcás ina ndearnadh an díolachán ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte Indinéiseacha leis an gcéad chustaiméir neamhspleách i margadh an Aontais trí chuideachta díolacháin chomhlachaithe bunaithe san Aontas, suíodh praghas an allmhairiúcháin ar bhonn CAL, trí choigeartú a dhéanamh ar an bpraghas díola leis an gcéad chustaiméir neamhspleách. Maidir le gach costais a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear costais SGA an allmhaireora chomhlachaithe agus an corrlach brabúis mar a leagtar amach in aithris (143), lena gcuirtear Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán i bhfeidhm de réir analaí, cuireadh san áireamh iad.

(209) Rinneadh an chomparáid praghsanna ar bhonn an chineáil d'idirbhearta ar an leibhéal trádála céanna, arna gcoigeartú go cuí i gcás inar gá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh sé meán-chorrlach sladghearrtha ualaithe de bhreis agus 20 %. Níl na figiúirí iarbhír a ríomhadh taifeadta anseo ar chúinsí rúndachta (toisc go bhfuil siad bunaithe ar dhá chuideachta), ach nochtadh iad do na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lena mbaineann agus tá siad laistigh de raon idir 11 % agus 29 %. Rinneadh gach díolachán ag táirgeoirí sampláilte an Aontais go díreach le custaiméirí neamhspleácha, gan eintitis díolacháin chomhlachaithe. Dhíol táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte amháin go díreach le custaiméirí neamhspleácha an Aontais, gan rannpháirtíocht a eintiteas díolacháin comhlachaithe san Aontas. Maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin eile, rinneadh formhór a dhíolachán trí eintiteas díolacháin comhlachaithe san Aontas. Níor shéan aon pháirtí leasmhar go raibh sladghearradh suntasach ann.

(210) Bhreithnigh an Coimisiún éifeachtaí praghais eile, meathlú suntasach praghsanna go háirithe. Ag tús na tréimhse faoi bhreathnú, bhí praghsanna díola agus brabúsacht thionscal an Aontais íseal cheana féin (féach figiúirí brabúsachta i dTábla 10). In 2019, b'éigean do thionscal an Aontais a phraghsanna a laghdú tuilleadh, as ar tháinig caillteanais. Ach i gcás na n-allmhairí dumpáilte, a léirigh an méadú is mó a tháinig orthu in 2019 agus a d'fhan ag leibhéil ardaithe in 2020 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, is dócha go mbeadh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a choinneáil ar a laghad ar an leibhéal is gá chun a dhíol gan chaillteanais in 2019 agus 2020. Le linn 2020 agus na tréimhse imscrúdúcháin, mhéadaigh praghsanna díola an Aontais (ar an ráta céanna leis an méadú ar na costais táirgthe), ach arís bhí siad ar leibhéil as ar eascair caillteanas in 2020 agus ní raibh ach brabúsacht imeallach ann sa tréimhse imscrúdúcháin. Chaill táirgeoirí an Aontais sciar den mhargadh go comhsheasmhach idir 2019 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, bhí na hallmhairí dumpáilte in ann brú suntasach praghsanna a chur ar dhíolacháin an Aontais, rud a chuir cosc ar tháirgeoirí an Aontais praghsanna a mhéadú chun déileáil le méaduithe costais ar bhealach a ligfeadh dóibh brabúis réasúnacha a fháil.

4.4. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(211) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(212) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sa mhacraicheistneoir arna soláthar ag CUTFA. Bhain na sonraí leis na táirgeoirí uile de chuid an Aontais. Rinne an Coimisiún measúnú ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na ceithre tháirgeoir shampláilte san Aontas ar an gceistneoir. Fuarthas amach go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(213) Chuir CUTFA na táscairí maicreacnamaíocha ar bun bunaithe ar thuarascáil ó LMC International Ltd. ([36]), cuideachta neamhspleách a dhéanann taighde margaidh san earnáil talmhaíochta agus san earnáil gnó talmhaíochta, lena n-áirítear táirgí oilécheimiceacha amhail aigéid shailleacha ("sonraí tuarascála"). Maidir le sonraí na tuarascála, tá raon feidhme níos leithne aige ná na haigéid shailleacha a chumhdaítear faoin imscrúdú seo agus úsáidtear e go forleathan sa tionscal oilécheimiceach. Chun idirdhealú a dhéanamh idir an táirge comhchosúil agus táirgí eile, d'úsáid CUTFA faisnéis bhreise maidir le cainníochtaí na n-amhábhar a úsáideadh, ag brath ar an bhfíoras nár táirgeadh an táirge comhchosúil le hamhábhair shonracha amháin, amhail ola pailme, ola eithne pailme nó geir. Úsáideann na táirgí nach gcumhdaítear leis an imscrúdú seo amhábhair eile, amhail ola shíol ráibe nó ola shoighe. Le húsáid na modhanna seo, bhíothas in ann cainníocht tháirgeacht agus dhíolacháin an táirge faoi imscrúdú agus táirgí eile a shuí. Bhí sonraí tuarascála ar fáil don tréimhse 2018-2020. Measadh sonraí le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin ar bhonn *pro rata*, bunaithe ar fhorbairtí i dtáirgeacht agus díolacháin na gcuideachtaí a chuir a gcuid sonraí ar fáil go díreach do CUTFA. Suíodh sonraí le haghaidh táscairí eile, a luaitear thíos, ag úsáid na sonraí cuideachta céanna freisin. Fíoraíodh na ríomhanna arna ndéanamh ag CUTFA agus rinneadh cros-seiceáil ar na macrashonraí leis na sonraí arna mbailiú ag an gCoimisiún ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais, a bhfuil 61 % de tháirgeacht iomlán an Aontais acu.

(214) Cheistigh Wilmar an fáth a raibh na macrashonraí arna gcur isteach ag CUTFA níos ísle ná na sonraí tuarascála a bhí ar fáil go forleathan don tionscal oilécheimiceach.

(215) Bhí sé amhlaidh mar gheall ar na coigeartuithe ba ghá, a mhínítear in aithris (213), arna ndéanamh ag CUTFA chun táirgí nach raibh sa raon táirge a chur as an áireamh.

(216) Is iad seo na táscairí maicreacnamaíocha: an táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta, an úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, an scair den mhargadh, an fás, an fhostaíocht, an táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin.

(217) Ba iad na ceithre tháirgeoir shampláilte foinse shonraí na dtáscairí micreacnamaíocha.

(218) Is iad seo na táscairí micreacnamaíocha: na meánphraghsanna in aghaidh an aonaid, costas aonaid an táirgthe, na costais saothair, na fardail, an bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus cumas chun caipiteal a thiomsú.

4.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(219) Tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 4

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid táirgeachta (tonaí)	936 063	924 837	862 055	872 185
Innéacs	*100*	*99*	*92*	*93*
An acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	1 161 964	1 134 616	1 097 798	1 118 314
Innéacs	*100*	*98*	*94*	*96*
Úsáid acmhainneachta (%)	80,6	81,5	78,5	78,0
Innéacs	*100*	*101*	*97*	*97*

Foinse: CUTFA

(220) Ar mhaithe le héifeachtúlacht, pleanáiltear táirgeadh an táirge faoi imscrúdú san Aontas le haghaidh 24 uair an chloig sa lá ach amháin le linn tréimhsí gnáthchothabhála. I roinnt cásanna agus go pointe éigin, áfach, thaispeáin an t-imscrúdú gur féidir táirgí eile a tháirgeadh sna saoráidí táirgthe céanna. Tá an táirgeadh bunaithe ar orduithe. Thug Tábla 4 le fios go raibh acmhainneacht bhreise de thart ar 20 % ann gach bliain.

([36]) https://www.lmc.co.uk/oleochemicals/

(221) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú tháinig laghdú 7 % ar mhéid táirgeachta thionscal de chuid an Aontais. Léirítear le hanailís mhionsonraithe gur tharla an laghdú seo ar tháirgeacht in 2020 go príomha.

(222) Ríomhadh acmhainneacht táirgeachta an Aontais ar bhonn táirgeacht uasta indéanta go fadtéarmach, agus cothabháil á cur san áireamh freisin. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 4 % ar acmhainneacht táirgeachta an Aontais. Léiríonn an laghdú seo athshannadh acmhainneachta do tháirgí eile de bharr orduithe laghdaithe d'aigéid shailleacha. Mar sin féin, ní raibh tionscal an Aontais in ann táirgeadh táirgí eile a chur in ionad táirgeadh aigéad sailleach.

(223) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'ainneoin laghdú 4 % ar acmhainneacht táirgeachta, thit úsáid acmhainneachta an Aontais faoi 3 %.

4.4.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(224) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú tháinig forbairt ar mhéid na ndíolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh mar a leanas:

Tábla 5

Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

	2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid iomlán na ndíolachán ar mhargadh an Aontais lena n-áirítear úsáid faoi chuing (tona)	947 561	943 413	875 893	862 863
Innéacs	*100*	*100*	*92*	*91*
An sciar den mhargadh (lena n-áirítear úsáid faoi chuing) (%)	74,1	72,8	70,6	70,8
Innéacs	*100*	*98*	*95*	*95*
Úsáid faoi chuing	92 607	92 409	87 133	94 575
Innéacs	*100*	*100*	*94*	*102*
Úsáid faoi chuing mar % de dhíolacháin iomlána an mhargaidh	9,8	9,8	9,9	11,0
Innéacs	*100*	*100*	*102*	*112*
Díolacháin ar an saormhargadh	854 953	851 004	788 760	768 288
Innéacs	*100*	*100*	*92*	*90*
An sciar den mhargadh ag díolacháin an mhargaidh shaoir	72,1 %	70,8 %	68,4 %	68,3 %
Innéacs	*100*	*98*	*95*	*95*

Foinse: CUTFA

(225) Bhí an treocht maidir le díolacháin thionscal an Aontais (lena n-áirítear úsáid faoi chuing) cosúil leis an treocht maidir le táirgeacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí sé sin amhlaidh toisc go spreagann orduithe díolacháin táirgeadh sa tionscal seo. Bíonn spás stórála teoranta go minic, agus is féidir le cáilíocht an stoic d'earraí críochnaithe dul in olcas le himeacht ama nó is féidir leo imeacht ó na sonraíochtaí. Dá bhrí sin, ní choinnítear ach méideanna an-íseal sna fardail de ghnáth.

(226) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú tháinig laghdú 9 % ar mhéid díolachán thionscal an Aontais.

(227) Tháinig laghdú 10 % ar mhéid díolachán an Aontais ar an margadh saor le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Idir 2018 agus 2019 bhí méid na ndíolachán san Aontas cobhsaí. Idir 2019 agus an tréimhse imscrúdúcháin, áfach, tháinig laghdú 10 % ar na méideanna sin.

(228) Bhí margadh faoi chuing thionscal an Aontais (arna shloinneadh mar chéatadán dá dhíolacháin iomlána san Aontas lena n-áirítear úsáid faoi chuing) thart ar 10-11 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(229) Tháinig laghdú ó 72,1 % go 68,3 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag díolacháin an Aontais ar an saormhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ísliú 3,9 pointe céatadáin nó 5 %.

Fás

(230) Is léir nach raibh aon fhás ann nuair a chuirtear san áireamh gur chaill tionscal an Aontais 5 % den sciar den mhargadh a bhí aige le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus gur thit a dhíolacháin ar an saormhargadh faoi 10 %, agus dá bharr sin ba thréimhse chúlúcháin é i ndearbhthéarmaí agus i ndáil le tomhaltas an tsaormhargaidh.

4.4.2.3. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(231) Is mar seo a leanas a d'fhorbair an fhostaíocht agus an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

Fostaíocht agus Táirgiúlacht

	2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdúcháin
Líon na bhfostaithe (FTE)	945	914	952	898
Innéacs	*100*	*97*	*101*	*95*
Táirgiúlacht (tona/fostaí)	990	1 012	906	971
Innéacs	*100*	*102*	*91*	*98*

Foinse: CUTFA

(232) Tháinig laghdú 5 % ar fhostaíocht, ar bhonn fostaíocht choibhéiseach lánaimseartha (FTE), i dtionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(233) Tháinig laghdú ar tháirgiúlacht i dtéarmaí tonaí in aghaidh an fhostaí in 2020, ach ar an iomlán bhí sí cobhsaí fós den chuid is mó le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.4.2.4. **Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil roimhe seo**

(234) Bhí na corrlaigh dhumpála uile i bhfad os cionn an leibhéil *de minimis*. Measadh gur shubstaintiúil an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

(235) Is é seo an chéad imscrúdú frithdhumpála maidir le haigéad sailleach. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí na dumpála a d'fhéadfadh a bheith déanta roimhe.

4.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.4.3.1. Praghsanna agus tosca a dhéanann difear do phraghsanna

(236) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamh-chomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Praghsanna díola agus costas aonaid an táirgthe san Aontas

	2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid ar an saormhargadh (EUR/tona)	879	770	861	1 101
Innéacs	*100*	*88*	*98*	*125*
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona)	856	764	861	1 056
Innéacs	*100*	*89*	*101*	*123*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(237) Díolacháin ar mhargadh an Aontais le custaiméirí neamh-chomhlachaithe, rinneadh iad le trádálaithe neamhspleácha agus le húsáideoirí deiridh i roinnt earnálacha úsáideoirí. Maidir leis na praghsanna don dá chineál custaiméirí agus do na hearnálacha éagsúla, socraíodh iad ar bhealach agus ar leibhéal comhchosúil.

(238) Maidir le praghsanna díola ar mhargadh an Aontais le páirtithe neamh-chomhlachaithe (sa saormhargadh), tháinig méadú orthu ó 879 EUR/tona go 1 101 EUR/tona le linn na tréimhse faoi bhreathnú, méadú 25 %. Thit na praghsanna díola sin 12 % in 2019, ach mhéadaigh siad 12 % in 2020 agus 28 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(239) Ba cheart an treocht dhearfach dhealraitheach sin a bhreathnú i gcomhthéacs na méaduithe tábhachtacha ar chostais amhábhair. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, léirigh na costais seo breis agus 70 % de chostas iomlán aonaid an táirgthe. Tháinig méadú 23 % ar chostas aonaid an táirgthe seo, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, is é sin ar ráta a bhí cosúil leis an méadú ar mheánphraghsanna díola i saormhargadh an Aontais.

4.4.3.2. Costais saothair

(240) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	81 344	85 487	89 010	87 188
Innéacs	*100*	*105*	*109*	*108*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(241) Tháinig méadú 8 % ar na meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Pléadh forbairtí ar phá le ceardchumainn agus shocraigh riaracháin náisiúnta costais eile a bhain le fostaithe.

4.4.3.3. Fardail

(242) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Fardail

	2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoic dheiridh (tonaí)	21 784	23 066	23 708	19 013
Innéacs	*100*	*106*	*109*	*87*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht (%)	3,8	4,1	4,5	3,6
Innéacs	*100*	*108*	*116*	*93*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(243) Tháinig laghdú 23 % ar stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht íseal le linn na tréimhse, áfach. Mar a luaitear in aithris (225) thuas, is amhlaidh atá toisc go n-oibríonn tionscal an aigéid shailligh ar bhonn 'táirgeadh de réir ordaithe' i gcoitinne coinnítear stoic ar leibhéal íseal toisc gur féidir lena gcáilíocht meathlú nó gur féidir sonraíochtaí an ordaithe a athrú. Tá tábhacht níos lú ag baint leis an táscaire seo san anailís fhoriomlán ar dhíobháil, dá bhrí sin.

4.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a chruinniú

(244) Is mar a leanas a d'fhorbair brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí i gcás na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí

	2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamh-chomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	1,9 %	– 0,5 %	– 2,1 %	2,5
Innéacs	*100*	*– 27*	*– 108*	*128*
An sreabhadh airgid (EUR)	27 037 404	12 370 885	– 1 239 176	22 774 816
Innéacs	*100*	*46*	*– 5*	*84*
Infheistíochtaí (EUR)	7 394 509	11 769 077	10 473 680	8 531 863
Innéacs	*100*	*159*	*142*	*115*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	9,0	0,6	– 4,4	12,1
Innéacs	*100*	*7*	*– 48*	*134*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(245) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil i gcás custaiméirí neamh-chomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Bhí brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte íseal, faoi bhun 3 %, le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus laghdaigh sé ó 1,9 % in 2018 go – 2,1 % in 2020 fiú. Sa tréimhse imscrúdúcháin, mhéadaigh an bhrabúsacht go 2,5 % arís, cé go raibh sí fós ar leibhéil ísle, Téarnamh beag a bhí ann sa tréimhse imscrúdúcháin toisc gur dhócha go nglacfadh custaiméirí i margadh an Aontais le méaduithe ar phraghsanna ó tháirgeoirí de chuid an Aontais mar bhí tionchar ag géarchéim an tslabhra soláthair i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 ar tháirgeoirí onnmhairiúcháin.

(246) Léiríonn forbairt na brabúsachta go raibh sochtadh suntasacha praghsanna ann nuair a fhéachtar air in éineacht leis na praghsanna díola agus costas táirgthe i dTábla 7 mar aon le praghsanna ísle na n-allmhairí ón Indinéis. Ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a ardú go leordhóthanach chun teacht leis na méaduithe ar phraghsanna le go mbeadh sé in ann díol ar phraghsanna measartha brabúsach. Dá bharr sin, bhí brabúsacht thionscal an Aontais fós ar leibhéal íseal le linn na tréimhse sin faoi bhreathnú, nuair a thosaigh allmhairí

dumpáilte na hIndinéise teacht isteach ar an margadh ar leibhéal ard (sciar 17,1 % den mhargadh) agus nuair a bhí siad in ann méadú faoi 22 % agus 20,3 % de sciar den mhargadh a bhaint amach mar a thaispeántar i dTábla 2. Anuas air sin, d'ainneoin méaduithe suntasacha ar phraghas an amhábhair, níor mhéadaigh meánphraghas na n-allmhairí seo ach 12 % mar a thaispeántar i dTábla 3. Le linn na tréimhse céanna, bhí ar phraghsanna thionscal an Aontais méadú 25 % chun na costais a chumhdach. Mar a cinneadh freisin in aithris (210), bhí brú anuas leanúnach ann cheana féin mar gheall ar allmhairí ón Indinéis (i dtéarmaí méideanna arda seasmhacha agus i dtéarmaí praghsanna ísle) ó thús na tréimhse faoi bhreathnú. Go deimhin, bhí praghsanna na hIndinéise go comhsheasmhach níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais ó 2019 ar aghaidh agus b'fhéidir gurbh amhlaidh a bhí roimhe sin (féach aithris (302)). Dá bharr sin bhí leibhéil bhrabúis mheathlaithe agus neamhdhóthanacha ann le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin go háirithe.

(247) Thug Wilmar barúlacha maidir le heaspa sochta praghsanna, ach bhí a chonclúid bunaithe ar threochtaí innéacsaithe, in ionad leibhéal iarbhír brabúsachta tháirgeoirí an Aontais.

(248) Shuigh an Coimisiún go raibh na conclúidí a bhí ag Wilmar mícheart toisc nár cuireadh san áireamh leo teacht isteach na n-allmhairí dumpáilte le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú agus leibhéil bhrabúsachta ísle thionscal an Aontais ba thoradh air. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(249) Chuir Musim Mas Group tuarascálacha bliantúla isteach ó dhá tháirgeoir de chuid an Aontais agus d'áitigh sé go léiríonn an fhaisnéis iontu, na táscairí ar bhrabúsacht le linn na tréimhse imscrúdúcháin go háirithe, nach ndearnadh díobháil do na cuideachtaí sin.

(250) I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil raon feidhme na dtuarascálacha sin i bhfad níos leithne ná gnó an dá tháirgeoir san Aontas atá bainteach leis an táirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(251) Léiríonn an glansreabhadh airgid cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. D'fhorbair an treocht i nglansreabhadh airgid ar bhealach a bhí cosúil leis an bhfáltais ar láimhdeachas, a thit in 2019 agus 2020 agus ar a raibh méadú beag sa tréimhse imscrúdúcháin. Ar an iomlán, thaispeáin an sreabhadh airgid treocht dhiúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, laghdaigh sé faoi 16 %.

(252) Is é an toradh ar infheistíochtaí an brabús ina chéatadán de ghlanluach infheistíochtaí de réir na leabhar. D'fhorbair an treocht sa toradh ar infheistíochtaí ar bhealach a bhí cosúil leis an bhfáltais ar láimhdeachas chomh maith, é ag titim in 2019 agus 2020 agus méadú beag ag teacht air sa tréimhse imscrúdúcháin.

(253) Lean na táirgeoirí sampláilte ón Aontas orthu ag déanamh infheistíochta le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mar a léirítear sna figiúirí infheistíochta thuas. Bhí infheistíochtaí idir 7 agus 12 mhilliún EUR in aghaidh na bliana agus rinneadh iad den chuid is mó chun gnóthachain éifeachtúlachta a dhéanamh agus saoráidí a bhí ann cheana a choinneáil ar bun. Freastalaíonn tionscal an Aontais ar chustaiméirí éagsúla, agus dá bharr sin bíonn riachtanais acu a fhorbraíonn go leanúnach. Ní mór do thionscal an Aontais a bheith solúbtha maidir lena chumas réimse agus cainníocht na dtáirgí is féidir leis a chur ar fáil don mhargadh a mhonarú. Nuair is lú an cumas atá aige caipiteal a thiomsú, cuirtear infheistíochtaí den sórt sin i mbaol.

(254) Thaispeáin an t-imscrúdú chomh maith, nach ndearnadh infheistíochtaí eile a bhí beartaithe chun acmhainneacht a mhéadú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé go bhfuil na hinfheistíochtaí sin fíor-riachtanach chun leanúnachas bliantúil an tionscail a áirithiú, bhí ar na cuideachtaí sampláilte uile, lena n-áirítear iad siúd atá mar chuid de ghrúpaí atá níos mó, moill a chur ar infheistíochtaí le linn na tréimhse sin. Toisc nach bhfuil leibhéal an toraidh ar infheistíochtaí leordhóthanach cuireann sé i mbaol cumas thionscal an Aontais caipiteal a thiomsú amach anseo agus marthanas an tionscail sa mheántéarma agus san fhadtéarma dá bharr.

4.4.4. *Conclúid faoi dhíobháil*

(255) Léirigh an chaoi ar fhorbair na stoic agus an úsáid faoi chuing, go raibh feabhas measartha ann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí an méadú ar thomhaltas faoi chuing teoranta ag 2 % agus tháinig laghdú ar leibhéal na stoc. Léiríodh san imscrúdú nach ndéanann na hallmhairí dumpáilte difear díreach don úsáid faoi chuing agus nach bhfuil na stoic chomh hábhartha céanna do thionscal an aigéid shailligh, tionscal atá ag obair den chuid is mó de réir mar atá orduithe ag teacht isteach. Ciallaíonn sé sin nach príomhthosca san anailís ar dhíobháil iad na tosca sin.

(256) Maidir le roinnt táscairí eile, amhail praghsanna díola, brabúsacht, toradh ar infheistíocht agus infheistíocht, léiríodh gur dealraitheach go raibh treocht dhearfach ann ina leith le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Léirigh an t-imscrúdú, áfach, go raibh an fhorbairt dhearfach ar phraghsanna díola bainteach leis an bhforbairt ar phraghsanna amhábhair, ar ar tháinig méadú suntasach le linn na tréimhse sin. Chomh maith leis sin, beag beann ar an bhfeabhas measartha ar an mbrabúsacht agus ar an toradh ar an infheistíocht, bhí an fheidhmíocht le linn na tréimhse faoi bhreathnú fós ar leibhéal nach raibh leordhóthanach chun inbhuanaitheacht thionscal an Aontais a áirithiú sa mheántéarma agus san fhadtéarma (féach aithrisí (266) - (269) freisin).

(257) Go deimhin, is léiriú soiléir ar shochtadh praghsanna é an bhrabúsacht íseal, nuair a bhreithnítear é in éineacht le treochtaí i bpraghsanna díola agus costais táirgthe. Go háirithe, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, nuair a bhí na hallmhairí dumpáilte fós ar leibhéil ardaithe agus ar phraghsanna ísle, ní raibh tionscal an Aontais in ann praghsanna a ardú go leibhéal a d'fhágfadh go mbeadh sé in ann a chostais a chumhdach agus an sprioc-chorrlach brabúis (6 %) a bhaint amach.

(258) D'ainneoin infheistíochtaí a choimeád a airde agus ab fhéidir chun éifeachtúlacht a choinneáil ar bun, ba léir nach raibh tionscal an Aontais ag soláthar brabús leordhóthanach chun infheistíochtaí a spreagadh lena chuid gnó a fhorbairt le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin go háirithe. Tharla meathlú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais i margadh ag a raibh tomhaltas a bhí réasúnta cobhsaí (bhí an laghdú ar thomhaltas in 2020 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin sealadach den chuid is mó de bharr thionchar phaindéim COVID-19). Tháinig laghdú 5 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó 72,1 % in 2018 go 68,3 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(259) Cé gur bhain an díobháil san imscrúdú seo le táscairí praghsanna agus feidhmíochta amhail brabúsacht agus an cumas caipiteal a thiomsú, bhí laghdú ar tháscairí méid thionscal an Aontais a ndearnadh scrúdú orthu. Tháinig laghdú ar táirgeacht, acmhainneacht, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Thairis sin, bhí laghduithe ar an bhfostaíocht agus táirgiúlacht freisin, rud a bhí bainteach leis na leibhéil níos ísle maidir le táirgeacht agus méid na ndíolachán.

Barúlacha tar éis an nochta

(260) Sna barúlacha uaidh tar éis an nochta deiridh, rinne Rialtas na hIndinéise trácht ar tháscairí díobhála áirithe agus tháinig sé ar an gconclúid nach ndearnadh díobháil do thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Rinneadh an tuairim sin ar an mbonn seo a leanas: (1) Léirigh Tábla 4 méadú ar an táirgeacht agus ar an acmhainneacht ó 2020 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin; (2) Léiríodh i dTábla 5 méadú ar an sciar den mhargadh, lena n-áirítear úsáid faoi chuing, ó 2020 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin, (3) Léirigh Tábla 7 méadú ar an bpraghas díola le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus tháinig méadú ar bhrabúis ó – 2,1 % in 2020 go 2,5 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin ina dhiaidh sin, (4) léirigh Tábla 9 laghdú ar stoic le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus (5) Léiríodh méadú ar bhrabúsacht, ar shreabhadh airgid agus ar thoradh ar infheistíocht ó 2020 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin i dTábla 10. Mhaígh Rialtas na hIndinéise freisin gur bhain an Coimisiún úsáid treallach as spriocbhrabús 6 % gan aon bhonn agus gur rud suntasach nach bhfacthas riamh a bhí sa mhéadú ar bhrabús thionscal an Aontais ó – 2,1 % in 2020 go 2,5 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus gur baineadh amach é le linn phaindéim COVID-19. Mhaígh Wilmar nach ndearna an Coimisiún anailís cheart ar Thábla 10, agus é ag maíomh gur tháinig méadú ar an mbrabúsacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus go raibh sí ard le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(261) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh nár léirigh na sonraí ábhartha díobháil ábhartha. Mar a luaitear in aithris (202), cé gur tháinig laghdú 5 % ar an tomhaltas le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 13 % ar mhéid na n-allmhairí ón Indinéis. D'éirigh le hallmhairí Indinéiseacha a sciar den mhargadh a mhéadú sa chomhthéacs sin freisin. Thairis sin, mar a mhínítear in aithris (192), tá tomhaltas an Aontais cobhsaí ar an iomlán ([37]) agus tá coinne leis go dtéarnóidh sé tar éis an laghdaithe shealadaigh le linn 2020 agus na tréimhse imscrúdúcháin, rud ba thoradh ar thosca a bhain le paindéim COVID-19 ([38]).

(262) Ar an gcaoi chéanna, maidir leis an sciar den mhargadh atá ag tionscal an Aontais, tháinig méadú ar an sciar den mhargadh, lena n-áirítear úsáid faoi chuing, ó 70,6 % go 70,8 %. Mar sin féin, tháinig laghdú ar an sciar margaidh de dhíolacháin thionscal an Aontais ar an margadh saor, arb é an táscaire ábhartha é, ó 68,4 % in 2020 go 68,3 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú, tháinig laghdú leanúnach ar an sciar margaidh a bhí ag díolacháin thionscal an Aontais ar an margadh saor ó 72,1 % in 2018 go 70,8 % in 2019, go 68,4 % in 2020 agus go 68,3 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Os a choinne sin, an tráth céanna, tháinig méadú leanúnach ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí na hIndinéise ó 17,1 % in 2018 go 19,0 % in 2019, go 20 % in 2020, agus go 20,3 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(263) Ar an gcaoi chéanna, ní mór an maíomh maidir leis an méadú ar an meánphraghas díola a fheiceáil i gcomhthéacs méadú suntasach ar chostas an amhábhair, mar a mhínítear in aithris (256). Thairis sin, mar a mhínítear in aithris (243), bhí na stoic deiridh mar chéatadán den táirgeacht fós cobhsaí go leor le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus d'oibrigh an tionscal ar bhonn táirgeachta de réir mar a bhí orduithe ag teacht isteach, agus mar sin coinníodh stoic ar leibhéal íseal.

(264) Sa líomhain maidir leis na táscairí feidhmíochta i dTábla 10, rinneadh neamhaird ar an gcomhthéacs iomlán. Mar shampla, tháinig laghdú leanúnach ar leibhéal an tsreafa airgid le linn na tréimhse faoi bhreathnú ó 2018 go 2020, agus é éirí diúltach in 2020. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú ar an sreabhadh airgid agus d'éirigh sé dearfach de réir mar a d'éirigh le tionscal an Aontais a bhrabúis a mhéadú mar a mhínítear in aithrisí (251) agus (266). Mar sin féin, bhí an sreabhadh airgid le linn na tréimhse imscrúdúcháin cuid mhaith fós faoi bhun leibhéil an tsreafa airgid in 2018. Ar an iomlán, tháinig laghdú 16 % ar an sreabhadh airgid.

([37]) Lámhleabhar um eacnamaíocht ceimiceán ó IHS Markit, arna fhoilsiú i mí an Mheithimh 2021: "Is iad mórthír na Síne, Iarthar na hEorpa agus Meiriceá Thuaidh na mórmhargaí tomhaltais. An fás stairiúil i dtomhaltas na n-aigéad sailleach, tá sin ag teacht le fás OTI i réigiúin a dtomhaltais" (https://ihsmarkit.com/products/natural-fatty-acids-chemical-economics-handbook.html)

([38]) Réamhaisnéis mhargadh an aigéid shailligh, Industry ARC (2021-2026): "Thairis sin, mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, cuireadh isteach ar tháirgeadh, tomhaltas, allmhairiú agus onnmhairiú an aigéid shailligh freisin. Mar thoradh ar na hiarmhairtí iliomad sin de dheasca phaindéim COVID-19, ba mheasa fós na deacrachtaí le haghaidh mhargadh an aigéid shailligh in 2020. Mar sin féin, tá coinne leis go dtiocfaidh feabhas ar an éileamh ar aigéad sailleach faoi dheireadh na bliana 2021 mar gheall ar an mborradh faoi earnálacha an chúraim phearsanta agus an chúraim baile." (http://www.industryarc.com/Report/15848/fatty-acid-market.html).

(265) Maidir le leibhéal an spriocbhrabúis, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí 6 % a úsáid mar bhrabús íosta. Meastar in Airteagal 7(2c) den bhun-Rialachán gurb é 6 % íosleibhéal na brabúsachta a mbeifí ag súil leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta chun an corrlach díobhála a ríomh. Socraíodh an leibhéal sin ar bhonn na bhfigiúirí brabúsachta fadtéarmaí a suíodh do na tionscail san Aontas. Níor cuireadh aon fhianaise ar aghaidh a léirigh go follasach go raibh an leibhéal sin míchuí don tionscal atá i gceist (féach aithris (268)). Dá bhrí sin, d'fhéadfaí diúltú donn mhaíomh sin ar an mbonn sin.

(266) Mar sin féin, luaigh an Coimisiún go raibh brabús thionscal an Aontais beagán os cionn tairseach glanta na gcostas in 2019 (1,9 %) agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin (2,5 %), ach go raibh sé diúltach in 2019 agus in 2020 (– 0,5 % agus – 2,1 % faoi seach). Thairis sin, ní mór féachaint ar an leibhéal dearfach a baineadh amach le linn 2021, lena gcumhdaítear naoi mí den tréimhse imscrúdúcháin, i gcomhthéacs suaite shuntasaigh sa slabhra soláthair ar an margadh a tháinig as paindéim COVID-19 agus a rinne difear mór d'onnmhairí na hIndinéise chuig an Aontas. Cuireadh bac ar sholáthar aigéid shailligh chuig an Aontas mar gheall ar mhoilleanna soithí ón Áise, mar gheall ar easpa long lastais, tancaeir agus oibrithe a de dheasca COVID-19, agus de dheasca costais lastais a bheith thar a bheith mór mar thoradh air sin ([39]). Rinne an suaitheadh sealadach sin difear do phraghsanna sa tionscal ar fud an domhain, agus d'allmhairí ón Indinéis chomh maith, ar ar tháinig laghdú i ndearbhthéarmaí idir 2020 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Mar thoradh air sin, mhínigh tionscal an Aontais go raibh sé in ann tairbhe a bhaint as an suaitheadh sealadach sonrach sin ar an margadh trí phraghsanna a mhéadú go leibhéil bhrabúsacha ar mhargadh an Aontais gan baint ró-mhór dá sciar den mhargadh. Ar an iomlán, bhí brabúsacht thionscal an Aontais thart ar thairseach glanta na gcostas le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú, bhí méid na n-allmhairí ón Indinéis suntasach agus tháinig méadú suntasach ar a sciar den mhargadh ó 17,1 % agus 20,3 % d'ainneoin laghdú beag ar thomhaltas. Léiríonn na tosca uile go soiléir go raibh tionchar diúltach ar bhrabúsacht thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar gheall ar allmhairí dumpáilte na hIndinéise, agus gur baineadh amach buaicphointe na brabúsachta ag 2,5 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomhthéacs fadhbanna soláthair d'onnmhaireoirí na hIndinéise, go príomha i ngeall ar iarmhairtí COVID-19.

(267) Ríomhtar an bhrabúsacht i dTábla 10 ar bhonn chostas na n-earraí a dhíoltar den aigéad sailleach a tháirgeann agus a dhíolann tionscal an Aontais le custaiméirí neamh-chomhlachaithe ar mhargadh an Aontais. Cé go mbíonn tionscal an Aontais ag táirgeadh ar bhonn na n-orduithe a fhaightear de ghnáth, tá stoic bheaga fós ann mar a léirítear i dTábla 9. Dá bhrí sin, i dtionscal le fardail bheaga, tá difríocht bheag idir costas aonaid táirgthe agus costas aonaid na n-earraí a dhíoltar. Dá bhrí sin, cé go raibh meánphraghas díola aonaid thionscal an Aontais in 2019 agus 2020 níos airde nó cothrom leis an meánchostas aonaid táirgthe, thabhaigh tionscal an Aontais caillteanais mar a léirítear i dTábla 10.

(268) Maidir leis an leibhéal caighdeánach brabúis d'aigéad sailleach faoi ghnáthdhálaí iomaíochta, níor mhínigh Rialtas na hIndinéise cén fáth a líomhnaítear gur leor an leibhéal brabúis 2,5 % a bhain an tionscal amach le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Chomh maith leis sin, theip ar Rialtas na hIndinéise bunús a thabhairt leis an leibhéal brabúis ba cheart a úsáid ina ionad sin nuair a cháin sé an tairseach 6 % atá éigeantach go dlíthiúil arna húsáid ag an gCoimisiún, agus níor mhínigh sé ach an oiread tionchar líomhainte phaindéim COVID-19 ar leibhéal na brabúsachta. Thug an Coimisiún dá aire nach bhfuil aon fhianaise eile ar comhad maidir le leibhéal bhrabúsachta stairiúla thionscal an aigéid shailligh in éagmais allmhairí dumpáilte ón Indinéis a thacódh le dearbhú Rialtas na hIndinéise gur leor brabúsacht 2,5 %, nó a bhainfeadh an bonn de rogha leibhéal brabúis 6 % a úsáideadh. Os a choinne sin, thacaigh faisnéis a bhí ar fáil go poiblí agus faisnéis a bhí sa chomhad oscailte le torthaí an Choimisiúin. Thug an Coimisiún dá aire, de réir tuarascála a d'ullmhaigh an Chomhairle Eorpach um Thionscal Ceimiceán ('CEFIC'), maidir le brabúsacht thionscal ceimiceán an Aontais i gcoitinne do 2020, i measc nithe eile, go bhfuil an t-ollbharrachas oibriúcháin ([40]) mar chéatadán den láimhdeachas i dtionscal na gceimiceán cothrom le thart ar 11 %. Thairis sin, bunaithe ar na staitisticí a bhailigh CSIMarket ([41]), bhí corrlaigh réamhchánach thionscal monaraíochta ceimiceán in 2021 cothrom le thart ar 13 %. Thairis sin, ina mbarúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, dúirt Greven Group go raibh corrlaigh EBIT (tuilleamh roimh ús agus cánacha) de chuid thionscal Eorpach na gceimiceán in 2020 thart ar 7 % (féach aithris (294) le haghaidh tuilleadh sonraí). Dá bhrí sin, ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil, mheas an Coimisiún nár shroich tionscal an Aontais leibhéal brabúsachta i gcomhréir le gnáthdhálaí iomaíochta margaidh le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú.

([39]) *OFI Magazine, Strong demand forecast for oleochemicals*, 9 Iúil 2021, https://www.ofimagazine.com/news/strong-demand-forecast-for-oleochemicals

([40]) Sainmhínítear ollbharrachas oibriúcháin (GOS), nó brabúis, mar bhreisluach lúide costais phearsanra. Is é an barrachas arna ghiniúint ag gníomhaíochtaí oibriúcháin é tar éis ionchur an tosca saothair a chúiteamh. Cuimsíonn GOS i gceimiceán 11 % den láimhdeachas. https://www.francechimie.fr/media/52b/the-european-chemical-industry-facts-and-figures-2020.pdf

([41]) CSIMarket, *Chemical Manufacturing Industry Profitability*, https://csimarket.com/Industry/industry_Profitability_Ratios.php?ind=101&hist=4

(269) Níos suntasaí fós, luaigh an Coimisiún, mar a mhínítear in aithrisí (253) agus (254), go raibh teorainn leis na hinfheistíochtaí a rinne tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, iad dírithe ar ghnóthachain éifeachtúlachta agus ag coinneáil dea-fheidhmiú rianúil na saoráidí atá ann cheana. Ní raibh tionscal an Aontais, mar gheall ar an leibhéal diúltach nó íseal brabúsachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú, in ann tabhairt faoi infheistíochtaí riachtanacha chun nuáil a dhéanamh agus chun na gnóthachain éifeachtúlachta agus táirgiúlachta is gá a bhaint amach le go mbeadh sé in ann dul san iomaíocht sa mhargadh. Freastalaíonn tionscal an Aontais ar chustaiméirí éagsúla, agus dá bharr sin bíonn riachtanais acu a fhorbraíonn go leanúnach. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ní raibh sna costais dímheasa ach thart ar 2 % den chostas táirgthe. Dá méadófaí na costais dímheasa tar éis infheistíochtaí go 4 % den chostas táirgthe, shroichfeadh tionscal an Aontais "tairseach glanta na gcostas" fiú sa chás go n-éireoidh leis praghsanna níos airde na tréimhse imscrúdúcháin a choinneáil, rud nach dócha ar chor ar bith i bhfianaise na gcúiseanna ar ar tháinig méadú ar na praghsanna sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, ní leor an leibhéal brabúis a bhain an tionscal amach le linn na tréimhse faoi bhreathnú chun an leibhéal infheistíochta is gá a dhéanamh san earnáil sin. Bhí na heilimintí sin go léir ag teacht salach go mór ar na dearbhuithe gan bhunús a rinne Rialtas na hIndinéise maidir le leibhéal riachtanach brabúsachta thionscal an Aontais.

(270) Ar deireadh, luaigh an Coimisiún go raibh a anailís iomlán agus cuimsitheach, toisc gur cumhdaíodh inti na ceithre bliana ar fad agus na táscairí díobhála uile a cheanglaítear le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán. Ina theannta sin, bhain an Coimisiún úsáid as na sonraí go léir ina anailís cibé acu a bhí forbairtí dearfach nó diúltach. Dá bhrí sin, léirigh an Coimisiún go raibh a chonclúid ar dhíobháil ábhartha fónta ó thaobh an dlí agus na heacnamaíochta de. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(271) Mhaígh Rialtas na hIndinéise freisin go raibh an toradh díobhála ar neamhréir leis an litir ó KLK dar dáta an 19 Lúnasa 2022 ina ndearnadh trácht ar iomaíocht idir KLK agus táirgeoirí onnmhairiúcháin Indinéiseacha agus brabúsacht KLK.

(272) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin ós rud é gur ó tháirgeoir aonair de chuid an Aontais atá an litir agus nach measúnú iomlán ar dhíobháil í. Dá bhrí sin, ní féidir le ráiteas den sórt sin sárú a dhéanamh ar chonclúidí an Choimisiúin maidir le díobháil ábhartha.

(273) Mhaígh Rialtas na hIndinéise freisin, cé go ndearnadh aigéad sailleach a úsáidtear chun bithdhíosal a tháirgeadh a eisiamh ó raon feidhme an táirge, nár choigeartaigh an Coimisiún na staitisticí allmhairiúcháin dá réir.

(274) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin, agus é ag deimhniú nach n-áirítear sna staitisticí allmhairiúcháin na cainníochtaí d'allmhairí aigéid shailligh a tháirgtear ó dhramhaíl agus a úsáidtear chun bithdhíosail a tháirgeadh.

(275) Mhaígh Wilmar nach raibh na forbairtí i ndáil le táirgeacht agus úsáid acmhainneachta a léirítear i dTábla 4 díobhálach.

(276) Thug an Coimisiún faoi deara gur tháinig laghdú 7 % ar an táirgeacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus gur tháinig laghdú 3 % ar úsáid acmhainneachta mar a luaitear i dTábla 4. Ní dhearna Wilmar measúnú ar na treochtaí sin ina gcomhthéacs cuí. I margadh inar tháinig laghdú 5 % ar thomhaltas le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 13 % ar na hallmhairí ón Indinéis agus tháinig méadú ar a sciar den mhargadh ó 17,1 % in 2018 go 20,3 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh maidir le táirgeacht agus úsáid acmhainneachta.

(277) Mhaígh Wilmar go raibh an Coimisiún mícheart a chur in iúl go raibh tábhacht níos lú ag baint leis na leibhéil stoc a léirítear i dTábla 9 san anailís ar dhíobháil agus mhaígh sé gur comhartha ar dhíolacháin mhéadaithe iad na stoic níos ísle.

(278) Thug an Coimisiún faoi deara na méideanna díolacháin le linn na tréimhse anailíse mar a léirítear i dTábla 5. Chomh maith leis sin, agus aird á tabhairt ar na leibhéil ísle stoc deiridh, a bhí faoi bhun 4,5 % de mhéideanna táirgeachta le linn na tréimhse, chloígh an Coimisiún lena thuairimí maidir le saincheisteanna stoic san anailís fhoriomlán ar dhíobháil.

(279) Mhaígh Wilmar nach raibh na forbairtí i ndáil le hinfheistíochtaí agus toradh ar an infheistíocht a léirítear i dTábla 10 díobhálach.

(280) Maidir le hinfheistíochtaí, tugadh aghaidh ar an maíomh in aithris (269). Is é atá sa toradh ar infheistíochtaí luach bhrabús iomlán an táirge faoi imscrúdú roinnte ar luach na sócmhainní seasta iomlána arna n-úsáid chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí luach na sócmhainní seasta iomlána cobhsaí. Dá bhrí sin, leanann treocht an toraidh ar infheistíocht treocht na brabúsachta. Dá bhrí sin, tháinig laghdú ar an toradh ar infheistíocht idir 2018 agus 2020. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin tháinig méadú ar an

toradh ar infheistíocht de réir mar a tháinig méadú ar bhrabúsacht thionscal an Aontais i gcomparáid leis na blianta roimhe sin. Mar sin féin, mar a mhínítear in aithris (266), ní raibh sa mhéadú ar bhrabúsacht le linn na tréimhse imscrúdúcháin ach méadú sealadach. Dá bhrí sin, chloígh an Coimisiún lena chonclúid nach raibh na leibhéil infheistíochta leordhóthanach chun go dtiocfadh tionscal an Aontais slán amach anseo (féach aithrisí (253), (254) agus (269)) agus dá bhrí sin diúltaíodh don mhaíomh sin.

(281) Sna barúlacha a thug siad tar éis an nochta deiridh, mhaígh Musim Mas Group nach ndearnadh aon díobháil do thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Go deimhin, d'iarr an grúpa sin ar an gCoimisiún an anailís díobhála a dhíriú ar an tréimhse imscrúdúcháin agus é ag maíomh go raibh forbairtí dearfacha ann an bhliain sin maidir le táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, sciar den mhargadh, meánphraghsanna, toradh ar infheistíocht, sreabhadh airgid, brabúsacht agus stoic. Go háirithe, chuir Musim Mas Group in iúl go raibh an bhrabúsacht ag an leibhéal is airde le linn na tréimhse imscrúdúcháin (2,5 %).

(282) Ní mór don Choimisiún an measúnú ar dhíobháil a dhéanamh don tréimhse iomlán faoi bhreathnú agus ní hamháin don tréimhse imscrúdúcháin. Ní bheadh an mhodheolaíocht a mhol Musim Mas Group, amhail an measúnú a rinne Rialtas na hIndinéise agus a rinne Wilmar thuas, ina hanailís iomlán agus chruinn ar staid díobhála thionscal an Aontais mar a cheanglaítear le hAirteagal 3 den bhun-Rialachán. Mar gheall ar an méadú sealadach ar bhrabúsacht, mar a mhínítear in aithris (266), tháinig an méadú beag ar an méid táirgeachta (1,2 %), an acmhainneacht táirgeachta (1,9 %), agus an laghdú ar stoic, Bhí an sreabhadh airgid agus an toradh ar infheistíochtaí ag teacht leis an gcaoi ar fhorbair an bhrabúsacht. Tháinig laghdú ó 68,4 % go 68,3 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais ar an margadh saor le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2020. Tháinig méadú ar phraghas díola thionscal an Aontais i gcomhréir leis an méadú ar chostas aonaid an táirgthe mar gheall ar an méadú ar amhábhair, a bhuí don suaitheadh soláthair sealadach agus éifeachtaí phaindéim COVID-19 go háirithe le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(283) Cheistigh Musim Mas Group freisin na ríomhanna maidir le sladghearradh (dá dtagraíonn Musim Mas Group go míchuí mar ríomhanna 'gearrdhíola') ar allmhairí na hIndinéise agus d'áitigh sé go léirítear sa doiciméad nochta maidir le meánluachanna aonaid, i dTáblaí 3 agus 7, go bhfuil éifeacht i bhfad níos measartha ar phraghsanna thionscal an Aontais, is é sin ó róghearradh 4 % in 2018 go sladghearradh measartha 7 % sa tréimhse imscrúdúcháin.

(284) Tháinig an táirgeoir onnmhairiúcháin sin ar chonclúid maidir le sladghearradh praghais bunaithe ar chomparáid dhíreach idir meánphraghas allmhairiúcháin tháirgeoirí na hIndinéise chuig an Aontas agus meánphraghas thionscal an Aontais, agus neamhaird á déanamh aige go bhfuil meascáin táirgí ag gach onnmhaireoir agus ag gach táirgeoir san Aontas ar féidir difríocht shuntasach a bheith eatarthu. Chun corrlaigh shladghearrtha níos iontaofa a bhaint amach, ba cheart praghsanna a chur i gcomparáid le haghaidh cineálacha táirgí inchomparáide ar leibhéal na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, i gcás ina bhfuil an tacar sonraí ar fáil. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, maíonn an t-onnmhaireoir gur sladghearradh praghais 7 % a bhí ann ar an meán, ach léirigh an chomparáid ar leibhéal an chineáil táirge corrlach sladghearrtha os cionn 20 %. Diúltaíodh do bharúlacha an onnmhaireora maidir le corrlaigh shladghearrtha.

(285) Ina gcuid barúlacha tar éis an nochta deiridh chomhaontaigh CUTFA le conclúidí an Choimisiúin maidir le díobháil agus chuir sé in iúl gur léiríodh san anailís ar phraghsanna díolacháin, sladghearradh, gearrdhíol, sochtadh praghsanna, costais aonaid agus táscairí feidhmíochta amhail toradh ar láimhdeachas gur bhain díobháil do thionscal an Aontais le linn na tréimhse lena mbaineann. Thug CUTFA aird freisin ar an anailís a rinne an Coimisiún ar tháscairí méid amhail táirgeacht, acmhainneacht, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán agus sciar den mhargadh, rudaí a léirigh gur bhain díobháil do thionscal an Aontais i ndáil le táscairí méid freisin. Thairis sin, dheimhnigh CUTFA nár chruthaigh feabhas beag ar bhrabúsacht le linn na tréimhse imscrúdúcháin staid inbhuanaithe agus iomaíoch don Tionscal ar mhargadh an Aontais.

(286) Ar bhonn a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

5. **CÚISÍOCHT**

(287) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an staid lena fháil amach an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé gur bhain díobháil do thionscal an Aontais de bharr tosca aitheanta eile san am céanna. D'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, i leith na n-allmhairí dumpáilte. Seo a leanas na tosca sin: allmhairí ó fhoinsí eile seachas an Indinéis, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, forbairtí ar úsáid faoi chuing, forbairtí ar thomhaltas, fadhbanna le hamhábhar agus neamhéifeachtúlacht líomhainte thionscal an Aontais.

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(288) Mar a thaispeántar i dTábla 2, tháinig méadú ar mhéid na n-allmhairí dumpáilte ón Indinéis, ó thart ar 203 000 tona in 2018 go thart ar 228 000 tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin, méadú 13 %. I dtéarmaí an sciar den mhargadh, bhí méadú ó 17,1 % go 20,3 % ann le linn na tréimhse céanna, méadú 19 %. Tharla na barúlacha seo le linn na tréimhse céanna ina raibh laghdú 10 % ar dhíolacháin thionscal an Aontais ar an saormhargadh agus titim ar an sciar den mhargadh ó 72,1 % go 68,3 %, laghdú 5 %. Le linn na tréimhse sin, bhí na díolacháin ar an margadh faoi chuing cobhsaí, margadh atá níos lú. Chomh maith leis sin, thaispeáin an t-imscrúdú gur mhéadaigh allmhairí dumpáilte go comhsheasmhach ar bhonn bliantúil i dtéarmaí méideanna agus an sciar den mhargadh. I ndearbhthéarmaí, níor lean an méadú ar mhéideanna allmhairiúcháin in 2019 ar an luas céanna in 2020 agus sa tréimhse imscrúdúcháin de bharr fadhbanna a bhain le paindéim COVID-19. Mar sin féin, in ainneoin laghdú 5 % ar thomhaltas le linn na tréimhse faoi bhreathnú, is léir gur allmhairí ón Indinéis den chuid is mó a chuir feabhas ar a staid sa mhargadh d'ainneoin onnmhaireoirí a raibh deacrachtaí soláthair acu mar a luaitear in aithris (202).

(289) Mar a mhínítear in aithris (210), bhí allmhairí ón Indinéis ina gcúis le laghdú ar phraghsanna thionscal an Aontais cheana féin i dtús na tréimhse faoi bhreathnú. Thairis sin, i gcomhthéacs luaineachtaí suntasacha ar fud an domhain ar chostais amhábhair, ní raibh táirgeoirí de chuid an Aontais in ann a bpraghsanna a choigeartú ar bhealach a ligfeadh dóibh leibhéil réasúnta brabúis a bhaint amach nó a bheith fós brabúsach ar chor ar bith.

(290) Bhí allmhairí na hIndinéise in ann dul teacht isteach le linn na tréimhse faoi bhreathnú toisc gur tráchtearra é an táirge faoi imscrúdú agus tá ról láidir ag an bpraghas nuair a dhéanann custaiméirí cinntí. Maidir leis an gcomhtharlú ama idir meathlú staid eacnamaíoch thionscal an Aontais agus méid suntasach na n-allmhairí dumpáilte ón Indinéis, a bhí ag gearr faoi phraghsanna thionscal an Aontais, agus a bhí ag sochtadh leibhéal na bpraghsanna i margadh an Aontais, deimhníonn sé go bhfuil nasc cúisíoch ann idir an dá rud.

(291) Ar deireadh mar a mhínítear thuas, laghdaigh na fadhbanna soláthair a bhí ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin an brú ar thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin go sealadach. Ar an gcaoi sin bhí tionscal an Aontais ábalta praghsanna a mhéadú go leibhéal as ar baineadh brabús measartha, ach níor chuir sé ar a chumas dó go leordhóthanach leibhéal réasúnta brabúis a bhaint amach.

(292) Thairis sin, shuigh an Coimisiún gur fhás allmhairí na hIndinéise14 % agus gur laghdaíodh praghsanna 12 % idir 2018 agus 2020 nuair a laghdaigh tomhaltas sa saormhargadh 3 %. Le linn na tréimhse céanna, tháinig íoslaghdú 8 % ar méid na ndíolachán ag tionscal an Aontais agus tháinig laghdú 2 % ar a phraghsanna. D'fhág sin go raibh caillteanais airgeadais ann, rud a rinne difear do staid airgeadais thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin nuair a lean an brú ó allmhairí dumpáilte.

(293) Ina gcuid barúlacha tar éis an nochta deiridh chomhaontaigh CUTFA le hanailís an Choimisiúin ar chúisíocht i bhfianaise na dtáscairí díobhála agus na gcomparáidí praghsanna a suíodh thuas agus i bhfianaise mhéideanna, sciar den mhargadh agus praghsanna na n-allmhairí ón Indinéis. Chuir CUTFA in iúl gur chuir an brú ar praghsanna mar gheall ar na hallmhairí ón Indinéis cosc ar mhéaduithe leordhóthanacha ar phraghsanna a raibh gá leo mar gheall ar an méadú ar phraghsanna amhábhar. Ina theannta sin, luaigh CUTFA gur chuir an méadú ar allmhairí ón Indinéis leis an díobháil a bhain dó.

(294) Sna barúlacha a thug siad tar éis an nochta dheiridh, rinne Greven Group trácht ar bhrabúsacht thionscal an Aontais, agus d'áitigh sé gur lean sé treocht ghinearálta thionscal Eorpach na gceimiceán le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Chun tacú leis an argóint sin, chuir an Greven Group cairt ar fáil le corrlaigh EBIT (tuilleamh roimh ús agus cánacha) i dtionscal Eorpach na gceimiceán, rud a léirigh laghdú 33,9 % nó 3,4 pointe céatadáin, ó 10,4 % in 2018 go 7,0 % in 2020. I bhfianaise na faisnéise sin, tháinig Greven Group ar an gconclúid nach mór an laghdú ar bhrabúsacht thionscal an Aontais a mheas mar mheán do thionscal Eorpach na gceimiceán agus, dá bhrí sin, go raibh sé neamhábhartha agus go bhféadfaí é a chur i leith fachtóirí eile seachas na hallmhairí dumpáilte ón Indinéis.

(295) Thug an Coimisiún faoi deara gur úsáid Greven Group an tréimhse ó 2018 go 2020 chun comparáid a dhéanamh. Nuair a áirítear mar phointe tosaigh brabúsacht iarbhír thionscal an Aontais 1,9 % in 2018, chiallódh laghdú 33,9 % titim go 1,26 % in 2020. Ina ionad sin, thit brabúsacht thionscal an Aontais go leibhéil dhiúltacha (– 2,1 %) in 2020. Ní féidir a mheas go bhfuil meath den sórt sin neamhábhartha, nó go bhfuil sé gar do threocht thionscal ceimiceán an Aontais (is leithne fós). Níos tábhachtaí fós, tá na maímh a rinne Greven Group bunaithe ar threochtaí brabúsachta na n-athruithe coibhneasta ar bhrabúsacht, agus neamhaird iomlán á déanamh acu ar leibhéil iarbhír, iomlána bhrabúsachta an tionscail ceimiceán, Ina theannta sin, laghdú ar phointí céatadáin ó 10,4 % go 7,0 %, níl an tionchar céanna aige sin ar ghníomhaíocht cuideachta a laghdaíonn a brabúis ó 1,9 % go – 1,5 %. Sa chéad chás, ní dhearna an chuideachta a dhath ach a thaifeadadh gur shaothraigh

sí níos lú brabúis, agus sa dara cás bhain caillteanas don chuideachta, á cur féin i mbaol. Tá sé dosheánta go bhfuil na leibhéil dhiúltacha nó ísle bhrabúsachta seo i dtionscal an aigéid shailligh faoi bhun ghnáthmheán brabúis thionscal ceimiceán an Aontais. Mar a mhínítear in aithrisí (266) agus (269), níor leor na leibhéil dhiúltacha nó na leibhéil an-íseal bhrabúsachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú chun go leanfadh tionscal an Aontais dá ghníomhaíocht ghnó faoi ghnáthdhálaí, toisc nach bhféadfaidís praghsanna a ardú go dtí an leibhéal is gá chun an méadú ar chostas amhábhar a sheasamh agus brabús a bhaint amach ar bhonn rialta. Ní fhéadfadh ach oiread éifeacht a bheith ag an tionscal ar na hinfheistíochtaí is gá chun nuáil a dhéanamh agus chun coinneáil suas leis an éileamh óna gcustaiméirí ar tháirgí sonracha (féach aithrisí (253), (254) agus (269)). Níor léirigh Greven Group conas a d'fhéadfadh údar a bheith le leibhéil dhiúltacha nó ísle bhrabúsachta thionscal an aigéid shailligh i ndearbhthéarmaí faoi ghnáthdhálaí iomaíochta, ná níor thug siad bunús leis na tosca sonracha seachas allmhairí dumpáilte ón Indinéis a rinne difear do bhrabúsacht thionscal an Aontais, seachas trí thagairt ghinearálta a dhéanamh do threochtaí brabúsachta thionscal na gceimiceán. Ar bhonn na n-eilimintí sin go léir, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ní hamháin nach bhfuil bunús leis an dearbhú go raibh an bhrabúsacht íseal inchurtha i leith fachtóirí eile nach mbaineann le hallmhairí dumpáilte aigéid shailligh ón Indinéis, ach nach bhfuil bunús substaintiúil leis ach oiread mar a léiríonn na hargóintí thuas, agus dá bhrí sin ní mór diúltú dó.

(296) Mhaígh Wilmar nach raibh aon tionchar ag fás na n-allmhairí ón Indinéis ar mhéid dhíolacháin thionscal an Aontais. Go háirithe, mhaígh Wilmar nár léirigh Tábla 2 aon mhéadú suntasach ar allmhairí de réir bhrí Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán. Mhaígh Wilmar go raibh allmhairí ón Indinéis cobhsaí seachas in 2019 nuair a méadaíodh na hallmhairí 25 384 tona, rud nach raibh chomh suntasach sin i gcoinne thomhaltas iomlán 1 295 034 tona. Bhí méideanna na n-allmhairí fós réasúnta cobhsaí ó shin i leith, ag fás 1 % in 2020 agus ag laghdú 1 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin, arbh é a bhí iontu, de réir Wilmar, luaineachtaí caighdeánacha sa mhargadh. Thairis sin, mhaígh Wilmar gurbh é a bhí i bhfás foriomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú ná13 % agus nár tharla an fás go dtí 2019, i.e. ní raibh aon fhás ar allmhairí sna blianta ina dhiaidh sin, in ainneoin na dumpála líomhainte. I gcomparáid leis sin, léirigh allmhairí ón Malaeisia fás seasta idir 2018 agus 2020. D'áitigh Wilmar nach ndearna méadú ar allmhairí, a tharla in 2019, difear do dhíolacháin thionscal an Aontais i ndearbhthéarmaí sa bhliain chéanna. Thairis sin, mhaígh Wilmar gur tharla cor chun donais mór díolacháin thionscal an Aontais in 2020 agus sa tréimhse imscrúdúcháin, i dtréimhse nuair nár tháinig méadú ar allmhairiú ón Indinéis. Dúirt Wilmar freisin gur tháinig méadú 1,9 % ar sciar margaidh na n-allmhairí ón Indinéis in 2019 agus méadú 1 % breise in 2020. Ba é 3,2 % an méadú foriomlán idir 2018 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Tharla méadú den sórt sin i gcomhthéacs laghdú ar thomhaltas an Aontais in 2020 agus tuilleadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin mar gheall ar éifeachtaí COVID, moilliú eacnamaíoch agus cor chun donais i dtionscail shonracha (e.g. mótarfheithiclí).

(297) Thug an Coimisiún faoi deara gur tháinig méadú 13 % ar na hallmhairí ón Indinéis le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus gur tháinig méadú 19 % ar a sciar den mhargadh. Ina theannta sin, idir 2018 agus 2019, ar mhargadh réasúnta cobhsaí nuair a tháinig méadú 1 % ar an tomhaltas, tháinig méadú 13 % ar na hallmhairí ón Indinéis, agus bhí díolacháin thionscal an Aontais fós beagnach seasmhach an tráth céanna. Ba é an chiall a bhí leis sin gur tháinig méadú ó 17,1 % go 19,0 % ar sciar margaidh allmhairí na hIndinéise, agus tháinig laghdú ar sciar thionscal an Aontais den mhargadh ó 72,1 % go 70,8 % an tráth céanna. Cé nár tháinig laghdú, i ndearbhthéarmaí, ar dhíolacháin thionscal an Aontais idir 2018 agus 2019, chaill tionscal an Aontais sciar den mhargadh agus ní raibh sé in ann praghsanna a choinneáil ar bun ar leibhéil bhrabúsacha in 2019 agus 2020. Dá bhrí sin, le linn na tréimhse sin, bhí tionchar ag an méadú ar allmhairí ón Indinéis, murab ionann agus an méid a mhaígh Wilmar, ar thionscal an Aontais toisc gur chaill tionscal an Aontais sciar den mhargadh agus gur tháinig sé chun caillteanas a dhéanamh.

(298) Idir 2019 agus 2020, tháinig méadú leanúnach 1,4 %, beagán níos ísle, ar mhéid na n-allmhairí ón Indinéis i margadh a raibh tomhaltas laghdaithe aige (faoi 4 %) agus fuair sé sciar breise 1 phointe céatadáin den mhargadh. Ar an taobh eile, chaill tionscal an Aontais níos mó sciar den mhargadh, is é sin, 2,4 pointe céatadáin, ach b'éigean dó a phraghsanna a laghdú níos mó fós gan níos mó sciar den mhargadh a chailleadh agus dá bhrí sin, tabhaíodh caillteanais níos airde i gcomparáid le 2019, is é sin – 2,1 %. Dá bhrí sin, idir 2019 agus 2020, lean onnmhairí na hIndinéise de bheith ag méadú an sciar den mhargadh, agus chaill tionscal an Aontais níos mó sciar den mhargadh agus thabhaigh sé caillteanais níos airde ná mar a tabhaíodh in 2019.

(299) Thug an Coimisiún faoi deara freisin go raibh sciar suntasach den mhargadh ag allmhairí na hIndinéise ó thús na tréimhse faoi bhreathnú, is é sin, 17,1 %. Dá bhrí sin, ní haon ionadh é nár mhéadaigh allmhairí na hIndinéise ó 2019 i dtréimhse le laghdú beag ar thomhaltas, chomh géar agus a mhéadaigh idir 2018 agus 2019. Roghnaigh tionscal an Aontais a sciar den mhargadh a choinneáil agus thabhaigh sé caillteanais mar gheall ar an mbrú

praghsanna ar chuir allmhairí na hIndinéise orthu. Dá roghnódh tionscal an Aontais praghsanna níos airde a choinneáil agus níos mó sciar den mhargadh a ghéilleadh, mhéadódh onnmhaireoirí aigéid shailligh na hIndinéise a n-onnmhairí níos mó fiú agus chuirfeadh siad lena gcáil ina soláthróirí príomhchustaiméirí san Aontas. Dá bhrí sin, ní mór an méadú níos moille ar allmhairí ón Indinéis idir 2019 agus 2020 i gcomparáid le 2018 agus 2019 a mheas i gcomhchoibhneas le freagairt thionscal an Aontais chun a sciar den mhargadh a chosaint.

(300) Idir 2020 agus an tréimhse imscrúdúcháin, tháinig athrú ar mhargadh an Aontais mar gheall ar phaindéim COVID-19. Tháinig laghdú 2,5 % ar an tomhaltas, tháinig laghdú 2,3 % ar mhéid na n-allmhairí ón Indinéis agus tháinig laghdú 2,6 % ar dhíolacháin thionscal an Aontais freisin. Le linn na tréimhse seo, mar gheall ar phaindéim COVID-19 a chuir isteach ar shlabhraí soláthair agus a mhéadaigh praghsanna ar fud an domhain, mar a mhínítear in aithris (266), d'éirigh le hallmhairí na hIndinéise fiú méadú 0,3 pointe céatadáin a dhéanamh ar a sciar den mhargadh agus tháinig laghdú 0,1 pointe céatadáin ar a sciar den mhargadh ag margadh an Aontais. In éagmais fadhbanna an tslabhra soláthair, is dócha go mbeadh méadú níos mó fós tagtha ar allmhairí na hIndinéise. Meabhraítear, mar a luaitear in aithris (259), go mbaineann an díobháil sa chás seo go príomha le héifeachtaí ar phraghsanna, cé gur aimsíodh go ndearnadh díobháil do méideanna freisin. Deimhnítear an méid sin leis an leibhéal suntasach sladghearrtha praghsanna agus an laghdú praghsanna a aimsíodh le linn an imscrúdúcháin mar a shonraítear in aithrisí (209) agus (210), chomh maith leis an athrú ar leibhéal allmhairí agus scaireanna margaidh na hIndinéise le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, mhaígh Wilmar nach raibh aon tionchar ag fás na n-allmhairí ón Indinéis ar mhéid dhíolacháin thionscal an Aontais.

(301) Mhaígh Wilmar freisin nach raibh tionchar ag éifeachtaí praghsanna ar thionscal an Aontais, arbh iad na hallmhairí ón Indinéis ba chúis leo. D'úsáid Wilmar mar fhianaise an fhaisnéis faoi mheánphraghsanna i dTáblaí 3 agus 7, agus na méaduithe ar phraghsanna a bhain tionscal an Aontais amach. Mhaígh sé freisin nach raibh na hallmhairí ón Indinéis in iomaíocht le hallmhairí thionscal an Aontais agus, dá bhrí sin, nárbh fhéidir leo brú praghsanna a chur orthu. Mhaígh Wilmar freisin gur bhraith an Coimisiún ar fhaisnéis faoi phraghsanna "ó cheann go ceann" amháin (i.e. comparáidí praghsanna ó 2018 go deireadh na tréimhse imscrúdúcháin) chun teacht ar a chonclúidí maidir leis an bpraghas.

(302) Maidir le praghsanna allmhairiúcháin ón Indinéis, shuigh an Coimisiún méid agus praghsanna na n-allmhairí ón Indinéis ar bhonn na modheolaíochta a luaitear in aithrisí (195) agus (199). Cé go bhfuil an mhodheolaíocht sin an-chruinn i gcás mhéid na n-allmhairí, maidir le praghsanna, tar éis na mbarúlacha a fuarthas ó pháirtithe, measann an Coimisiún gur gá na praghsanna i dTábla 3 a chur i gcomparáid leis na praghsanna onnmhairiúcháin a thuairiscigh Wilmar, go háirithe le haghaidh 2018. In 2018, d'onnmhairigh Wilmar formhór mór na n-allmhairí ón Indinéis ar mhargadh an Aontais agus dá bhrí sin is tagarmharc réasúnta é a phraghas onnmhairiúcháin don phraghas allmhairiúcháin in 2018. Bhí meánphraghas onnmhairiúcháin aonaid Wilmar in 2018 níos ísle ná praghas na n-allmhairí i dTábla 3 agus bhí sé níos ísle ná praghas díola aonaid thionscal an Aontais i dTábla 7.

(303) Ina theannta sin, ba cheart a mheabhrú gur tugadh le fios san anailís a rinne an Coimisiún ar threochtaí praghsanna agus ar shochtadh praghsanna sa chás seo nach mór méaduithe ar phraghsanna amhábhar a chur san áireamh freisin. Dá bhrí sin, cuireadh san áireamh san anailís ón gCoimisiún costais aonaid tionscail an Aontais, brabúsacht agus praghsanna thionscal an Aontais agus praghsanna allmhairí ón Indinéis araon. Ba leor an méadú ar phraghsanna a ráinigh le tionscal an Aontais a bhaint amach le linn na tréimhse imscrúdúcháin chun cúiteamh a dhéanamh ar an méadú ar chostas an táirgthe mar gheall ar an méadú ar phraghas na n-amhábhar a bhí le híoc ag an tionscal. Thairis sin, ráinigh leis an tionscal praghsanna a mhéadú le linn na tréimhse imscrúdúcháin díreach mar gheall ar fhadhbanna an tslabhra soláthair a chuir as d'onnmhaireoirí na hIndinéise atá nasctha le fadhbanna COVID-19, mar a mhínítear in aithris (266). Mar a luaigh táirgeoirí sampláilte an Aontais, in éagmais staid shealadach an mhargaidh a tháinig as éifeachtaí phaindéim COVID-19, níorbh fhéidir leis an tionscal na praghsanna a ardú le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomhréir leis an gcostas táirgeachta níos airde, agus ba shuntasaí fós an díobháil dá réir. Thairis sin, ós rud é gur éirigh le táirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndinéise a gcuid onnmhairí a choinneáil ar bun agus a sciar den mhargadh a mhéadú le linn na tréimhse imscrúdúcháin, in ainneoin na bhfadhbanna sin sa slabhra soláthair, léirítear freisin gur féidir agus gur dócha go leanfaidh éifeachtaí díobhálacha a n-allmhairí dumpáilte de dhíobháil a dhéanamh do thionscal an Aontais.

(304) Ina theannta sin, rinneadh anailís ar shladghearradh praghsanna don tréimhse imscrúdúcháin ar bhonn cineál ar chineál. Léiríodh leis sin go raibh iomaíocht láidir idir tionscal an Aontais agus allmhairí ón Indinéis, agus go raibh formhór na gcineálacha táirgí allmhairithe in iomaíocht le cineálacha comhionanna a dhíol tionscal an Aontais. Agus é á chur san áireamh freisin gur tráchtearraí iad aigéid shailleacha a dhíoltar go príomha ar bhonn praghais, measadh go raibh an brú praghsanna ar mhargadh an Aontais an-láidir. Ní comhartha folláin é gur méadaíodh ar phraghsanna le linn na tréimhse faoi bhreathnú, de réir mar a mhéadaigh costais amhábhar, más

rud é, mar is amhlaidh anseo, go bhfuil na praghsanna méadaithe sin ar leibhéil chun costais a chumhdach agus gan na leibhéil bhrabúis is gá a bhaint amach. Is léir an méid sin ós rud é go raibh fás agus díolacháin thionscal an Aontais marbhánta le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar gheall ar phraghsanna neamhleora, rud a d'fhág nach leor na leibhéil bhrabúsachta. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(305) Mhaígh Wilmar freisin nach raibh forbairt an tsreafa airgid díobhálach agus dúirt sé gur tháinig fadhbanna sreafa airgid ó chustaiméirí thionscal an Aontais a chuir moill ar íocaíocht sonrasc nó ó thionscadail infheistíochta mhóra.

(306) Tá na líomhaintí seo gan bhunús agus tuairimeach. Níor cuireadh aon fhianaise ar fáil chun tacú le ceachtar de na líomhaintí sin. Os a choinne sin, tá staid an tionscail maidir le sreabhadh airgid atá íseal agus atá ag titim comhsheasmhach leis an toradh ar láimhdeachas agus comhsheasmhach le táscairí eile, a cruthaíodh go bunúsach mar gheall ar phraghsanna díola ísle agus leibhéil ísle bhrabúsachta. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh seo.

(307) Mhaígh Wilmar freisin nach raibh forbairt na fostaíochta agus na táirgiúlachta i gcomhghaol leis an treocht ar mhéideanna allmhairí ón Indinéis.

(308) Ar an gcéad dul síos, ba cheart a rá nach gá do gach táscaire díobhála comhghaol díreach le hallmhairí ón Indinéis a léiriú d'fhonn cinneadh foriomlán a dhéanamh maidir le díobháil ábhartha i gcomhthéacs Airteagal 3 den bhun-Rialachán. Chomh maith leis sin, tháinig laghdú ar leibhéil fostaíochta agus ar tháirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus thug an Coimisiún aird leordhóthanach ar na tosca sin sa Roinn 'Conclúid maidir le Díobháil'. Mar sin féin, mar a luaitear in aithris (259) ba iad na hallmhairí dumpáilte ba chúis le héifeachtaí diúltacha ar phraghsanna do thionscal an Aontais ar bhain díobháil ábhartha dóibh toisc nach bhféadfaidís a bpraghsanna a mhéadú go leibhéal a cheadódh leibhéal réasúnta brabús. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh maidir le fostaíocht agus táirgiúlacht.

(309) Chuir Wilmar praghsanna ar mhargadh an Aontais i gcomparáid freisin le praghsanna onnmhairiúcháin thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus thug sé le fios go raibh siad an-chosúil le chéile. Agus é ag glacadh leis gur socraíodh praghsanna onnmhairiúcháin thionscal an Aontais ar leibhéal phraghsanna an mhargaidh dhomhanda, tháinig Wilmar ar an gconclúid nach ndearnadh praghsanna thionscal an Aontais a shochtadh leis na hallmhairí ón Indinéis, ach gur socraíodh iad ar an leibhéal praghsanna domhanda.

(310) Thug an Coimisiún faoi deara nár míníodh ná nár tugadh bunús leis an toimhde gur socraíodh praghsanna onnmhairiúcháin thionscal an Aontais ar leibhéal praghsanna domhanda. Rinne an Coimisiún comparáid dhíreach idir praghsanna díola thionscal an Aontais agus praghsanna díola onnmhairiúcháin Wilmar ar bhonn PCN in aghaidh PCN, agus léirigh sé go ndearna praghsanna Wilmar sladghearradh suntasach ar praghsanna thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(311) Ina mbarúlacha tar éis an nochta deiridh, chuir Musim Mas Group barúlacha agus anailís ar mhéid na n-allmhairí ón Indinéis agus na meánphraghsanna isteach, agus rinne siad comparáidí le meánphraghsanna agus brabúsacht thionscal an Aontais chun a léiriú nach raibh allmhairí ón Indinéis ina gcúis leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(312) Ina ainneoin sin, ós rud é go bhfuil siad bunaithe ar mheánphraghsanna, níl na comparáidí agus na conclúidí ar thángthas orthu chomh cruinn céanna leis na torthaí a rinneadh ar bhonn ríomhanna sladghearrtha sonracha, lena léirítear brú soiléir praghsanna. Ina theannta sin, tugann an bharúil go raibh an bhrabúsacht ar an leibhéal is airde le linn na tréimhse imscrúdúcháin neamhaird ar an bhfíoras go raibh an bhrabúsacht ró-íseal, fiú sa bhliain áirithe seo, chun inmharthanacht an tionscail a áirithiú, mar a mhínítear in aithrisí (266) agus (269). Murab ionann agus an méid a mhaíonn an páirtí sin, léiríonn na himthosca sin go beacht an nasc cúisíoch idir onnmhairí dumpáilte na hIndinéise agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Go deimhin, mar gheall ar an téarnamh beag a rinne tionscal an Aontais mar gheall ar an nganntanas sealadach sin ón Indinéis agus an éiginnteachta faoi onnmhairí na hIndinéise ag teacht isteach ar mhargadh an Aontais, bhíothas in ann aigéad sailleach a cheannach ó tháirgeoirí de chuid an Aontais seachas ó onnmhaireoirí na hIndinéise mar a mhínítear in aithris (266). Dá bhrí sin, diúltaíodh do na barúlacha sin.

(313) Bunaithe ar an méid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndearna allmhairí dumpáilte ón Indinéis díobháil ábhartha do thionscal an Aontais.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(314) Seo a leanas méid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile ar tháinig forbairt orthu le linn na tréimhse faoi bhreathnú, de réir na modheolaíochta ríofa a leagtar amach in aithris (195):

Tábla 11

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdúcháin
An Mhalaeisia	Méid (tona)	88 322	90 583	95 453	88 183
	Innéacs	*100*	*103*	*108*	*100*
	Sciar den mhargadh (%)	7,5	7,5	8,3	7,8
	Innéacs	*100*	*101*	*111*	*105*
	Meánphraghas	1 110	849	925	1 161
	Innéacs	*100*	*76*	*83*	*105*
Tríú tíortha eile	Méid (tona)	39 435	32 899	38 092	40 064
	Innéacs	*100*	*83*	*97*	*102*
	Sciar den mhargadh (%)	3,3	2,7	3,3	3,6
	Innéacs	*100*	*82*	*99*	*107*
	Meánphraghas	1 331	1 522	1 329	1 443
	Innéacs	*100*	*114*	*100*	*108*
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an Indinéis	Méid (tona)	127 757	123 482	133 545	128 247
	Innéacs	*100*	*97*	*105*	*100*
	Sciar den mhargadh (%)	10,8	10,3	11,6	11,4
	Innéacs	*100*	*95*	*107*	*106*
	Meánphraghas	1 178	1 028	1 040	1 249
	Innéacs	*100*	*87*	*88*	*106*

Foinse: Eurostat

(315) Maidir leis na méideanna allmhairiúcháin ón Malaeisia, bhí siad réasúnta cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. I dtéarmaí méideanna, bhí siad ar leibhéal le linn na tréimhse imscrúdúcháin a bhí cosúil leis an leibhéal ar a raibh siad in 2018 ag thart ar 88 000 tona. Bhí an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí seo idir 7,5 % agus 8,3 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú, cé go raibh méadú 5 % ar an sciar den mhargadh ar an iomlán mar gheall ar laghdú ar thomhaltas.

(316) Tháinig allmhairí ón Malaeisia isteach i margadh an Aontais faoi chóid CN 3823 11 00, 3823 12 00 agus 3823 19 10 go príomha. Ba iad sin na príomhchóid a d'úsáid allmhairí na hIndinéise freisin. Tugann an fhaisnéis atá ar fáil le fios gur fhan meascán táirgí na n-allmhairí ón dá thír cobhsaí le linn na tréimhse faoi

bhreathnú. Bhí na meánphraghsanna allmhairiúcháin ón Malaeisia i gcónaí ar leibhéil a bhí níos airde ná meánphraghsanna allmhairiúcháin na hIndinéise (faoi bhreis agus 10 % gach bliain) agus níos airde ná tionscal an Aontais.

(317) Tháinig méadú 2 % ar mhéideanna allmhairiúcháin ó thríú tíortha le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Le linn na tréimhse, d'fhan na hallmhairí sin cobhsaí ag thart ar 40 000 tona agus b'ionann iad agus níos lú ná 4 % i dtéarmaí an sciar den mhargadh.

(318) Rinneadh allmhairí ó thíortha eile faoi chóid CN 3823 11 00, 3823 12 00 agus 3823 19 10 go príomha freisin, rud a thugann meascán táirgí comhchosúil le fios. Bhí na meánphraghsanna allmhairiúcháin ó na tríú tíortha eile sin i gcónaí ar leibhéil a bhí níos airde ná meánphraghsanna allmhairiúcháin na hIndinéise agus níos airde ná praghsanna thionscal an Aontais.

(319) Mhaígh Wilmar go raibh díobháil á déanamh ag praghsanna allmhairiúcháin ón Airgintín do tháirgeoirí an Aontais.

(320) Má chuimhnítear, áfach, go raibh allmhairí den sórt sin diomaibhseach, thart ar 4 000 tona agus 0,4 % den sciar den mhargadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(321) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndearna na hallmhairí ó thríú tíortha díobháil ábhartha do thionscal an Aontais na níor chaolaigh siad an nasc cúisíoch i ndáil leis na hallmhairí ón Indinéis.

5.2.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(322) D'fhorbair méid na n-onnmhairí ó tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a léirítear i dTábla 12. Fuarthas an figiúr sin trí úsáid a bhaint as onnmhairí tháirgeoirí sampláilte an Aontais agus as an bhfigiúr a eachtarshuí ionas gurb é atá san fhigiúr sin tionscal iomlán an Aontais ([42]).

Tábla 12

Feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí sampláilte an Aontais

	2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid onnmhairí (tonaí)	91 577	82 260	79 319	86 173
Innéacs	*100*	*90*	*87*	*94*
Meánphraghas do pháirtithe neamh-chomhlachaithe (EUR/tona)	929	804	857	1 105
Innéacs	*100*	*87*	*92*	*119*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(323) Tháinig laghdú 6 % ar mhéid onnmhairiúcháin thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig méadú 19 % ar phraghsanna díola na n-onnmhairí sin le linn na tréimhse céanna, nuair a chuimhnítear go ndearna an fhorbairt ar chostais a thaispeántar i dTábla 7 difear do na praghsanna sin.

(324) Agus é á chur san áireamh nár léiríodh leis na méideanna onnmhairiúcháin ach thart ar 10 % de mhéid na ndíolacháin san Aontas agus go raibh treocht mhéid na ndíolachán agus na praghsanna cosúil leo siúd a chonacthas le haghaidh dhíolacháin thionscal an Aontais ar shaormhargadh an Aontais, is léir nach príomhghné den mheasúnú foriomlán ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais é feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais.

(325) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndearna feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais díobháil ábhartha do thionscal an Aontais ná nach raibh sé in ann an nasc cúisíoch i ndáil le hallmhairí na hIndinéise a chaolú.

5.2.3. *Tomhaltas*

(326) Thit tomhaltas faoi 5 % i saormhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a thaispeántar i dTábla 1. Nuair a chuirtear úsáid faoi chuing san áireamh freisin, thit margadh iomlán an Aontais faoi 5 % freisin. Léirigh an t-imscrúdú gur mar gheall ar thosca a bhaineann le paindéim COVID-19 agus a tionchar ar earnálacha úsáideoirí san Aontas, amhail cúram baile, mar a luaitear in aithris (191), ba chúis leis an laghdú ar thomhaltas den chuid is mó.

(327) D'áitigh Wilmar agus P&G go raibh baint ag forbairtí san earnáil mhótarfheithiclí le linn phaindéim COVID-19 ar an titim ar thomhaltas i gcomhpháirt. Anuas air sin, mhaígh siad go raibh tionchar ag teacht i bhfeidhm reachtaíochta a bhaineann le leibhéil uasta le haghaidh 3-monachlóraprópáindé-ól (3-MCPD) ar dhíolacháin san earnáil bhia.

([42]) Is é atá thart ar 60 % de tháirgeacht agus de dhíolacháin an Aontais ag táirgeoirí sampláilte an Aontais.

(328) Shuigh an Coimisiún nach raibh an laghdú sealadach ar thomhaltas le linn phaindéim COVID-19 in ann an díobháil ábhartha do thionscal an Aontais a mhíniú. Ní raibh ról lárnach ag na forbairtí sna hearnálacha mótarfheithiclí agus bia i bhforbairt fhoriomlán an tomhaltais, a raibh a laghdú teoranta do 5 %. Taispeánadh leis an anailís díobhála gur bhain an díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le saincheisteanna praghsanna, amhail sladghearradh agus smachtú praghsanna, rud a chuir cosc ar an Aontas praghsanna a mhéadú i gcomhréir le costais go leibhéal de bhrabúis leordhóthanacha.

(329) Thaispeáin an t-imscrúdú go raibh caillteanais thionscal an Aontais, i dtéarmaí táirgeachta agus mhéid na ndíolachán, níos mó ná an titim ar thomhaltas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Go deimhin, d'ainneoin an tomhaltais laghdaithe, ba iad na hallmhairí dumpáilte ón Indinéis príomhthairbhí na bhforbairtí margaidh, allmhairí a mhéadaigh a sciar den mhargadh faoi 19 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mar a thaispeántar thuas i dTábla 2.

(330) Bunaithe ar an méid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh é an fhorbairt ar thomhaltas ba chúis leis an díobháil ábhartha do thionscal an Aontais.

5.2.4. *Fadhbanna leis an amhábhar*

(331) Is iad na príomh-amhábhair den táirge faoi imscrúdú geir, ábhar a dhíorthaítear ó shaill ainmhíoch agus/nó olaí plandúla amhail CPO. Is ionann iad seo agus thart ar 70 % de na costais iomlána le haghaidh tháirgeadh na n-aigéad sailleach.

(332) D'úsáid táirgeoirí an Aontais geir mar bhunábhar mór, ach úsáideann siad cainníochtaí móra ola glasraí freisin, lena n-áirítear CPO, a fuarthas ón Aontas nó ón Áise Thoir Theas, lena n-áirítear an Indinéis. Tá geir le fáil go háitiúil agus tá sé oiriúnach do tháirgeadh fhormhór na ranna úsáideoirí d'aigéid shailleacha. D'úsáid na táirgeoirí onnmhairiúcháin san Indinéis amhola pailme, amhola eithne pailme agus méideanna beaga d'olaí glasraí eile, amhail ola chnó cócó, a bhí ar fáil go háitiúil sa táirgeadh. Thaispeáin an t-imscrúdú i dtéarmaí ginearálta go mbraitheann cáilíocht agus sonraíocht an aigéid shailligh ar an ionchur amhábhair, cé go raibh idirmhalartacht mhór ann idir geir agus táirgí bunaithe ar amhola pailme. Anuas air sin, is féidir na táirgí a mhonaraítear a scagadh tuilleadh nó is féidir iad a fhorbairt ina dtáirgí ag a bhfuil saintréithe éagsúla le hidriginiúchán agus codánúchán chun riachtanais áirithe custaiméirí a shásamh.

(333) Mhaígh Wilmar agus P &G i dtaca le spleáchas thionscal an Aontais ar gheir seachas ar CPO go raibh tionchar diúltach aige sin ar a gcostais agus ar a mbrabúsacht. Mhaígh sé gur mhéadaigh forbairtí i margadh geire an Aontais an iomaíocht i ndáil le geir agus gur mhéadaigh sé praghsanna na geire. D'áitigh Greven Group go raibh drochthionchar ag úsáid mhéadaithe saill ainmhíoch leáite chun bithbhreoslaí a tháirgeadh ar infhaighteacht na geire i gcás an tionscail oilécheimicigh agus gur lean méaduithe móra ar phraghsanna an ganntanas.

(334) Thug an Coimisiún faoi deara gurbh é ba chúis leis an díobháil praghsanna ísle allmhairí na hIndinéise. Fiú más rud é go bhfuil na praghsanna ísle sin ann mar gheall ar an deis teacht ar amhábhar ar phraghsanna saora a fháil ([43]), ní bhaineann sé le hábhar ar mhaithe leis an anailís ar an díobháil, ós rud é go bhfuil sé suite san imscrúdú go bhfuil na honnmhaireoirí Indinéiseacha i mbun dumpála.

(335) Ina theannta sin, thug an Coimisiún faoi deara gur léir ó chostais amhábhair thionscal an Aontais gur mhéadaigh na costais le haghaidh geire agus amhola pailme faoi suas le 40 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Anuas air sin, bhí meánphraghsanna ceannaigh geire agus amhola pailme an-chosúil lena chéile, toisc nár mhór amhola pailme a allmhairiú ón Áise Thoir Theas. Tháinig méadú ar na costais iompair le haghaidh táirgí allmhairithe, go háirithe le linn na paindéime nuair a bhí tionchar ag fadhbanna soláthair ar chostais lóistíochta. Maidir le húsáid geire thionscal an Aontais (anuas ar mheascán de chineálacha eile amhábhar), ba rogha stuama éifeachtúil é a bhí bunaithe ar loighic ghnó réasúnta, dá bhrí sin, agus níorbh fhéidir é a bhreithniú mar fhoinse díobhála a rinne sé féin. Diúltaíodh don mhaíomh, dá bhrí sin.

(336) Mhaígh Wilmar freisin go raibh srian ar úsáidí an táirge faoi imscrúdú dá n-úsáidfí geir mar amhábhar, toisc nárbh fhéidir táirgí den sórt sin a úsáid sna margaí halal agus kosher. Anuas air sin, níorbh fhéidir aigéid shailleacha arna dtáirgeadh ó gheir mar bhunábhar a úsáid le haghaidh beatha ainmhithe.

(337) Nocht an t-imscrúdú, áfach, gurbh é an earnáil tís a cheannaigh an méid ba mhó d'aigéid shailleacha, arbh ionann e agus breis agus 50 % de thomhaltas an Aontais. Ina theannta sin, bhí táirgeoirí de chuid an Aontais in ann comhlíonadh ceanglas amhail kosher agus halal a áirithiú trí chuid dá saoráidí táirgthe a thiomnú chun aigéid shailleacha le holaí glasraí a tháirgeadh go heisiach mar bhunábhar. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(338) Mhaígh Wilmar chomh maith go raibh srian ar tháirgeadh agus díolacháin thionscal an Aontais toisc nach raibh geir ar fáil.

([43]) Tugann an Coimisiún dá aire freisin gurb é saobhadh eacnamaíoch i margadh na hIndinéise is cúis le praghas íseal na n-amhábhar. Féach aithrisí (392) go (400).

(339) Níor chuir Wilmar aon fhianaise ar fáil chun bunús a thabhairt lena bpointe sa leagan neamhrúnda dá aighneacht. Go deimhin, léirigh an fhianaise rúnda a cuireadh isteach méadú ar an sciar den tomhaltas geire i dtáirgeadh aigéid shailligh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(340) Nuair a chuimhnítear go raibh na praghsanna ar bhunábhar geire agus ola glasraí inchomparáide, go háirithe le linn na tréimhse imscrúdúcháin, an idirmhalartacht mhór i gcás táirgí geire agus táirgí de bhunús amhola pailme, agus cineál teoranta na srianta maidir le húsáid aigéad sailleach de bhunús geire, shuigh an Coimisiún nárbh é úsáid na geire mar bhunábhar ba chúis leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

(341) Sna barúlacha a thug siad tar éis an nochta deiridh, rinne an Greven Group, Wilmar, Musim Mas Group agus Schill + Seilacher Group trácht ar shaincheisteanna a bhaineann le forbairtí i gcostas geire mar bhunábhar, mar gheall ar an úsáid mhéadaithe a bhain le tionscail eile, agus a laghad a bhíothas in ann teacht ar amhábhar do thionscal an Aontais. Ba é an príomhphointe a rinne na páirtithe sin nár thug an Coimisiún go leor tábhachta, sa nochtadh deiridh, don tionchar a bhí ag an meath ar infhaighteacht geire, rud a d'fhág go raibh méadú ar chostais gheire i gcomparáid le hola pailme mar bhunábhar le haghaidh táirgeadh aigéid shailligh. Chun tacú lena thuairimí, chuir Greven Group staitisticí agus anailísí isteach ina léirítear éabhlóid an ghaoil idir praghsanna ola pailme agus praghsanna ola pailme le linn na tréimhse ó 2008 go 2022. Thairis sin, d'áitigh Greven Group go leanfadh praghsanna geire de bheith ag méadú amach anseo agus nach ndearna tionscal an Aontais na hinfheistíochtaí suntasacha ba ghá chun go bhféadfaí a dtáirgeacht a aistriú go CPO mar phríomh-bhunábhar.

(342) Ní dhíospóideann an Coimisiún go bhfuil laghdú tagtha ar infhaighteacht geire san Aontas thar na blianta, go bhfuil méadú tagtha ar phraghsanna geire mar thoradh air sin, nó go bhfuil athrú stairiúil tagtha ar iomaíochas praghsanna geire i gcomparáid le praghsanna bunábhair ola glasraí. Mar atá i ngach tionscal, ní mór méaduithe ar phraghsanna amhábhar, go háirithe i gcás tionscail a dhéanann brabúis ísle, a chur ar aghaidh chuig custaiméirí ag céim éigin, ionas go mbeidh siad fós inmharthana. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí méaduithe thart ar 40 % ar chostais amhábhar ag tionscal an Aontais d'ola pailme agus geire araon. Ní raibh tionscal an Aontais in ann praghsanna aigéid shailligh a mhéadú go leordhóthanach chun na méaduithe costais sin a léiriú agus chun leibhéil leordhóthanacha bhrabúsachta a bhaint amach, agus is é atá sna costais amhábhar thart ar 70 % de na costais iomlána. Chomh maith leis sin, bhí na costais gheire cosúil le costais CPO (lenar áiríodh costais lóistíochta) le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bunaithe ar shonraí costais fíoraithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas. Mar gheall ar an mbrú praghsanna ar an táirge comhchosúil de bharr praghsanna allmhairí dumpáilte ón Indinéis, is é sin an fáth nach raibh praghsanna amhábhar curtha ar aghaidh go leordhóthanach do chustaiméirí. I gcás ar bith, mar a phléitear thuas, bhí praghsanna ionchuir CPO agus geire (lena n-áirítear costais iompair) an-chosúil le chéile do tháirgeoirí aigéid shailligh de chuid an Aontais.

(343) A mhéid a bhaineann le cumas táirgeoirí an Aontais a dtáirgeacht a aistriú ó chineál amháin bunábhair go cineál eile bunábhair, luaigh an Coimisiún go mbaineann gach ceann de na ceithre tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais úsáid cheana as cineálacha éagsúla bunábhair, lena n-áirítear geir agus ola phailme, agus dálaí an mhargaidh á gcur san áireamh. I gcás ar bith, aon choinne le forbairtí sa mhargadh amach anseo, amhail forbairtí ar phraghsanna geire, níl sé ábhartha don mheasúnú ar dhíobháil agus cúisíocht le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(344) Dá bhrí sin, tháinig méadú ar phraghsanna díola an Aontais mar gheall ar an méadú ar na hamhábhair; mar sin féin, níorbh fhéidir le tionscal an Aontais a phraghsanna féin a shocrú ar leibhéal réasúnta mar gheall ar na hallmhairí dumpáilte ar phraghas íseal. Dá bhrí sin, ní féidir an maíomh seo a ghlacadh.

5.2.5. *Neamhéifeachtúlachtaí líomhainte thionscal an Aontais*

(345) D'áitigh Wilmar agus P&G go raibh onnmhaireoirí na hIndinéise comhtháite go hingearach a mhéid a raibh plandálacha ola pailme faoina n-úinéireacht agus, dá bhrí sin, bhí buntáistí iomaíocha acu ar thionscal an Aontais a bhí neamhéifeachtúil.

(346) Measann an Coimisiún nach féidir le haon bhuntáiste iomaíoch líomhainte údar cuí a thabhairt don dumpáil dhíobhálach arna cleachtadh ag onnmhaireoirí na hIndinéise ar mhargadh an Aontais. Mar a mhínítear sa roinn 'Dumpáil' thuas, chuir an Coimisiún an praghas a bhí á ghearradh ag na honnmhaireoirí lena mbaineann le custaiméirí bunaithe san Aontas i gcomparáid leis an ngnáthluach san Indinéis agus fuair sé go raibh dumpáil shuntasach ann. Ciallaíonn sé sin go bhfuil an dumpáil a fuarthas faoi choinníoll iompraíocht thráchtála tháirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndinéise amháin a chinn na táirgí a onnmhairiú ar phraghsanna a bhí faoi bhun a bpraghsanna nó a gcostas díolacháin intíre. Léirigh an t-imscrúdú go ndearna an iompraíocht sin díobháil ábhartha do thionscal an Aontais.

(347) Mhaígh Wilmar chomh maith go raibh easpa infheistíochta ag tionscal an Aontais, rud a mhíneodh an díobháil a fuarthas.

(348) Mar a luaitear thuas, rinne tionscal an Aontais infheistíochtaí ar acmhainneacht a bhí ann cheana a choinneáil ar bun agus ar éifeachtúlacht a fheabhsú go príomha. Thángthas ar an gconclúid leis an imscrúdú go raibh leibhéil infheistíochta srianta ann de bharr na leibhéil brabúsachta neamhleora agus de bharr an chumais laghdaithe caipiteal a thiomsú de bharr na n-allmhairí dumpáilte. Dá réir sin, níorbh é an easpa infheistíochtaí ba chúis leis ach iarmhairt na díobhála ábhartha arna déanamh ag na hallmhairí dumpáilte ón Indinéis. Bhí tionchar diúltach ag líon ollmhór na n-allmhairí dumpáilte i margadh an Aontais ar bhrabúsacht thionscal an Aontais chomh maith lena chumas caipiteal a thiomsú agus níorbh fhéidir le hinfheistíochtaí struchtúracha áirithe dul ar aghaidh mar a bhí beartaithe, le linn na tréimhse imscrúdúcháin go háirithe.

(349) Mhaígh Wilmar gur allmhairigh táirgeoirí áirithe de chuid an Aontais, lena n-áirítear KLK, aigéid shailleacha ón Indinéis le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mhaígh Wilmar gur gcaithfear a mheas go ndearna tionscal an Aontais aon díobháil a bhí ann, go páirteach ar a laghad.

(350) Thaispeáin an t-imscrúdú go raibh ceannacháin na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas, lena n-áirítear KLK, ón Indinéis diomaibhseach, is é sin níos lú ná 3 % dá méideanna táirgeachta in aghaidh na bliana agus le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(351) Mhaígh Wilmar chomh maith go raibh tionscal an Aontais suite i drochshuíomh geografach, mar atá suíomhanna nach raibh rochtain ar shaoráidí calafoirt domhainmhara chun na hamhábhair a fháil agus na hearraí críochnaithe a dhíol.

(352) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin toisc gur léiríodh san imscrúdú go raibh ar a laghad gach ceann de na ceithre tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais, mar a luaitear in aithris (36), a raibh 61 % de tháirgeacht an Aontais acu, in ann rochtain a fháil ar shaoráidí domhainmhara nó calafoirt abhann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, cé gurbh fhéidir nach raibh rochtain ag na táirgeoirí is lú de chuid an Aontais ar shaoráidí calafoirt domhainmhara, níl sé i gceart maidir leis tionscal an Aontais ina iomláine agus, dá bhrí sin, ní mhíneodh sé an díobháil ábhartha.

(353) Mhaígh Wilmar chomh maith gur cruthaíodh tuilleadh neamhéifeachtúlachta laistigh de thionscal an Aontais nuair a fuair KLK Group an suíomh in Dusseldorf. Tá an maíomh seo bunaithe ar an bhfíoras go n-úsáideann an suíomh sin geir mar bhunábhar.

(354) Mar sin féin, mar a luaitear in aithrisí (331) go (340), tá praghas geire cosúil le praghas bunábhair eile agus tá geir oiriúnach go teicniúil chun formhór na ndeighleog úsáideoirí a tháirgeadh. Dá bhrí sin, measadh nach raibh bunús leis an maíomh sin.

(355) Mhaígh P&G agus Wilmar go raibh tionscal an Aontais neamhéifeachtúil agus gur fhostaigh sé líon mór oibrithe agus go raibh costais arda fostaíochta air dá réir sin.

(356) Nuair a chuimhnítear nár léiríodh ach 7,2 % de chostais iomlána na tréimhse faoi bhreathnú le costais fostaíochta thionscal an Aontais (tuarastal móide costais eile a bhaineann le cúrsaí fostaíochta), measadh nárbh fhéidir leis an gcostas sin díobháil ábhartha a dhéanamh do thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(357) Mhaígh Wilmar go raibh tionscal an Aontais neamhéifeachtúil i dtéarmaí amanna soláthair a bhaint amach agus soláthair cainníochtaí ábhartha arna n-éileamh ag margadh an Aontais a áirithiú. Níor cuireadh aon fhianaise leis an maíomh sin.

(358) Mar sin féin, is léir ó Thábla 4 thuas go bhfuil breis agus 200 000 tona d'acmhainneacht bhreise ag tionscal an Aontais, acmhainneacht bhreise arbh fhéidir leis a úsáid láithreach dá bhfaighfí orduithe leordhóthanacha. In éagmais aon fhianaise nach raibh tionscal an Aontais in ann soláthar a chur ar fáil, nó toilteanach soláthar a chur ar fáil, diúltaigh don mhaíomh.

(359) Bunaithe ar na fíorais agus na saincheisteanna thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár leor aon fhadhb líomhainte maidir le héifeachtúlacht agus amhábhar chun díobháil ábhartha a dhéanamh do thionscal an Aontais nó aon nasc cúisíoch i ndáil le hallmhairí na hIndinéise a chaolú.

(360) Sna barúlacha a thug siad tar éis an nochta deiridh, mhaígh Wilmar gurbh é ba chúis leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais méaduithe ar chostais lóistíochta a d'eascair as paindéim COVID-19 agus costais saothair. Maíodh nach raibh tionscal an Aontais iomaíoch de dheasca na bhfadhbanna sin nach ionann agus táirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndinéise.

(361) Is cuid bheag den chostas iomlán iad na costais lóistíochta (faoi bhun 5 %). Chomh maith leis sin, níor mhéadaigh costais saothair in aghaidh an fhostaí ach 8 % thar na 4 bliana den tréimhse faoi bhreathnú i gcomhréir leis an gcaibidlíocht le ceardchumainn agus le riaracháin náisiúnta. Ní raibh sna costais saothair ach thart ar 7,2 % de na costais iomlána. Dá bhrí sin, diúltaíonn an Coimisiún don mhaíomh go ndearnadh díobháil de bharr méadú ar chostais lóistíochta agus saothair.

(362) Mhaígh Wilmar freisin gurbh iad na méaduithe ar chostais SGA agus ar chostais airgeadais ba chúis leis na díolacháin neamhbhrabúsacha in 2019 agus 2020.

(363) Rinneadh an maíomh sin, áfach, mar gheall ar mhíthuiscint Wilmar faoi Thábla 7 maidir le costais táirgthe. Sa tábla sin, ciallaíonn na téarmaí "costais táirgeachta" costais iomlána tháirgeoirí an Aontais, lena n-áirítear costais SGA agus costais airgeadais. Go deimhin, bhí costais SGA agus costais airgeadais réasúnta cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh go ndearnadh díobháil de dheasca méadú ar chostais lóistíochta agus saothair.

(364) Sna barúlacha a thug siad tar éis an nochta dheiridh, cheistigh Greven Group go raibh a ndóthain acmhainneachta ag táirgeoirí de chuid an Aontais chun na hallmhairí ón Indinéis a ionadú, cé go bhféadfadh sé, go teoiriciúil, go gcumhdófaí sciar 20 % den mhargadh le hacmhainneacht spártha 20 % de thionscal an Aontais. Chun tacú leis an maíomh sin, chuir Greven Group sonraí ar fáil a léiríonn go bhfuil úsáid acmhainneachta thionscal an Aontais le haghaidh aigéad sailleach (80 %) ar an meán fadtéarmach cheana atá ag tionscal leathan ceimiceán an Aontais. I bhfianaise an mhéid sin, d'áitigh Greven Group nach raibh úsáid acmhainneachta 100 % inbhuanaithe, ná nach bhféadfaí í a bhaint amach thar thréimhse fhada. Thairis sin, thagair Greven Group dá éileamh féin, rud nach bhféadfadh táirgeoirí de chuid an Aontais a shásamh ó 2020 amach, mar gheall ar acmhainneacht neamhleor, nó soláthar neamhleor amhábhar. Go háirithe i gcás na n-earnálacha cógaisíochta, beatha agus bia, mhaígh Greven Group nach raibh acmhainneacht táirgeachta leordhóthanach ag táirgeoirí de chuid an Aontais, ós rud é nach bhféadfaí aigéid shailleacha le haghaidh na n-earnálacha sin a tháirgeadh ach amháin ó ábhar glasraí nó ábhar atá bunaithe ar phailmeacha agus nach mór dóibh a bheith deimhnithe ó thaobh mhaischothromaíocht RSPO (Cruinniú Comhchéime ar Ola Pailme Inbhuanaithe), kosher agus halal de.

(365) Mheabhraigh an Coimisiún gur ríomhadh acmhainneacht táirgeachta an Aontais maidir le haigéad sailleach ar bhonn uastáirgeachta a d'fhéadfaí a bhaint amach san fhadtéarma, agus cothabháil á cur san áireamh. Dá bhrí sin, ós rud é go bhfuil meánúsáid fhadtéarmach acmhainneachta 80 % atá ag tionscal leathan na gceimiceán, ní chaitear amhras ar chumas thionscal an Aontais le haghaidh aigéad sailleach a acmhainneacht spártha a úsáid go hiomlán arna ríomh ag an gCoimisiún sa chás seo. Thairis sin, níor chuir Greven Group fianaise ar fáil gur mar gheall ar thosca córasacha seachas ar thosca imthoisceacha a líomhnaíodh nach raibh tionscal an Aontais in ann freastal ar a éileamh féin agus go mbeadh na tosca sin ann go fóill san fhadtéarma. Maidir le haigéid shailleacha le haghaidh na n-earnálacha cógaisíochta, beatha agus bia, bhí an Coimisiún den tuairim, trí bhrabúsacht a athbhunú, go bhféadfadh agus go spreagfadh cothrom iomaíochta i margadh an Aontais le haghaidh aigéad sailleach tionscal an Aontais le tabhairt faoi aon infheistíocht is gá chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí acmhainneachta a bhaineann le táirgí sonracha. I bhfianaise an mhéid thuas, diúltaíodh do na hargóintí sin.

5.2.6. *Úsáid faoi chuing*

(366) Tháinig méadú 2 % ar úsáid faoi chuing i ndearbhthéarmaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus cuimsíodh leis thart ar 10 % de thomhaltas iomlán an mhargaidh i ngach bliain sa tréimhse faoi bhreathnú mar a luaitear i dTábla 5. Mheas an Coimisiún, dá bhrí sin, go raibh forbairtí ar úsáid faoi chuing cobhsaí nó beagnach dearfach do thionscal an Aontais.

(367) Dá bhrí sin, níorbh fhéidir leis an bhforbairt ar úsáid faoi chuing an díobháil ábhartha do thionscal an Aontais a spreagadh ná níorbh fhéidir leis an nasc cúisíoch i ndáil le hallmhairí na hIndinéise a chaolú.

5.3. **An chonclúid ar chúisíocht**

(368) Bhí 15 tháirgeoir d'aigéid shailleacha san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus dhíol siad táirgí le réimse leathan custaiméirí in go leor earnálacha úsáideoirí. Léiríodh san imscrúdú, toisc gurbh ann d'allmhairí dumpáilte ón Indinéis ar phraghsanna ísle, go ndearna sin na praghsanna i margadh an Aontais a shochtadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Chiallaigh sé sin nach raibh leibhéal praghsanna thionscal an Aontais in ann dul in iomaíocht leis na méaduithe ar phraghas an amhábhair le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú. Dá dheasca sin, bhí brabúsacht dhíolacháin thionscal an Aontais íseal, nó diúltach fiú, le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tá brabúsacht den sórt sin faoi bhun na mbrabús ar cheart don tionscal a fháil faoi ghnáthdhálaí iomaíochta agus is léir nach bhfuil sí leordhóthanach chun marthanas fadtéarmach an tionscail a áirithiú. B'éigean do thionscal an Aontais infheistíocht a dhéanamh chun saoráidí a bhí ann cheana a choinneáil ar bun ach chuir an cumas laghdaithe caipiteal a thiomsú na leibhéil infheistíochta i mbaol.

(369) Bhí cainníochtaí suntasacha d'allmhairí dumpáilte ar phraghsanna ísle ón Indinéis le fáil ar shaormhargadh an Aontais. Cé gur chaolaigh an margadh sin faoi 5 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 13 % ar mhéid na n-allmhairí ón Indinéis agus tháinig méadú 18 % ar an sciar den mhargadh. Mar thoradh air sin, bhí thart ar dhá thrian de na hallmhairí uile chuig margadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gceist leo. Thaispeáin an t-imscrúdú chomh maith go raibh iarmhairtí diúltacha ag an dul i bhfód seo ar an margadh ar thionscal an Aontais, ar tháirgeacht agus méid na ndíolachán go háirithe, a laghdaigh faoi 7 % agus 10 % faoi seach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Taispeántar é seo i dTáblaí 4 agus 5.

(370) Is iad na fachtóirí eile a scrúdaíodh allmhairí ó fhoinsí eile, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, forbairtí ar úsáid faoi chuing, forbairtí ar thomhaltas agus neamhéifeachtúlacht líomhainte thionscal an Aontais.

(371) Dá bhrí sin, tá idirdhealú déanta ag an gCoimisiún maidir le héifeachtaí na dtosca aitheanta uile a dhéanann difear do staid thionscal an Aontais ó éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte, agus tá éifeachtaí na dtosca sin scartha aige. Ní bhfuarthas go raibh tionchar leordhóthanach ag aon cheann de na fachtóirí, ar leithligh ná i dteannta a chéile, ar staid thionscail an Aontas chun an chonclúid go ndearna allmhairí na hIndinéise díobháil ábhartha a cheistiú.

(372) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndearna allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. Cuimsíonn an díobháil sochtadh praghsanna, agus brabúsacht, toradh ar infheistíochtaí agus sreabhadh airgead neamhleor, caillteanas ar an sciar den mhargadh, agus titim ar tháirgeacht, ar tháirgiúlacht, ar mhéid na ndíolachán agus ar an bhfostaíocht.

6. LEIBHÉAL NA mBEART

(373) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais de bharr allmhairí dumpáilte a bhaint.

(374) Mhaígh an gearánach gurbh ann do shaobhadh amhábhar de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, chun an measúnú a dhéanamh ar an leibhéal beart iomchuí, shuigh an Coimisiún ar dtús an méid dleachta ba ghá chun go ndíothófar an díobháil a bhain do thionscal an Aontais in éagmais saobhadh faoi Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Scrúdaigh sé ansin an mbeadh corrlach dumpála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte níos airde ná a gcorrlach díobhála (féach Roinn 6.2 thíos).

6.1. Corrlach gearrdhíola

(375) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a fháil trí dhíol ar spriocphraghas de bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(376) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shuí, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír atá faoi imscrúdú, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeifí ag súil léi faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart corrlach brabúis den sórt sin a bheith níos ísle ná 6 %.

(377) Cuireadh faisnéis maidir le bunú an ghnáthbhrabúis san áireamh sna ceistneoirí a seoladh chuig táirgeoirí sampláilte an Aontais. Áiríodh leis sin brabúsacht an táirge chomhchosúil sna 10 mbliana roimh an tréimhse imscrúdúcháin. Ní raibh táirgeoirí an Aontais in ann sonraí iomlána a sholáthar áfach, mar gheall ar athruithe ar chórais chuntasaíochta agus athruithe eagraíochta. Anuas air sin, bhí brabúsacht an táirge chomhchosúil le linn na tréimhse faoi bhreathnú níos ísle ná 6 % mar a thaispeántar i dTábla 10.

(378) Mhaígh táirgeoirí sampláilte áirithe de chuid an Aontais go mbeadh an leibhéal infheistíochtaí, taighde agus forbartha agus an nuálaíocht le linn na tréimhse faoi bhreathnú níos airde faoi ghnáthchoinníollacha iomaíochta.

(379) Ní raibh na táirgeoirí in ann an maíomh sin a thomhas, áfach. Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid gur cheart an spriocbhrabús a shocrú ag 6 % i gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán.

(380) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais a bheidh ann amach anseo a eascróidh as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, agus as Coinbhinsiúin EIS a liostaítear in Iarscríbhinn Ia den bhun-Rialachán, na costais a thabhóidh tionscal an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2). Shuigh an Coimisiún costas breise de 0,1 % a cuireadh leis an bpraghas neamhdhíobhálacha. Tá nóta a ghabhann leis an gcomhad faoin gcaoi ar shuigh an Coimisiún an costas breise sin ar fáil sa chomhad lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara.

(381) Is éard a bhí sna costais sin na costais bhreise a bheidh ann amach anseo chun comhlíonadh Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (CTA AE) a áirithiú. Is bunchloch é Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais i ndáil le beartas an Aontais chun cloí le Comhaontuithe Iltaobhacha maidir leis an gComhshaol. Ríomhadh na costais bhreise sin ar bhonn meán-lamháltais mheasta bhreise an Aontais a chaithfear a cheannach le linn thréimhse chur i bhfeidhm na mbeart (2022 go 2026). Úsáideadh lamháltais an Aontais sa ríomh glan ar liúntais infhála saor in aisce agus rinneadh iad a choigeartú chun a áirithiú gur leis an táirge faoi imscrúdú amháin a bhain siad. Rinneadh costais lamháltais an Aontais a eachtarshuí chun an éagsúlacht praghsanna a rabhthas ag súil léi le linn shaolré na mbeart a chur san áireamh. Asbhaint Bloomberg dar dáta an 23 Meitheamh 2022 is foinse do na praghsanna tuartha seo. Is é EUR 98,1 in aghaidh an tona CO_2 a astaítear an meánphraghas tuartha le haghaidh lamháltas an Aontais (lena n-áirítear Bloomberg New Energy Finance) don tréimhse sin.

(382) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhála an táirge chomhchosúil le haghaidh thionscal an Aontais tríd an gcorrlach brabúis a luaitear in aithris (378) a chur le costas táirgthe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus ansin na coigeartuithe faoi Airteagal 7(2d) a chur leis ar bhonn cineál ar chineál.

(383) Chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh ghearrdhíola agus comparáid á déanamh idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí comhoibríocha onnmhairiúcháin san Indinéis, faoi mar atá leagtha síos do na praghsanna a dhéanann na ríomhanna a shladghearradh, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhála an táirge chomhchosúil arna dhíol ag táirgeoirí sampláilte an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Rinneadh aon difríocht a d'eascair as an gcomparáid sin a shloinneadh mar chéatadán den mheánluach allmhairiúcháin ualaithe maidir le CAL.

(384) I bhfianaise na n-athbhreithnithe ar chostais SGA WETBV mar a luaitear in aithrisí (161) agus (162), rinne an Coimisiún athbhreithniú freisin ar ríomh CAL dá réir.

(385) I gcás cuideachtaí comhoibríocha eile nach bhfuil sa sampla, d'úsáid an Coimisiún meánchorrlaigh ualaithe an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte.

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach	Corrlach gearrdhíola
P.T. Musim Mas	46,4 %	30,5 %
P.T. Wilmar Nabati Indonesia	15,2 %	38,7 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	26,6 %	35,9 %

(386) Sna barúlacha a thug siad tar éis an nochta deiridh, mhaígh Wilmar nár cheart a chorrlach díobhála a choigeartú le haghaidh costais SGA agus brabús i leith díolachán trí WET B.V. toisc go ndearnadh an chomparáid sin ar leibhéal difriúil trádála le praghsanna an Aontais.

(387) Mar sin féin, luaigh an Coimisiún nach raibh san áireamh sa phraghas neamhdhíobhálach ar tháirge comhchosúil thionscal an Aontais ach costas táirgthe tháirgeoirí sampláilte an Aontais agus nár áiríodh ann aon díolachán SGA ó eintitis díola chomhlachaithe ós rud é gur go díreach le tomhaltóirí a rinneadh gach díolachán ag an táirgeoir sampláilte ón Aontas (féach aithris (209)). Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nach bhfuil aon leibhéal éagothroime trádála ann. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh seo.

6.2. **Scrúdú ar an gcorrlach leordhóthanach chun an díobháil a bhain do thionscal an Aontais a bhaint**

(388) Sholáthair an gearánach fianaise leordhóthanach sa ghearán gurbh ann do shaobhadh amhábhar de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán sa tSín i ndáil leis an táirge lena mbaineann. De réir na fianaise sa ghearán, bíonn amhola pailme agus amhola eithne pailme, arb é breis agus 70 % de chostas táirgthe an táirge lena mbaineann, faoi réir cáin onnmhairiúcháin, tobhach onnmhairí agus socrú praghais intíre uasta san Indinéis.

(389) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur ghá a mheas an bhfuil saobhadh ann maidir leis an táirge faoi imscrúdú de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, rud a d'fhágfadh go mbeadh dleacht níos ísle ná an corrlach dumpála neamhleor chun an díobháil de dheasca allmhairí dumpáilte an táirge faoi imscrúdú a bhaint maidir leis an onnmhaireoir, Musim Mas, amháin toisc go raibh an corrlach dumpála níos ísle ná an corrlach díobhála i gcás Wilmar.

(390) Shainaithin an Coimisiún na príomh-amhábhair a d'úsáid Musim Mas chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh. Measadh gur príomh-amhábhair iad na hamhábhair sin ar dócha gurbh ionann iad agus 17 % ar a laghad de chostas táirgthe an táirge lena mbaineann. Shuigh an Coimisiún gur úsáid Musim Mas amhola pailme agus amhola eithne pailme chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh. B'ionann an amhola pailme agus breis agus 30 % den chostas iomlán monaraíochta, agus b'ionann amhola eithne pailme agus breis agus 40 % de.

(391) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin lena shuí cé acu a saobhadh nó nár saobhadh aon cheann de na príomh-amhábhair a úsáideadh chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh mar gheall ar aon cheann de na bearta a liostaítear in Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán: scéimeanna déphraghsála, cánacha onnmhairiúcháin,

forchánacha onnmhairiúcháin, cuóta onnmhairiúcháin; toirmeasc onnmhairiúcháin, cáin fhioscach ar onnmhairí, ceanglais cheadúnúcháin, praghas onnmhairiúcháin íosta, aisíocaíocht chánach breisluacha (CBL) a laghdú nó a aistarraingt, srian ar phointe imréitigh custaim le haghaidh onnmhaireoirí, liosta d'onnmhaireoirí cáilithe, oibleagáid an mhargadh intíre, mianadóireacht faoi chuing. Chun na críche seo, bhrath an Coimisiún ar reachtaíocht ábhartha na hIndinéise.

(392) Nocht an t-imscrúdú seo go raibh amhola pailme agus amhola eithne pailme faoi réir cáin onnmhairiúcháin agus tobhach onnmhairiúcháin. Is éard atá sa cháin onnmhairiúcháin sceideal taraifí comhleanúnacha maidir le CPO agus CPKO (Foraithne Uimh. 166/PMK.010/2020 ([44])). Ina theannta sin, bhí tobhach onnmhairiúcháin comhleanúnacha ann freisin maidir le CPO agus CPKO (Foraithne Uimh. 57/PMK.05/2020 ([45]) arna leasú le Foraithne Uimh. 76/PMN.05/2021 ([46])).

(393) Shuigh an Coimisiún gur bhain Musim Mas tairbhe as an gcáin onnmhairiúcháin agus an tobhach onnmhairiúcháin.

(394) Chuir an Coimisiún praghas intíre amhola pailme agus amhola eithne pailme i gcomparáid le tagarmharc idirnáisiúnta.

(395) Maidir leis an bpraghas intíre do CPO agus CPKO, nochtadh san imscrúdú go n-eagraíonn an chuideachta Stáit Kharisma Pemasaran Bersama Nusantara (KPBN) tairiscintí laethúla ([47]) i gcás ina ndíolann na cuideachtaí faoi úinéireacht stáit PTPN CPO agus CPKO. Tá tairiscint amháin ann in aghaidh an lae le haghaidh amhola pailme agus tairiscint sheachtainiúil amháin ann le haghaidh amhola eithne pailme agus níl ach cáilíocht chaighdeánach luaite amháin ann le haghaidh amhola pailme agus amhola eithne pailme agus, dá bhrí sin níl ach praghas laethúil amháin ann le haghaidh amhola pailme agus praghas seachtainiúil amháin ann le haghaidh amhola eithne pailme. Socraítear an praghas SAB Dumai nó Belawan (dhá chalafort thábhachtacha san Indinéis). Socraíonn PTPN an praghas agus glacann na cuideachtaí leis nó fanann siad go dtí an lá dár gcionn. Úsáidtear an praghas arna shocrú ag PTPN i gconarthaí idir cuideachtaí príobháideacha freisin. Is praghas poiblí é praghas na tairisceana agus tuigeann gach oibreoir sa mhargadh é sin. Nocht an t-imscrúdú chomh maith go bhfuil na conarthaí idir páirtithe comhlachaithe bunaithe ar an bpraghas arna shocrú ag PTPN freisin. Dá bhrí sin, ceannaíonn na ceannaitheoirí uile san Indinéis amhola pailme agus amhola eithne pailme ar an bpraghas laethúil arna shocrú ag PTPN. Thairis sin, nocht an t-imscrúdú go mbaineann na difríochtaí beaga idir praghas na tairisceana agus praghas ceannaigh iarbhír na dtáirgeoirí sampláilte le costais iompair go príomha. Dá bhrí sin, chun praghas intíre amhola pailme agus amhola eithne pailme a fháil, d'úsáid an Coimisiún na praghsanna laethúla tairisceana arna socrú ag PTPN le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus arna gcur isteach ag ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

(396) Maidir leis an tagarmharc idirnáisiúnta le haghaidh amhola pailme agus amhola eithne pailme, d'úsáid an Coimisiún tagarmharcanna iomadúla: (1) FOB praghsanna onnmhairiúcháin na hIndinéise ó Global Trade Atlas ([48]) ('GTA'), (2) praghas intíre na Malaeisia ([49]), (3) praghsanna onnmhairiúcháin SAB na Malaeisia ó spotphraghsanna CAL Rotterdam (4) ([50]) ([51]).

(397) Nocht an chomparáid go raibh praghas intíre na hIndinéise le haghaidh amhola pailme 20 % níos ísle ná praghsanna onnmhairiúcháin SAB na hIndinéise, 23 % níos ísle ná praghsanna intíre na Malaeisia, 29 % níos ísle ná praghsanna onnmhairiúcháin SAB na Malaeisia, agus 24 % níos ísle ná spotphraghsanna CIF Rotterdam (arna gcoigeartú go SAB).

(398) Nocht an chomparáid go raibh praghas intíre na hIndinéise le haghaidh CPKO 18 % níos ísle ná praghsanna onnmhairiúcháin na hIndinéise, 19 % níos ísle ná praghsanna intíre na Malaeisia, 6 % níos ísle ná praghsanna onnmhairiúcháin na Malaeisia, agus 22 % níos ísle ná spotphraghsanna CIF Rotterdam (arna gcoigeartú go SAB).

(399) Ar deireadh, rinne an Coimisiún scrúdú le suí arbh ionann amhola pailme nó amhola eithne pailme, go haonarach, agus 17 % ar a laghad de chostas táirgthe an táirge lena mbaineann. Chun críoch an ríofa sin, úsáideadh praghas neamhshaofa an amhábhair mar a bunaíodh é tráth an onnmhairiúcháin ón Indinéis, praghas a fuarthas ó GTA. Shuigh an Coimisiún i gcás Musim Mas gurbh ionann amhola pailme agus 40 % agus gurbh ionann amhola eithne pailme agus breis agus 50 % den chostas iomlán monaraíochta.

([44]) https://www.ssas.co.id/wp-content/uploads/2020/10/166-PMK.010-2020.pdf (ní bhaineann sé ach leis an Indinéis amháin, arna rochtain go deireanach an 10 Iúil 2022).
([45]) https://jdih.kemenkeu.go.id/FullText/2020/57~PMK.05~2020Per.pdf (ní bhaineann sé ach leis an Indinéis amháin, arna rochtain go deireanach an 10 Iúil 2022).
([46]) https://jdih.kemenkeu.go.id/download/30a94928-f217-48ee-934e-c2be549f350f/76~PMK.05~2021Per.pdf (ní bhaineann sé ach leis an Indinéis amháin, arna rochtain go deireanach an 10 Iúil 2022).
([47]) https://kpbn.co.id/home.html?lang=1
([48]) https://www.gtis.com/gta/
([49]) Bord Ola Pailme na Malaeisia https://bepi.mpob.gov.my/admin2/price_local_daily_view_cpo_msia.php?more=Y&jenis=1Y&tahun=2020 agus https://bepi.mpob.gov.my/index.php/en/?option=com_content&view=article&id=1033&Itemid=136
([50]) CRUDE PALM OIL – CIF ROTTERDAM Spot Historische Prijzen - Investing.com https://nl.investing.com/commodities/crude-palm-oil-cif-rotterdam-futures-historical-data
([51]) https://gapki.id/en/news/19196/october-1-2020-commodity-price-position-at-the-closing-of-physical-exchange-market

(400) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh praghsanna amhola pailme agus amhola eithne pailme faoi réir saofa agus go raibh siad i bhfad níos ísle i gcomparáid leis na margaí idirnáisiúnta ionadaíocha, de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

7. LEAS AN AONTAIS

7.1. Leas an Aontais faoi Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán

(401) I gcomhréir le hAirteagal 7(2b) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé a bhaint de thátal as go soiléir gurbh é leas an Aontais méid na ndleachtanna cinntitheacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7 (2a) den bhun-Rialachán maidir le Musim Mas amháin. Shocrófaí dleacht frithdhumpála Wilmar ar an gcorrlach dumpála ar aon chaoi toisc gur suíodh an gearrdhíol ar leibhéal níos airde. Bhí an cinneadh maidir le leas an Aontais bunaithe ar thuiscint ar an bhfaisnéis ábhartha uile a bhaineann leis an imscrúdú sin, lena n-áirítear na hinniúlachtaí breise sa tír is onnmhaireoir, iomaíocht le haghaidh amhábhar agus an tionchar ar shlabhraí soláthair do chuideachtaí an Aontais.

7.2. Acmhainneachtaí breise sa tír is onnmhaireoir

(402) Dúirt Rialtas na hIndinéise go raibh acmhainneacht táirgeachta iomlán an táirge faoi imscrúdú san Indinéis thart ar 3 600 000 tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ach 2 600 000 tona a bhí sa táirgeacht iarbhír. Dúirt sé go raibh an dá mheastachán bunaithe ar thuarascáil ón Indonesian Oleochemical Manufacturers Association (APOLIN).

(403) Tugann an Coimisiún dá aire gur leasaigh Rialtas na hIndinéise na meastacháin bhunaidh faoi chorrlach de suas le +/– 30 % chun rúndacht a chosaint, agus go bhfuil an meastachán de 1 000 000 tona d'acmhainneacht bhreise i bhfad níos ísle ná an luach fíor. Mar an gcéanna, tá an meastachán de 72 % maidir le húsáid acmhainneachta i bhfad níos airde ná an luach fíor. Tugann an Coimisiún dá aire freisin, fiú má bhíonn sé bunaithe ar mheastachán de 1 000 000 tona, tá an acmhainneacht bhreise san Indinéis níos airde ná táirgeacht iomlán an Aontais, a sheas ag 872 000 tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus, dá bhrí sin d'fhéadfadh acmhainneacht bhreise na hIndinéise a bheith ina hionadaí do tháirgeacht an Aontais. Chomh maith leis sin, tá sé ceithre huaire níos airde ná méid na n-allmhairí ón Indinéis, arbh ionann an méid sin agus thart ar 228 000 tona.

(404) Mar gheall ar an méid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil acmhainneacht bhreise shuntasach ag an Indinéis agus, dá n-úsáidfí í, go mbeadh an acmhainneacht bhreise sin in ann soláthar domhanda an táirge faoi imscrúdú a mhéadú, praghsanna a laghdú agus, dá bhrí sin, an bonn a bhaint d'éifeachtacht an bhirt mura socrófaí é ar leibhéal na dumpála.

7.3. Iomaíocht le haghaidh amhábhar

(405) Is é an príomh-amhábhar a úsáidtear chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh geir, nó ola glasraí, amhail amhola pailme agus amhola eithne pailme.

(406) Mar a shuitear in aithrisí (397) agus (398), bhí praghsanna CPO agus CPKO san Indinéis i bhfad níos ísle ná praghsanna CPO agus CPKO i margaí idirnáisiúnta ionadaíocha. Cruthaítear leis sin buntáiste éagothrom do na táirgeoirí onnmhairiúcháin san Indinéis i gcomparáid leis tionscal an Aontais. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, dá bhrí sin, cé go raibh amhola pailme agus amhola eithne pailme ar fáil do thionscal an Aontais, go raibh sé ar fáil ar phraghas níos airde ná mar a bhí i gcás táirgeoirí na hIndinéise de bharr an tsaofa. Dá bhrí sin, bhí tionscal an Aontais faoi mhíbhuntáiste i leith táirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndinéise.

7.4. Éifeacht ar shlabhraí soláthair do chuideachtaí an Aontais

(407) Mar a thaispeántar i dTábla 4 thuas, bhí acmhainneacht bhreise de 250 000 tona, nach mór, le linn na tréimhse imscrúdúcháin ag tionscal an Aontais. Bhí an acmhainneacht bhreise sin níos airde ná méid na n-allmhairí ón Indinéis le linn na tréimhse céanna. Bheadh ciall leis, dá bhrí sin, go mbeadh tionscal an Aontais in ann a tháirgeacht féin a úsáid in ionad allmhairí ón Indinéis agus go mbeadh sé in ann éileamh iomlán an Aontais ar an táirge faoi imscrúdú a chumhdach nach mór.

(408) Thairis sin, thaispeáin an t-imscrúdú gurbh fhéidir le húsáideoirí an Aontais an táirge faoi imscrúdú a fháil ó thríú tíortha amhail an Mhalaeisia. Bhí méid iomlán na n-allmhairí ó thríú tíortha cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, fad a mhéadaigh a sciar den mhargadh faoi 6 %. In éagmais allmhairí dumpáilte ón Indinéis, thiocfadh méadú ar allmhairí ó thríú tíortha eile, ós rud é go mbeadh na praghsanna díolacháin ar mhargadh an Aontais níos tarraingtí.

(409) Mhaígh Wilmar go dtugtar le fios leis an bhfíoras gur iarr táirgeoirí de chuid an Aontais amhail AAK eisiamh aigéad sailleach áirithe ó raon táirgí an imscrúdaithe go raibh géarghá ag táirgeoirí áirithe de chuid an Aontais (de tháirgí iartheachtacha) le rochtain ar gach foinse d'allmhairí.

(410) Tugann an Coimisiún dá aire go mbaineann cumas thionscal an Aontais chun éileamh an Aontais a chumhdach le réimse leathan aigéad sailleach. Go háirithe maidir le hiarrataí ar eisiamh ó AAK, mar a mhínítear in aithrisí (108) go (118), is féidir le táirgeoirí de chuid an Aontais na cineálacha agus na cainníochtaí aigéid shailligh is gá a tháirgeadh a luaithe a bheidh cothrom na Féinne curtha i bhfeidhm arís ar mhargadh an Aontais, nó foinsithe ó thíortha eile seachas ón Indinéis.

(411) Dá bhrí sin, bheadh rochtain leordhóthanach ag úsáideoirí ar an táirge faoi imscrúdú, fiú má thagann laghdú ar na hallmhairí ón Indinéis. Dá bhrí sin, níltear ag súil le cur isteach ar shlabhraí luacha úsáideoirí an Aontais.

(412) Ina gcuid barúlacha tar éis an nochta deiridh, rinne roinnt páirtithe leasmhara trácht ar éifeacht na mbeart ar shlabhraí soláthair san Aontas.

(413) Pléitear na barúlacha sin i roinn 7.9.2 den Rialachán seo. Ar bhonn na mbarúlacha sin agus na hanailíse ina dhiaidh sin, tá an Coimisiún sásta go mbeidh aon sainfhadhb soláthair sealadach agus inbhainistithe i bhfianaise na bhfoinsí soláthair eile atá ar fáil, amhail an Mhalaeisia.

7.5. **Conclúid maidir le leas an Aontais faoi Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán**

(414) Tar éis dó an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann leis an imscrúdú sin a mheasúnú, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil sé chun leasa an Aontais méid na ndleachtanna cinntitheacha i ndáil le Musim Mas a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

(415) I bhfianaise na hanailíse a leagtar amach thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i gcomhréir le hAirteagal 7 (2a) den bhun-Rialachán, gur chun leasa an Aontais é leibhéal na ndleachtanna sealadacha a shocrú ar bhonn leibhéal na dumpála, faoi réir na mbreithnithe breise i gcomhthéacs Airteagal 21 a leagtar amach i Roinn 7.6 thíos.

(416) Sna barúlacha a thug siad tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Musim Mas Group go raibh beartais Rialtas na hIndinéise maidir le CPO agus CPKO faoi imscrúdú san imscrúdú frith-fhóirdheontais comhthreomhar a luaitear in aithris (3) agus, dá bhrí sin, trí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm san imscrúdú frithdhumpála reatha agus trí dhleachtanna frith-fhóirdheontais a chur i bhfeidhm ar na beartais chéanna, go gcuirfí leigheasanna dúbailte i bhfeidhm ar an tacar céanna de bheartais Rialtas na hIndinéise.

(417) Tabharfaidh an Coimisiún aghaidh ar fhadhb an leighis dhúbailte, más ann dó, faoi chuimsiú an imscrúdaithe frith-fhóirdheontais.

7.6. **Leas an Aontais faoi Airteagal 21 den bhun-Rialachán**

(418) Tar éis dó measúnú a dhéanamh ar leas an Aontais de bhun Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán, d'fhéach an Coimisiún ansin lena fháil amach arbh fhéidir leis a chinneadh go soiléir nár chun leasa an Aontais a bhí sé bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin gur cinneadh gurbh ann do dhumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Rinneadh amach leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla lena mbaineann, lena n-áirítear tionscal an Aontais, allmhaireoirí, úsáideoirí agus oibreoirí ábhartha eile. Níor chomhoibrigh aon táirgeoir neamhghaolmhar san imscrúdú.

(419) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig páirtithe leasmhara aitheanta. Fuair sé freagraí ar an gceistneoir ó cheithre úsáideoir a bhain le dhá ghrúpa cuideachtaí, is iad sin, Greven Group agus Schill + Seilacher Group.

7.7. **Leas thionscal an Aontais**

(420) Tá 15 chuideachta san Aontas a tháirgeann aigéad sailleach agus fostaítear iontu thart ar 900 duine. Tá na táirgeoirí scaipthe go forleathan ar fud an Aontais. Bhí tionscal sampláilte an Aontais, a dhéanann 60 % den táirgeacht iomlán, páirteach san imscrúdú.

(421) Mar thoradh ar tharraingt siar an ghearáin a chumhdaítear i Roinn 1.10, chinn an Coimisiún leanúint den imscrúdú agus rinne sé a anailís ar dhíobháil agus cúisíocht maidir le tionscal an Aontais ina iomláine beag beann ar thacaíocht agus/nó comhoibriú táirgeoirí aonair de chuid an Aontais, mar a mhínítear go mion in aithrisí (64), (66), (68) agus (69). Deimhníodh san anailís i Ranna 4 agus 5 den Rialachán seo gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais agus gurbh iad allmhairí dumpáilte an táirge lena mbaineann a rinne táirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndinéise ba chúis leis. Luaigh an Coimisiún freisin go bhfuil corrlach leathan lánroghnach aige maidir leis an gcinneadh leanúint ar aghaidh le himeacht a tharraingt siar nó deireadh a chur leis an imeacht sin.

(422) Sa litir chun an gearán a tharraingt siar, luaigh an gearánach go raibh an chúis lena tharraingt siar '*mar gheall ar thionchar na bpáirtithe leasmhara*' ([52]). Deimhnítear leis sin nár cheistigh an gearánach an anailís agus an chonclúid maidir le díobháil ábhartha a bheith ann de dheasca allmhairí dumpáilte Indinéiseacha, ach gurb é an t-aon chúis leis an tarraingt siar an tionchar a bhí ag páirtithe leasmhara. I dtaca le cúis a bhaineann le páirtithe leasmhara a imríonn tionchar ar an ngearánach, ní fhéadfaí tacú le cinneadh go mbeadh sé chun leasa an Aontais deireadh a chur leis an imeacht ar an gcúis sin, agus ar an gcúis sin amháin, nuair a chinn an Coimisiún cheana féin go bhfuil dumpáil shuntasach dhíobhálach ann. I ndáil leis sin, luaigh an Coimisiún freisin gur tarraingíodh siar an gearán ag céim an-déanach san imeacht, i gcás inar nochtadh go hiomlán na torthaí do na páirtithe lena léirítear gurb ann do dhíobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais arbh iad allmhairí dumpáilte na hIndinéise ba chúis léi. I ndiaidh an nochta níor athraigh na barúlacha a fuair páirtithe an chonclúid sin, agus ar an gcaoi sin thacaigh siad leis an mbreithniú nach mbeadh sé chun leasa an Aontais imeachtaí a fhoirceannadh gan bearta a fhorchur, fiú dá mba rud é gur tharraing an gearánach siar an gearán.

(423) Mar gheall ar an toradh go ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais a ndéantar cur síos air in aithrisí (255) go (259), dá bhforchuirfí bearta, chuirfí ar a chumas do thionscal an Aontais a bhrabúsacht i dtreo leibhéil inbhuanaithe a fheabhsú, infheistíocht a mhéadú, agus, ar an gcaoi sin, seasamh iomaíoch a choinneáil ina gcroímhargadh. Chomh maith leis sin, bheadh tionscal an Aontais in ann an sciar den mhargadh a bhí caillte aige a fháil ar ais trí mhéid na ndíolachán ar mhargadh an Aontais a mhéadú.

(424) In éagmais na mbeart, is dócha go mbeidh tuilleadh éifeachtaí diúltacha suntasacha ar thionscal an Aontais ó thaobh díolachán agus méideanna táirgeachta níos ísle de agus go mbeidh, tar éis meathlú praghsanna eile, meathlú breise ann ar a staid eacnamaíoch ó thaobh brabúsachta agus infheistíochtaí de, rud a chuirfeadh a thodhchaí agus fostaíocht i mbaol.

(425) Sna barúlacha a thug siad tar éis an nochta deiridh, mhaígh Musim Mas Group nach mbainfeadh tionscal an Aontais, trí úsáid a bhaint as geir mar bhunábhar, tairbhe as bearta, agus gurbh iad na táirgeoirí onnmhairiúcháin Malaeisiacha a bhainfeadh leas as ar deireadh thiar.

(426) Mar sin féin, agus aird á tabhairt ar bharúlacha an Choimisiúin gur toisc neamh-cúisíochta iad an gheir, na praghsanna níos airde allmhairí na Malaeisia le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus cumas thionscal an Aontais brabúsacht agus infheistíocht a mhéadú agus, dá bhrí sin, méid táirgeachta agus díolacháin a mhéadú, gur cheart bearta a ghlacadh, diúltaíodh don bharúil sin.

(427) Dá bhrí sin, is léir go bhfuil sé chun leasa thionscal an Aontais bearta ar aigéad sailleach na hIndinéise a fhorchur.

7.8. **Leas na n-allmhaireoirí/na dtrádálaithe neamh-chomhlachaithe**

(428) Ní bhfuarthas aon chomhoibriú ó allmhaireoirí/trádálaithe neamh-chomhlachaithe mar a luaitear in aithris (38).

(429) Dá bhrí sin, ní raibh an fhaisnéis ag an gCoimisiún chun an tionchar a bheadh ag forchur na mbeart ar ghníomhaíochtaí na n-allmhaireoirí/na dtrádálaithe neamh-chomhlachaithe a shuí go beacht. In éagmais an chomhair, tugtar le fios nach measann allmhaireoirí go ndéanfadh forchur beart frithdhumpála difear mór dá gcuid gnó. Cé go bhféadfaí laghdú ar allmhairí agus athdhíolacháin earraí, a ndéanann na bearta difear dóibh, a bhreathnú sa chéad chéim, d'fhéadfaí aon éifeacht dhiúltach den sórt sin ar láimhdeachas a chúiteamh le hathdhíolachán méadaithe táirgí a ceannaíodh ó fhoinsí eile amhail an Mhalaeisia.

(430) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach mbeadh tionchar na mbeart díréireach i ndáil le hallmhaireoirí/trádálaithe.

7.9. **Leas na n-úsáideoirí**

(431) Ceannaíonn roinnt tionscal i margadh an Aontais an táirge faoi imscrúdú chun táirgí amhail bia, beatha ainmhithe, earraí cógaisíochta, cosmaidí (táirgí sláintíochta laethúla agus earraí áilleachta sómasacha), cúram tís agus cúram pearsanta, agus táirgí glantaigh tionsclaíocha a tháirgeadh.

(432) Chomhoibrigh ceathrar úsáideoirí a bhaineann le dhá ghrúpa cuideachtaí, arb iad a tháirgeann thart ar 4 go 7 % de thomhaltas iomlán an Aontais, san imscrúdú agus thug siad freagraí ar cheistneoir na n-úsáideoirí.

(433) D'úsáid grúpa amháin aigéad sailleach chun gallúnacha miotail agus alcaileacha a tháirgeadh, chomh maith le heistir a úsáidtear mar bhreiseáin i dtionscal an phlaistigh, an bhealaidh agus na dteicstílí. Táirgeann an grúpa eile ceimiceáin le haghaidh teicstílí teicniúla, ceimiceán leathair, cosmaidí agus ceimiceán mín.

([52]) Tá an litir ar fáil sa chomhad oscailte faoi Uimh. t22.004777.

(434) Fuarthas amach san imscrúdú go gceannaíonn na húsáideoirí sin le chéile [6-9] % d'iomlán na n-allmhairí ón Indinéis, [4-7] % de dhíolacháin iomlána thionscal an Aontais agus [2-4] % d'iomlán na n-allmhairí ó thíortha eile le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ba fhaisnéis theoranta a bhí ag an gCoimisiún dá bhrí sin chun measúnú a dhéanamh ar thionchar foriomlán fhorchur na mbeart frithdhumpála ar ghníomhaíochtaí na n-úsáideoirí.

(435) Bunaithe ar na sonraí arna soláthar ag na húsáideoirí comhoibríocha le linn na tréimhse imscrúdúcháin, cheannaigh siad thart ar [23-26] % dá gcuid riachtanas maidir le haigéad sailleach ón Indinéis, [68-72] % ó tháirgeoirí de chuid an Aontais agus [2-5] % ó fhoinsí eile. Bhí grúpa úsáideoirí amháin ag allmhairiú cainníochtaí diomaibhseacha ach bhí an grúpa ag allmhairiú breis agus aon cheathrú dá gcuid riachtanas maidir le haigéad sailleach ón Indinéis le linn na tréimhse sin.

(436) Bhain idir 29 % agus breis agus 95 % den láimhdeachas iomlán le díolacháin na dtáirgí ina raibh aigéid shailleacha, ag brath ar an úsáideoir. Ar an iomlán, idir 6 % agus 52 % a bhí sa chion d'aigéad sailleach de gach tionscnaimh a bhí i gcostais mhonaraíochta na n-úsáideoirí comhoibríocha.

(437) Corrlaigh bhrabúis d'fhigiúirí de dhigit amháin agus dhá dhigit a bhí i gcorrlaigh bhrabúsachta iomlána na gceithre úsáideoir.

(438) A mhéid a bhaineann le héifeacht na mbeart ar na húsáideoirí comhoibríocha, agus mar gheall ar oiriúnacht theoranta an táirge, mheas an Coimisiún go ndéanfaí difear éigin dá mbrabúis dá bhforchuirfí na bearta. I bhfianaise a gcorrlach brabúis, ní bheadh an éifeacht díréireach, toisc go bhféadfaí ar a laghad cuid den mhéadú ar an bpraghas a chur ar aghaidh go dtí an slabhra soláthair iartheachtach.

(439) Toisc bhrabúsacht neamhleor thionscal an Aontais agus mar gheall ar an meathlú praghsanna ar an margadh, féadfar glacadh leis go réasúnach go dtiocfaidh méadú ar phraghsanna nuair a fhorchuirfear na bearta. Mar sin féin, ba cheart an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta ar úsáideoirí áirithe a chothromú le riosca scor ghníomhaíochtaí thionscal an Aontais toisc nach bhfuil an staid reatha inbhuanaithe. Mura bhforchuirfí na bearta ní bheadh na foinsí soláthair chomh hiontaofa nó cobhsaí céanna agus thiocfadh méadú ar phraghsanna ar mhargadh an Aontais.

(440) Níor chomhoibrigh P&G go hiomlán san imscrúdú ach dúirt sé go raibh sé i gcoinne bearta a fhorchur. Mheas sé go gcuirfeadh forchur beart an rochtain atá aige ar fhoinse iontaofa soláthair aigéid shailligh i mbaol. Mhaígh P&G go mbeadh dhá phríomh-iarmhairt ar chur i bhfeidhm na mbeart frithdhumpála. Ar an gcéad dul síos, is dócha go leanfadh costais táirgthe mhéadaithe i dtionscal na n-earraí tomhaltais na bearta agus go ngearrfaí na costais sin ar na tomhaltóirí sa deireadh. Ar an dara dul síos, is dócha go gcuirfeadh forchur na mbeart isteach ar shlabhraí soláthair ón Indinéis tráth a bhí éileamh láidir ar aigéad sailleach agus táirgeoirí an Aontais ar lánacmhainneacht táirgeachta. Mhaígh Greven Group freisin nach bhféadfaí freastal ar an éileamh ar aigéad sailleach i margadh an Aontais gan na hallmhairí aigéid shailligh ón Indinéis.

(441) Thug an Coimisiún faoi deara nár chuir P&G freagra ar an gceistneoir d'úsáideoirí isteach agus nár sholáthair sé faisnéis mhionsonraithe maidir lena cheannacháin d'aigéad sailleach agus an t-ualach i dtéarmaí costais sna hearraí críochnaithe. Dá bhrí sin, ní raibh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh ar thionchar fhorchur na mbeart ar ghníomhaíocht P&G.

(442) Anuas air sin, shuigh an Coimisiún go raibh acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais leordhóthanach chun tomhaltas iomlán mhargadh an Aontais a chomhlíonadh nach mór. I láthair na huaire, tá thart ar 20 % d'acmhainneacht bhreise ag tionscal an Aontais agus, dá mbeadh coinníollacha na hiomaíochta cothroime ann arís, bheadh táirgeoirí de chuid an Aontais in ann táirgeacht a mhéadú chun an t-éileamh san Aontas a chomhlíonadh. Anuas air sin, tá acmhainneacht bhreise ann chun aigéad sailleach a tháirgeadh sa Mhalaeisia. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach mbeadh easpa soláthair ann d'aigéad sailleach ar mhargadh an Aontais dá bhforchuirfí na bearta frithdhumpála.

7.9.1. *Barúlacha ginearálta maidir le leas na n-úsáideoirí tar éis an nochta deiridh*

(443) Tar éis an nochta deiridh, fuarthas barúlacha maidir le leasanna an Aontais ó Greven Group, ó Schill + Seilacher Group, P &G, Unilever, Henkel, Quaker Houghton, Evonik, NYCO, Kapachim, Omya, Stéarinerie Dubois, Wilmar, Musim Mas Group, Ecogreen agus CUTFA. Úsáideoirí nár chomhoibrigh go hiomlán leis an imscrúdú agus nár thíolaic barúlacha roimhe sin ab iad go leor de na páirtithe sin. Dá bhrí sin, bhain an t-imscrúdú tairbhe as raon níos leithne barúlacha tar éis an nochta deiridh, cé nár tíolacadh an fhaisnéis i bhformáid an fhreagra ar an gceistneoir mar ba ghá nuair a tionscnaíodh an t-imscrúdú, agus níorbh fhéidir fírinneacht na mbarúlacha uile a rinneadh a fhíorú.

(444) Chuir CUTFA in iúl nach mbeadh ach tionchar teoranta ag na bearta ar úsáideoirí toisc go bhféadfaí méaduithe costais a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí. Fiú dá mba rud é nárbh amhlaidh an cás, bhí na brabúis chomh mór sin le hionsú, ionas nach mbeadh tionchar na mbeart díréireach.

(445) Ba chosúil go léiríonn an raon níos leithne tuairimí ó úsáideoirí go bhféadfaí úsáideoirí a aithint ina dhá phríomhchatagóir.

(a) ***grúpaí móra ilnáisiúnta***

(446) An chéad chatagóir, ina bhfuil grúpaí ilnáisiúnta móra ar nós P &G, Unilever, Henkel, Quaker Houghton agus Evonik, a mhonaraigh líon mór earraí críochnaithe ag baint úsáide as an táirge faoi imscrúdú mar phríomh-amhábhar go príomha ina gcuid táirgí a bhaineann le cúram baile, níocháin, áilleacht agus cúram pearsanta. Mar sin féin, mar a thuairiscítear thuas, mar gheall ar an easpa comhoibrithe iomláin ó na páirtithe sin, níorbh fhéidir cainníocht an aigéid shailligh a úsáidtear ina dtáirgeadh a fháil amach, nó an tábhacht a bhaineann le haigéad sailleach fiú i gcostas táirgthe na dtáirgí is tábhachtaí ag baint úsáide as aigéad sailleach. Ina theannta sin, léirigh na sonraí ar P &G, Unilever agus Henkel atá ar fáil ó fhoinsí poiblí ([53]) gur tháinig méadú suntasach ar láimhdeachas grúpa agus brabúis le blianta beaga anuas, go háirithe i ndáil le táirgí cúraim baile, arb é an margadh is mó d'aigéid shailleacha é.

(447) Mhínigh P &G nár chuir siad freagra ceistneora isteach toisc go bhfuil P &G, cosúil le húsáideoirí aigéid shailligh eile, ilroinnte ar fud go leor suíomhanna táirgthe.

(448) Mar sin féin, níor chomhlánaigh P &G fiú roinn an cheistneora lena gcumhdaítear ceannach aigéid shailligh trína n-aonad ceannaigh lárnach. Ní chuireann ilroinnt thionscal na n-úsáideoirí cosc, ar a laghad ar chuid acu, ar fhreagra ceistneora a chur isteach. Thairis sin, léiríonn na cuntais bhliantúla chomhdhlúite atá ar fáil go poiblí le haghaidh P&G freisin go raibh láimhdeachas an-mhór ag a oibríochtaí Eorpacha in 2021 (16.7 billiún USD ([54])). Ba é 23 % a bhrabúsacht dhomhanda ([55]). Ba é EUR 9,1 billiún láimhdeachas Henkel in 2021 le haghaidh Iarthar na hEorpa agus Oirthear na hEorpa agus ba é 18,9 % an bhrabúsacht sna réigiúin sin ([56]). Thacaigh an fhaisnéis sin le tuairim an Choimisiúin nach ndéanfaí difear díréireach do cheannaitheoirí móra na n-aigéad sailleach sna tionscail úsáideoirí is mó (cúram baile, níocháin, cúram áilleachta agus cúram pearsanta) mar gheall ar na bearta atá beartaithe.

(449) Dúirt Henkel nár chiallaigh an easpa comhoibrithe ó úsáideoirí nach mbeadh tionchar tromchúiseach ag na bearta, ar na leibhéil a moladh sa nochtadh deiridh, ar a ngníomhaíochtaí.

(450) Thairis sin, mar a leagtar amach thíos, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar a chinntí bunaidh agus ar a chonclúidí bunaidh maidir leis an tionchar ar úsáideoirí, i bhfianaise na mbarúlacha breise a fuarthas mar fhreagairt ar an nochtadh deiridh, lena n-áirítear barúlacha ó pháirtithe leasmhara nua.

(451) Chuir Henkel, Kapachim, Omya, agus Wilmar in iúl freisin gur cheart leas na n-úsáideoirí a fheiceáil i gcomhthéacs na bhforbairtí a tharla le déanaí roimh an nochtadh amhail praghsanna méadaithe amhábhar agus fuinnimh, boilsciú agus fadhbanna maidir leis an slabhra soláthair.

(452) Chuir an Coimisiún in iúl gur forbairtí iar-imscrúdaithe iad na fadhbanna sin. Níor tugadh bunús leis cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na forbairtí sin ar thionscal na n-úsáideoirí. Mar shampla, ar cuireadh costais bhreise ar aghaidh chuig custaiméirí agus cén tionchar a bhí ar bhrabúsacht táirgí ina bhfuil aigéid shailleacha. Ar aon chuma, níl sé soiléir an raibh na forbairtí sin de chineál buan. Níorbh fhéidir, dá bhrí sin, glacadh leis na maímh sin.

(453) Ina aighneacht rúnda, dhírigh Unilever ar tháirge áirithe a mbeadh tionchar ag bearta air, ag maíomh go dtiocfadh méadú suntasach ar phraghsanna, agus go bhféadfadh sé go mbeadh air an táirge sin a allmhairiú, agus tionchar iarmhartach aige sin ar a tháirgeacht agus ar a fhostaíocht san Aontas. Mhaígh sé freisin go dtiocfadh méadú ar phraghsanna do thomhaltóirí ar an táirge sin mar thoradh air sin. Thairis sin, chuir Unilever in iúl gur onnmhairíodh formhór mór de dhíolacháin an táirge sin lasmuigh den Aontas.

(454) Ní raibh an Coimisiún in ann na maímh sin a fhíorú toisc nár chomhlánaigh Unilever, cosúil le formhór na n-úsáideoirí, freagra ceistneora úsáideora. Dá bhrí sin, ní raibh an Coimisiún in ann a fháil amach an tábhacht a bhaineann leis an táirge sin in oibríochtaí an Aontais Unilever i dtéarmaí brabúsachta agus láimhdeachais. Ní raibh an Coimisiún in ann a fháil amach an tábhacht a bhaineann le haigéad sailleach i gcostais Unilever don táirge seo, ná do tháirgí eile. Ní raibh sé in ann measúnú soiléir a dhéanamh ach oiread ar an tionchar a bheadh

([53]) Féach tuarascáil bhliantúil 2021 P&G, tuarascáil bhliantúil 2021 Henkel agus tuarascáil bhliantúil 2021 Unilever: https://assets.ctfassets.net/oggad6svuzkv/4Jv0tM2D5D4uo9fpGkFINt/51f922cfc331f8cd887e86f5dca2a59f/2021_annual_report.pdf https://www.henkel.com/resource/blob/1616958/8a9ca447fca79ec3ad39d8e5192a1fb6/data/2021-annual-report.pdf https://www.unilever.com/files/92ui5egz/production/e582e46a7f7170fd10be32cf65113b738f19f0c2.pdf

([54]) Féach leathanach 39 de thuarascáil bhliantúil 2021 P&G: https://assets.ctfassets.net/oggad6svuzkv/4Jv0tM2D5D4uo9fpGkFINt/51f922cfc331f8cd887e86f5dca2a59f/2021_annual_report.pdf

([55]) Féach leathanach 19 de thuarascáil bhliantúil 2021 P&G.

([56]) Féach leathanach 92 de thuarascáil bhliantúil 2021 Henkel: https://www.henkel.com/resource/blob/1616958/8a9ca447fca79ec3ad39d8e5192a1fb6/data/2021-annual-report.pdf

ag dleachtanna ar bhrabúsacht mhargaidh Unilever san Aontas ar an iomlán. Ina theannta sin, léiríonn na cuntais bhliantúla chomhdhlúite atá ar fáil go poiblí le haghaidh Unilever go raibh láimhdeachas EUR 11.3 billiún ([57]) ag a oibríochtaí Eorpacha agus brabúsacht EUR 1.8 billiún ([58]) nó níos mó ná 16 %. Dá bhrí sin, níor tugadh aon fhaisnéis don Choimisiún chun a léiriú go mbeadh tionchar na mbeart ar aigéad sailleach ón Indinéis díréireach ar dhíolacháin an táirge sin ag Unilever, nó ar bhonn níos ginearálta ar a chuid oibríochtaí Aontais. Is léir nár cuireadh bunús leis an maíomh maidir le méaduithe ar phraghsanna do thomhaltóirí agus allmhairiú an táirge sin agus brabúsacht fhoriomlán a oibríochtaí Aontais á cur san áireamh. Ina theannta sin, luaigh an Coimisiún go mbeadh socruithe próiseála faoi rialú custaim ar fáil do Unilever chun tionchar na mbeart a mhaolú.

(b) ***cuideachtaí agus grúpaí beaga***

(455) Is iondúil go raibh an dara catagóir úsáideoirí ina gcuideachtaí beaga agus ina ngrúpaí beaga, amhail iad siúd a chomhoibrigh go hiomlán leis an imscrúdú (Greven Group agus Schill + Seilacher Group) agus a d'úsáid aigéid shailleacha chun táirgí iartheachtacha a mhonarú amhail eistir, aimíní, bealaí, gallúnacha etc.

(456) Ina theannta sin, tar éis an nochta deiridh, tháinig NYCO, Kapachim, Omya, cleamhnaithe Ecogreen agus Stéarinerie Dubois chun cinn le haighneachtaí. I gcoitinne, cheannaigh na cuideachtaí sa chatagóir seo cainníochtaí níos lú den táirge faoi imscrúdú. Mar sin féin, níor chuir na húsáideoirí sin freagraí ar an gceistneoir isteach chun bunús a thabhairt leis na pointí a d'ardaigh siad. Os a choinne sin, léirigh an fhaisnéis a chuir na cuideachtaí lán-chomhoibríocha isteach, gur dhócha go mbeadh tionchar níos mó ag bearta ar na cuideachtaí lán-chomhoibritheacha sin, toisc gurbh é a bhí cion níos mó dá gcostais iomlána i gceist le haigéad sailleach agus go raibh brabúsacht theoranta ag díolacháin na dtáirgí iartheachtacha faoi seach. Ina theannta sin, mhaolófaí tionchar na mbeart ar gach úsáideoir toisc nár dhíol úsáideoirí táirgí ina raibh aigéid shailleacha amháin. Chomh maith leis sin, is ó thionscal an Aontais nó ó sholáthraithe tríú tír a fuarthas an chuid is mó den aigéad sailleach a ceannaíodh. Ciallaíonn sé sin go mbeifí ag súil go mbeadh méaduithe ar phraghsanna do na ceannacháin sin níos ísle ná na méaduithe a fuarthas ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndinéise. Thairis sin, is minic a onnmhairíodh na hearraí críochnaithe a rinneadh le haigéad sailleach lasmuigh den Aontas, rud a chiallaíonn go bhféadfadh socruithe próiseála faoi rialú custaim a bheith ar fáil chun tionchar na mbeart a laghdú.

(457) Mhaígh Ecogreen go ndéanfadh na meándleachtanna ualaithe is infheidhme maidir le Ecogreen dochar dá dhá chuideachta chomhlachaithe san Aontas. D'áitigh Ecogreen freisin go raibh a dhíolacháin uile leis an Aontas beartaithe le haghaidh úsáid faoi chuing agus, dá bhrí sin, nach bhféadfadh na honnmhairí sin díobháil a dhéanamh do thionscal an Aontais.

(458) Luaigh an Coimisiún, ós rud é nár chomhlánaigh cleamhnaithe Ecogreen, DHW agus E&S, ceistneoir úsáideora isteach, nárbh fhéidir maímh Ecogreen faoi dhíobháil a fhíorú. De réir na haighneachta ó Ecogreen, ceannaíonn ceann amháin dá fhochuideachtaí san Aontas cineálacha áirithe aigéid shailligh ó thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, ní féidir a chur as an áireamh go bhfuil iomaíocht idir táirgí Ecogreen agus táirgí thionscal an Aontais ar chodanna áirithe den mhargadh ar a laghad mar a luaitear in aithris (108). Dá bhrí sin, ní féidir glacadh leis an maíomh maidir le cleamhnaithe Ecogreen agus úsáid faoi chuing.

(459) Dá bhrí sin, ón bhfaisnéis atá ar comhad, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach mbeadh tionchar díréireach ag na bearta atá beartaithe ar úsáideoirí.

7.9.2. *Barúlacha maidir le suaitheadh margaidh agus fadhbanna soláthair*

(460) Rinne Greven Group, Henkel, Unilever, Kapachim, Evonik, Ecogreen, Quaker Houghton, Omya, NYCO, Stéarinerie Dubois, Musim Mas Group agus Wilmar maímh a bhain le suaitheadh mhargadh an Aontais agus fadhbanna soláthair a d'eascair as bearta a fhorchur. Go háirithe, mheas na páirtithe leasmhara sin go raibh an leibhéal beart a moladh ró-ard agus go ndéanfadh sé difear díréireach do leas iartheachtach thionscal an Aontais. Chomh maith leis sin, mhaígh na cuideachtaí sin go scoirfí d'allmhairí ón Indinéis, nó go gcuirfí srian leo, sa mhéid go mbeadh ganntanas ginearálta ar mhargadh an Aontais, rud a chruthódh ardú praghsanna freisin. Rinne úsáideoirí eile maímh níos sonraí maidir le cineálacha áirithe aigéid shailligh a mhaígh siad nach bhféadfaí a sholáthar go leordhóthanach ó thionscal an Aontais. Chuir AAK, Unilever, agus Greven Group comhfhreagras ríomhphoist ar fáil le táirgeoirí de chuid an Aontais chun tacú lena maíomh maidir le fadhbanna soláthair ar an margadh, rud a bheadh níos measa de bharr na mbeart.

([57]) Féach leathanach 122 de thuarascáil bhliantúil 2021 Unilever: https://www.unilever.com/files/92ui5egz/production/e582e46a7f7170fd10be32cf65113b738f19f0c2.pdf

([58]) Féach leathanach 122 de thuarascáil bhliantúil 2021 Unilever.

(461) Mhaígh Unilever, Henkel agus Ecogreen go ndéanfadh na bearta difear d'allmhairí aigéad sailleach gearrshlabhra amhail C8-C10 chuig an Aontas. Mhaígh NYCO go raibh aigéid C8-C10 níos deacra a fháil ar mhargadh an Aontais toisc gur mhéadaigh táirgeoirí a n-úsáid faoi chuing. Mar thoradh ar an nganntanas sin, tháinig méadú mór ar phraghsanna ó mhí Mheán Fómhair 2021 i leith. Thairis sin, mhaígh NYCO go mbeadh tionchar ag an nganntanas aigéad sailleach gearrshlabhra amhail C8-C10 ar thionscail a sholáthraíonn NYCO le bealaí speisialtachta, amhail na tionscail aerloingseoireachta agus cosanta.

(462) Chuir Kapachim, Evonik, NYCO isteach freisin go gcuirfí iad faoi mhíbhuntáiste le monaróirí na dtáirgí céanna atá suite lasmuigh den Aontas. Mhaígh cuideachtaí eile go bhféadfadh sé go mbeadh orthu athlonnú lasmuigh den Aontas.

(463) Mhaígh Stéarinerie Dubois go ndéanfadh inionadaitheacht theoranta a lán cineálacha táirgí a allmhairítear ón Indinéis difear mór dá mbrabúsacht mar go dtiocfadh méadú ar a gcostais táirgthe. D'áitigh Stéarinerie Dubois freisin nár ghá do tháirgeoirí an Aontais a liostaítear sa ghearán an t-aigéad sailleach céanna a tháirgeadh i gcainníochtaí leordhóthanacha den chineál a bhí de dhíth air. Chuir siad in iúl freisin maidir le dhá chineál aigéid shailligh a bhí á n-úsáid ag a gcuideachta ina táirgeadh, nach bhféadfadh aon táirgeoir de chuid an Aontais sonraíochtaí datha na cuideachta a mheaitseáil, rud a bhí ina thoisc thábhachtach dá gcustaiméirí sa tionscal cógaisíochta. Dúirt Stéarinerie Dubois, ós rud é nach raibh aon mhargadh Aontais d'aigéid shailleacha i gcomhréir le reachtaíocht REACH agus mar kosher agus halal, nach ndearnadh aon díobháil do thionscal an Aontais de bharr allmhairiú na dtáirgí sin.

(464) Chuir CUTFA in iúl go n-áiritheodh tionscal an Aontais, mar aon le hallmhairí ón Indinéis agus ó thríú tíortha araon, soláthar leordhóthanach do mhargadh an Aontais i gcás beart. Cuireadh leis an tuairim sin le barrachairt a léiríonn na príomhfhoinsí soláthair. Chuir CUTFA in iúl freisin nach scoirfí d'allmhairí ón Indinéis ach go leanfadh siad ar aghaidh ar bhonn cothrom iomaíochta.

(465) D'admhaigh an Coimisiún go bhfuil sé riachtanach aigéad sailleach a sholáthar d'earnálacha éagsúla thionscal úsáideoirí an Aontais toisc nach féidir táirgí eile a chur in ionad aigéid shailleacha go leordhóthanach. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar fhadhb an tsuaite sa mhargadh agus fadhbanna soláthair i bhfianaise na mbarúlacha a fuarthas.

(466) Ar an gcéad dul síos, mar a luaitear in aithris (220), ríomhadh na figiúirí maidir leis an acmhainneacht spártha a luaitear in aithris (407) bunaithe ar acmhainneacht inbhuanaithe, seachas acmhainneacht theoiriciúil, de chuid thionscal an Aontais agus gnáth-aga neamhfhónaimh, amhail cothabháil, á chur san áireamh, agus táirgeadh táirgí eile á chur san áireamh. Ciallaíonn sé sin go raibh thart ar 250 000 acmhainneacht spártha san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Leis an bhfíorú ar fhreagraí cheistneoir thionscal an Aontais, áirithíodh cur chuige comhsheasmhach cruinn i leith na bhfigiúirí acmhainneachta. Laghdaíodh na hacmhainneachtaí, i gcás inarb iomchuí, agus nochtadh figiúirí fíoraithe do na cuideachtaí lena mbaineann.

(467) Ar an dara dul síos, ba léir go raibh srian ar infheistíochtaí i dtionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Leanadh le hinfheistíochtaí a dhéanamh sna cuideachtaí sampláilte, ach bhí siad teoranta do chothabháil an ghléasra agus an trealaimh atá ann cheana, seachas acmhainneacht a mhéadú agus scrogaill táirgeachta a bhaint. Dá bhforchuirfí bearta, mhaolófaí an brú praghsanna ar an tionscal, agus chuirfí ar a gcumas praghsanna a shocrú ar leibhéal ina mbeadh an bhrabúsacht ag leibhéil réasúnta. D'fhéadfaí táirgeadh agus díolacháin a mhéadú chun an margadh a sholáthar mar gheall ar dhálaí margaidh níos fearr. Bheadh an tionscal in ann caipiteal a chruinniú freisin chun acmhainneacht a mhéadú.

(468) Táthar ag súil le fadhbanna soláthair le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mar a léirítear le comhfhreagras ríomhphoist, má fhulaingíonn tionscal díobháil ábhartha a dhéanann difear dá phraghsanna díolacháin, rud a fhágann brabúsacht íseal agus neamhábaltacht caipiteal a thiomsú le haghaidh infheistíochta. Mar sin féin, cruthóidh forchur beart dálaí margaidh níos fearr do thionscal an Aontais agus beidh sé in ann táirgeadh a mhéadú agus cainníocht agus raon an aigéid shailligh a sholáthraíonn sé don mhargadh a fheabhsú.

(469) Ar an tríú dul síos, ní mheastar go gcuirfidh na bearta a fhorchuirtear leis an Rialachán seo toirmeasc ar allmhairí ón Indinéis. Meabhraítear nach é cuspóir na mbeart frithdhumpála stop a chur leis na hallmhairí ach cothrom iomaíochta a athbhunú ar an margadh. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh go mbeadh ganntanas ginearálta ar mhargadh an Aontais, rud a chruthódh ardú díréireach ar phraghsanna.

(470) Thug an Coimisiún faoi deara gur bhain an maíomh maidir le méadú géar ar phraghsanna do C8-C10 leis an margadh domhanda, seachas le margadh an Aontais amháin. Dá bhrí sin, ní bheadh éifeachtaí na mbeart frithdhumpála ar iomaíochas domhanda úsáideoirí C8-C10 an Aontais éagsúil leis na héifeachtaí ar úsáideoirí cineálacha eile aigéid shailligh. Thairis sin, mheabhraigh an Coimisiún nach ndéantar forbairtí sa mhargadh tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin a chur san áireamh de ghnáth ina mheasúnú. Maidir le pointe NYCO a bhaineann leis na tionscail aerloingseoireachta agus cosanta, ní raibh bunús leis na héilimh sin ar shuaitheadh agus dá bhrí sin diúltaíodh dóibh.

(471) Thairis sin, thug an Coimisiún faoi deara go raibh táirgí thionscal na hIndinéise agus an Aontais an-inionadaithe. Ós rud é nach raibh táirgeoirí áirithe de chuid an Aontais in ann cineálacha áirithe táirgí a sholáthar, ag amanna áirithe faoi dhálaí an mhargaidh is infheidhme le linn na tréimhse faoi bhreathnú, níor chiallaigh sé sin go leanfaidh fadhbanna soláthair de bheith ann tar éis fhorchur na mbeart. Ina theannta sin, mheas an Coimisiún nach raibh bunús le tionchar na mbeart ar chostais agus ar bhrabúsacht an úsáideora sin toisc, in éagmais freagra ar an gceistneoir, nárbh fhéidir leis an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar a thábhachtaí a bhí costais aigéid shailligh don chuideachta mar chéatadán de na costais iomlána nó den láimhdeachas iomlán. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh.

(472) Níor tugadh bunús leis na tionchair dhóchúla i leith iomaitheoirí lasmuigh den Aontas agus leis an riosca athlonnaithe. Ina theannta sin, pléitear in aithris (455) tosca a d'fhéadfadh tionchar na ndualgas ar úsáideoirí a mhaolú.

(473) Chuir Wilmar in iúl go dtiocfadh méadú thart ar 32,9 % ([59]) ar chostas aigéid shailligh ar mhargadh an Aontais mar amhábhar.

(474) Mar sin féin, is amhlaidh a dhéanann na measteacháin sin áibhéil ar na méaduithe costais is dócha atá ann d'úsáideoirí. Is é is cúis leis sin gurb é thart ar 20 % den tomhaltas atá in allmhairí na hIndinéise agus gur dócha go dtarlóidh méaduithe i bhfad níos ísle ar chostais do na húsáideoirí sin a sholáthraíonn tionscal an Aontais nó allmhairí ó fhoinsí eile. Ina theannta sin, is cinnte go dtiocfaidh méadú ar allmhairí ó thríú tíortha amhail an Mhalaeisia thar shaolré na mbeart i ngeall ar dhálaí margaidh níos fearr agus níos lú brú praghsanna san Indinéis.

(475) Chuir Wilmar in iúl freisin go gcuirfeadh allmhairí laghdaithe ola glasraí, go háirithe ón Úcráin, teorainn le cumas thionscal an Aontais amhábhair a aimsiú.

(476) Luaigh an Coimisiún gur forbairtí iar-imscrúdaithe iad na líomhaintí sin. Níor tugadh bunús leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na forbairtí sin ar mhargadh an Aontais, nó an raibh na forbairtí sin de chineál marthanach mar a luaitear in Airteagal 6(1) den bhun-Rialachán nach gcuirfear san áireamh, de ghnáth, faisnéis a bhaineann le tréimhse i ndiaidh na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh.

(477) Dá bhrí sin, ní raibh an Coimisiún in ann glacadh leis na hargóintí go mbeidh easpa ginearálta aigéid shailligh ar fáil d'úsáideoirí san Aontas. Maidir le fadhbanna soláthair a bhaineann le táirgí sonracha, is dócha go mbeidh aon suaitheadh sa mhargadh sealadach agus táirgeoirí agus a gcustaiméirí ag dul in oiriúint do staid nua an mhargaidh.

7.9.3. *Conclúid maidir le leas na n-úsáideoirí*

(478) Agus aird á tabhairt ar na barúlacha a rinne na páirtithe leasmhara agus atá bunaithe ar an bhfaisnéis ar comhad, is léir nach mbeadh tionchar mór ag na hearnálacha tomhaltais is mó d'aigéad sailleach (cúram baile, cúram áilleachta, níocháin agus cúram pearsanta) tar éis bearta a fhorchur, toisc go mbeadh na hearnálacha sin in ann aon mhéaduithe costais nach bhféadfaí a chur ar aghaidh chuig custaiméirí a ionsú.

(479) I gcás na n-earnálacha atá fágtha, tá roinnt fianaise ann go bhféadfadh go dtiocfadh méaduithe ar chostais agus go mbeidh tionchar acu ar an mbrabúsacht. Mar sin féin, níor chinn ach dhá ghrúpa comhoibriú go hiomlán leis an imscrúdú chun bunús a thabhairt lena maímh.

(480) I gcás gach úsáideora maolófar tionchar aon mhéaduithe ar chostais, amhail próiseáil faoi rialú custaim ar allmhairí aigéid shailligh, a úsáidfear chun táirgí onnmhairithe a mhonarú. Ní úsáideann gach táirge a mhonaraíonn na húsáideoirí aigéad sailleach. Ina theannta sin, ní ón Indinéis a fhaightear thart ar 80 % den aigéad sailleach a thomhlaítear ar mhargadh an Aontais, agus dá bhrí sin ní bheidh siad faoi réir thionchar díreach na mbeart.

(481) Ceapadh bearta frithdhumpála chun praghsanna allmhairiúcháin an Aontais (an dleacht a íoctar) a mhéadú don tír lena mbaineann. Is dócha go dtiocfaidh méadú freisin ar phraghsanna allmhairiúcháin ó thríú tíortha agus ar phraghsanna thionscal an Aontais. Mar sin féin, chun gur féidir le tionscal an Aontais teacht slán, ní mór dó oibriú ar bhonn níos cothroime le táirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndinéise ar mhargadh an Aontais. Tá am de dhíth ar mhargadh an Aontais chun dul in oiriúint do na dálaí nua agus sa tréimhse sin d'fhéadfadh tionchar diúltach áirithe a bheith aige ar ghníomhaithe margaidh agus ar earnálacha úsáideoirí ar leith. Mar a luaitear thuas, bhí táirgeoirí an Aontais ag súil le go méadódh an acmhainneacht mar gheall ar an infheistíocht mhéadaithe Chuirfeadh cuid den infheistíocht sin ar a gcumas do chuideachtaí thionscal an Aontais raon níos leithne d'aigéid shailleacha a sholáthar, nó táirgeadh táirgí sonracha a mhéadú. Ós rud é nach raibh táirgeoir de chuid an Aontais in ann táirgí sonracha a sholáthar don mhargadh faoi na dálaí iomaíochta éagóraí atá ann faoi láthair, ní chiallaíonn sé sin nach bhfuil sé de chumas ag táirgeoirí an Aontais oiriúnú do na dálaí margaidh nua a chruthaítear leis na bearta.

([59]) Ba é 32.9 % an ráta dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le gach cuideachta chomhoibritheach eile sa doiciméad nochta deiridh.

(482) Áitíonn an Coimisiún go bhfuil gá le méaduithe costais den sórt sin chun cur ar a chumas do thionscal an Aontais dul san iomaíocht ar bhonn cothrom agus ar leibhéil phraghsanna nach gcuireann a n-inmharthanacht i mbaol. Is léir nach inbhuanaithe an bhrabúsacht mar a léirítear i dTábla 10, agus is chun leasa na n-úsáideoirí uile é go leantar de tháirgeadh raon leathan aigéad sailleach san Aontas. Ní mheastar go bhfuil na méaduithe costais a bhfuiltear ag súil leo d'úsáideoirí díréireach.

(483) Dá bhrí sin, agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara uile a tháinig chun cinn á gcur san áireamh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndéanfadh forchur na mbeart difear díréireach d'úsáideoirí.

7.10. **Leas na soláthróirí**

(484) Is iad táirgeoirí geire agus ola glasraí go príomha na soláthróirí amhábhar san Aontas. Cé nach raibh na soláthróirí amhábhair seo páirteach san imscrúdú seo, is léir go rachadh forchur na mbeart chun tairbhe na soláthróirí go fadtéarmach toisc go n-úsáideann tionscal an Aontais cainníochtaí suntasacha geire agus olaí glasraí a tháirgtear san Aontas.

7.11. **An chonclúid ar leas an Aontais**

(485) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh cúiseanna láidre ann a léirigh nár chun leas an Aontais é bearta a fhorchur ar allmhairí aigéid shailligh de thionscnamh na hIndinéise.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA CINNTITHEACHA**

(486) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir leis an dumpáil, leis an díobháil, leis an gcúisíocht, le leibhéal na mbeart agus le leas an Aontais, ba cheart bearta cinntitheacha a fhorchur ionas nach ndéanfaidh na hallmhairí dumpáilte tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais.

(487) De bharr an mheasúnaithe thuas, socraítear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar leibhéal an chorrlaigh dumpála i gcás Wilmar.

(488) Maidir le Musim Mas, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht níos ísle ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur le díobháil. Tar éis don Choimisiún saobhadh amhábhar a aimsiú maidir leis an táirge lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, is é sin i bhfoirm cánacha agus tobhach onnmhairiúcháin le haghaidh amhola pailme agus amhola eithne pailme, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár leor dleacht a bheadh níos ísle ná an corrlach dumpála chun dul i ngleic leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais, dá bhforáiltear in Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán.

(489) Tá an dleacht chinntitheach do na cuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte eile san Indinéis bunaithe ar an meánchorrlach díobhála ualaithe mar atá leagtha síos thuas don dá chuideachta shampláilte.

(490) Mar gheall ar an leibhéal ard comhair (ba iad onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha iomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin), bhí leibhéal dleachta na tíre iomláine bunaithe ar an gcorrlach dumpála ab airde den dá onnmhaireoir chomhoibríocha shampláilte.

(491) Ar bhonn a bhfuil thuas, ba cheart na rátaí sealadacha maidir le dleacht frithdhumpála, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, agus an dleacht chustaim neamhíoctha, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach	Corrlach díobhála cinntitheach	Dleacht frithdhumpála
P.T. Musim Mas	46,4 %	46,4 %	46,4 %
P.T. Wilmar Nabati Indonesia	15,2 %	38,7 %	15,2 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	26,6 %	41,5 %	26,6 %
Gach cuideachta eile	46,4 %	46,4 %	46,4 %

(492) Na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na rátaí dleachta sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann ar de thionscnamh na tíre lena mbaineann é agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis a bhaineann leo sin a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na rátaí aonair maidir le dleacht frithdhumpála.

(493) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith le dleacht frithdhumpála gach cuideachta eile ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha san imscrúdú seo, ach maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin freisin.

(494) Chun na rioscaí imchéimniúcháin a íoslaghdú de bharr na difríochta i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán sin. Ba cheart d'allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'.

(495) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc seo a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair dleachta frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc dóibh a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo, ní mór d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an dleachtráta níos ísle ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(496) Má thagann méadú suntasach ar mhéid na n-onnmhairí ag ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na rátaí dleachta aonair níos ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gur athrú ann féin é méadú den sórt sin ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur beart de réir bhrí Airteagal 13(1) den Bhun-rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar leis an imscrúdú sin, *inter alia*, scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá leis an ráta nó na rátaí dleachta aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhorchur dá bharr sin.

(497) D'áitigh roinnt páirtithe leasmhara go raibh na bearta ró-ard nó nach raibh siad socraithe ar leibhéal iomchuí agus gur cheart don Choimisiún iad a laghdú.

(498) Mar sin féin, socraíodh na bearta sin i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach sa Rialachán seo agus i gcomhréir leis an mbun-Rialachán. Nochtadh na ríomhanna a bhaineann le socrú na gcorrlach dumpála agus díobhála do na páirtithe leasmhara iomchuí. Dá bhrí sin, ní mór diúltú do na maímh sin toisc nach ndéantar foráil sa bhun-Rialachán maidir le dualgais a shocrú go treallach.

(499) Ina gcuid barúlacha tar éis an nochta deiridh, d'iarr Ecogreen cuóta saor ó dhleacht mar leigheas cuiditheach a bheadh le fiosrú ag an gCoimisiún, agus luaigh sé bunúis dlí éagsúla don éileamh sin.

(500) Ar an gcéad dul síos, agus Airteagal 8 den bhun-Rialachán á leagan amach aige, chomhaontaigh Ecogreen le dul i mbun plé maidir le gealltanas praghais a bhfuil gné chuóta aige. I ndáil leis sin, mheabhraigh sé go raibh cuótaí mar chuid de na gealltanais ar glacadh leo i gcás na n*Solar Panels* ([60]) agus mhaígh sé go raibh sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún, de réir Phainéal EDT um *c* ([61]), leigheasanna cuiditheacha a mheas in imeachtaí a bhaineann le Comhaltaí de thíortha i mbéal forbartha.

(501) Chuir an Coimisiún in iúl, mar a luaitear in Airteagal 8(1) den bhun-Rialachán, gur faoi Ecogreen atá sé tairiscint gealltanais praghais a thíolacadh, ar tairiscint í a fhéadfaidh an Coimisiún a ghlacadh. Ba cheart tairiscint den sórt sin a dhéanamh laistigh den sprioc-am reachtúil a luaitear in Airteagal 8.2 den bhun-Rialachán. Ba cheart tairiscint Ecogreen a bheith sroichte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 5 lá roimh an spriocdháta do bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh. Ní dhearnadh an iarraidh inar moladh gealltanas praghais go dtí

([60]) Cinneadh ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2013 lena nglactar le gealltanas arna thairiscint i ndáil leis na himeachtaí frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí modúl fótavoltach sileacain chriostalta agus príomh-chomhpháirteanna (i.e. cealla agus sliseoga) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne nó a choinsínítear ó Dhaon-Phoblacht na Síne, IO L 209, 3.8.2013, lch. 26.

([61]) Tuarascáil ón bPainéal, *Línéadach Leaba — CE*, WT/DS141/R, a glacadh an 12 Márta 2001, arna modhnú le Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc WT/DS141/AB/R, DSR 2001:VI, lch. 2077, mír 6.233.

an 12 Meán Fómhair 2022, i bhfad níos déanaí ná an sprioc-am dlíthiúil a luaitear thuas, agus níor leagadh amach aon togra nithiúil. Dá bhrí sin, ní dhearnadh aon tairiscint ar ghealltanas praghais a d'fhéadfaí a chur san áireamh de réir an bhun-Rialacháin a chur ar fáil agus ní fhéadfaí aon analaí leis na *Solar Panels* agus cásanna *CE - Bed Linen* a agairt mar ba cheart dá bhrí sin. Dá bharr sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(502) Ar an dara dul síos, d'iarr Ecogreen cuóta saor ó dhleacht de réir analaí le cuótaí a fhorchur chun sreabha trádála a chaomhnú a mheastar a bheith neamhdhíobhálach i gcomhthéacs bearta cosanta, ionstraim cosanta trádála eile.

(503) I ndáil leis sin, ní dhearna an Coimisiún ach a thabhairt faoi deara go ndearnadh an t-imscrúdú sin a rialáil leis an mbun-Rialachán, nach raibh foráil ann maidir le cuótaí saor ó dhleacht. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(504) Ar an tríú dul síos, mhaígh Ecogreen gur leigheas cuiditheach é taraif-chuóta faoi Rialachán (AE) 2021/2283 ón gComhairle ([62]), arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) 2022/972 ón gComhairle ([63]), rud a líomhnaítear gur cheadaigh sé don Choimisiún taraif-chuótaí le haghaidh earraí talmhaíochta agus tionsclaíocha a oscailt agus a dheonú.

(505) Chuir an Coimisiún in iúl go raibh feidhm ag Rialachán (AE) 2021/2283 ón gComhairle, arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) 2022/972 ón gComhairle, maidir le táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2283 ón gComhairle, i gcás nach luaitear an táirge faoi imscrúdú faoi aon cheann dá chóid TARIC. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(506) Ar deireadh, chuir Ecogreen in iúl gur foráladh le Cód Custaim an Aontais go bhféadfaí cainníocht áirithe allmhairí faoi rialú custaim (próiseáil isteach) a phróiseáil. D'iarr Ecogreen ar an gCoimisiún féachaint ar bhealaí chun socrú den sórt sin a chur chun feidhme.

(507) Chuir an Coimisiún in iúl nach bhfuil na forálacha sin laistigh dá inniúlachtaí agus laistigh de raon feidhme an imscrúdúcháin seo, atá á rialú ag an mbun-Rialachán. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

9. **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

(508) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán 2018/1046 ([64]), nuair atá méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ba cheart don ús atá le híoc a bheith ag an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a fhoilsítear i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an chéad lá féilire de gach mí.

(509) Tugadh fógra do gach páirtí leasmhar faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe a raibh sé beartaithe ar a mbonn sin a mholadh go bhforchuirfí na mbeart frithdhumpála cinntitheach. Deonaíodh tréimhse dóibh freisin chun uiríll a dhéanamh tar éis dóibh an nochtadh sin a dhéanamh.

(510) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid shailleacha dar fad slabhra carbóin C6, C8, C10, C12, C14, C16 nó C18, dar luach iaidín faoi bhun 105 g/100 g agus dar cóimheas idir saoraigéid shailleacha agus tríghlicrídí (méid scoilte – DoS) 97 % ar a laghad, lena n-áirítear:

— aigéad sailleach singil (dá ngairtear 'gearradh glan' freisin); agus

— cumaisc ina bhfuil meascán de dhá cheann nó níos mó d'fhaid slabhra carbóin,

([62]) Rialachán (AE) 2021/2283 ón gComhairle an 20 Nollaig 2021 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013, IO L 458, 22.12.2021, lch. 33.

([63]) Rialachán (AE) 2022/972 ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2283 lena n-osclaítear taraif-chuótaí uathrialacha an Aontais do tháirgí áirithe talmhaíochta agus tionsclaíocha, IO L 167, 24.6.2022, lch. 10.

([64]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

seachas aigéad sailleach arna dheimhniú ag scéim dheonach ([65]) le haghaidh táirgeadh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise inbhuanaithe arna sainaithint ag an gCoimisiún Eorpach de bhun Airteagal 30(4), nó ag scéim deimhniúcháin náisiúnta a bunaíodh de bhun Airteagal 30(6) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 2915 70 40, ex 2915 70 50, ex 2915 90 30, ex 2915 90 70, ex 2916 15 00, ex 3823 11 00, ex 3823 12 00, ex 3823 19 10 agus ex 3823 19 90 (cóid TARIC: 2915 70 40 95, 2915 70 50 10, 2915 90 30 95, 2915 90 70 95, 2916 15 00 10, 3823 11 00 20, 3823 11 00 70, 3823 12 00 20, 3823 12 00 70, 3823 19 10 30, 3823 19 10 70, 3823 19 90 70 agus 3823 19 90 95) agus ar de thionscnamh na hIndinéise iad.

2. Is mar a leanas a bheidh rátaí cinntitheacha na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a shonraítear i mír 1 agus a tháirgeann na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach	Cód breise TARIC
P.T. Musim Mas	46,4 %	C880
P.T. Wilmar Nabati Indonesia	15,2 %	C881
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear in Iarscríbhinn	26,6 %	Féach an Iarscríbhinn
Gach cuideachta eile	46,4 %	C999

3. Beidh cur i bhfeidhm na rátaí dleachta aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: '*Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go ndearna (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) (méid) den (táirge lena mbaineann), a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach, rud a chumhdaítear leis an sonrasc seo, a mhonarú sa tír seo: [an tír lena mbaineann]. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé sa sonrasc seo iomlán agus ceart.*' Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. I gcásanna ina ndearnadh damáiste d'earraí roimh theacht i saorchúrsaíocht dóibh agus, dá bhrí sin, go ndéantar an praghas iarbhír a íocadh nó an praghas atá iníoctha a chionroinnt chun an luach custaim a chinneadh de bhun Airteagal 131(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ([66]) ón gCoimisiún, déanfar céatadán ar leith a chomhfhreagraíonn do chionroinnt an phraghais iarbhír a íocadh nó an phraghais atá iníoctha a bhaint de mhéid na dleachta frithdhumpála, arna ríomh ar bhonn na méideanna a shocraítear thuas.

5. Mura sonraítear a mhalairt, na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim, beidh feidhm ag na forálacha sin.

Airteagal 2

I gcás ina gcuireann táirgeoir onnmhairiúcháin nua ón Indinéis fianaise leordhóthanach ar fáil don Choimisiún, féadfar an Iarscríbhinn a leasú ach an táirgeoir onnmhairiúcháin nua sin a chur le liosta na gcuideachtaí comhoibríocha nach n-áirítear sa sampla agus atá, dá bhrí sin, faoi réir an mheánráta dleachta ualaithe frithdhumpála iomchuí, is é sin 26,6 %. Tabharfaidh táirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise maidir leis an méid seo a leanas:

(a) ní dhearna sé na hearraí de thionscnamh na hIndinéise a shonraítear in Airteagal 1(1) a onnmhairiú le linn na tréimhse imscrúdúcháin (an 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 30 Meán Fómhair 2021);

(b) níl sé comhlachaithe le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na mbeart a fhorchuirtear leis an Rialachán seo; agus

(c) d'onnmhairigh sé iarbhír na hearraí a shonraítear in Airteagal 1(1) de thionscnamh na hIndinéise, sin nó tá oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid suntasach díobh a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

([65]) Tá liosta na scéimeanna deonacha a n-aithníonn an Coimisiún iad ar fáil ag: https://energy.ec.europa.eu/topics/renewable-energy/bioenergy/voluntary-schemes_en

([66]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 18 Eanáir 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid na hIndinéise nár sampláladh:

Ainm	Cód breise TARIC
P.T. Nubika Jaya P.T. Permata Hijau Palm Oleo	C882
P.T. Unilever Oleochemical Indonesia	C883
P.T. Soci Mas P.T. Energi Sejahtera Mas	C884
P.T. Ecogreen Oleochemicals	C885
P.T. Apical Kao Chemicals P.T. Sari Dumai Sejati P.T. Kutai Refinery Nusantara P.T. Sari Dumai Oleo P.T. Padang Raya Cakrawala P.T. Asianagro Agung Jaya	C886
P.T. Domas Agrointi Prima	C887